Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**15088/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0426(COD)**

**ENER 560**
**ENV 1012**
**TRANS 757**
**ECOFIN 1253**
**RECH 567**
**CODEC 1660**
**IA 208**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 802 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 802 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 802 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2021
COM(2021) 802 final

2021/0426 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 430 final} - {SWD(2021) 453 final} - {SWD(2021) 454 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ('an Treoir maidir le FFF') ina chuid de phacáiste 'Oiriúnach do 55' Chlár Oibre 2021 an Choimisiúin agus tá sé ina chomhlánú ar na codanna eile den phacáiste a moladh i mí Iúil 2021[1], lena leagtar amach an fhís maidir le stoc foirgneamh atá saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050. Mar a tugadh le fios cheana sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide[2], is príomhionstraim reachtach é chun cuspóirí dícharbónúcháin 2030 agus 2050 a bhaint amach. Obair leantach atá ann ar phríomhchodanna de thrí réimse fócais[3] na Straitéise Rabharta Athchóiriúcháin[4], lena n-áirítear an beartú i dtaca le híoschaighdeáin éigeantacha maidir le feidhmíocht fuinnimh a mholadh, rud a dhéanfaí tar éis measúnú tionchair ina mbreathnófaí ar a raon feidhme, ar a n-amlíne, ar a gcéimniú isteach agus ar na beartais tacaíochta a ghabhann leo. I bhfianaise an ghá atá le próisis iomchuí chomhairliúcháin agus measúnaithe tionchair, ní fhéadfaí tabhairt faoin athbhreithniú a beartaíodh go dtí tamall beag tar éis an chéad tacar de thionscnaimh 'Oiriúnach do 55' a glacadh i mí Iúil 2021.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an togra toisc gur i ndáil le foirgnimh a chaitear 40 % den fhuinneamh a thomhlaítear, agus gur de bharr na bhfoirgneamh a scaoiltear 36 % de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa, idir dhíreach agus indíreach, a bhaineann le fuinneamh. San Aontas Eorpach, is san earnáil téimh agus fuaraithe agus ar théamh uisce tí a chaitear 80 % den fhuinneamh a thomhlaítear i dtithe cónaithe. Chun an Eoraip a dhéanamh níos athléimní, ní mór foirgnimh de chuid an Aontais a athchóiriú, agus ar an gcaoi sin iad a dhéanamh níos fuinneamhéifeachtúla agus níos neamhspleáiche ar bhreoslaí iontaise. Tá príomhthábhacht leis an athchóiriú maidir le laghdú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a thomhlaítear i bhfoirgnimh, maidir leis an leibhéal astaíochta a ísliú agus le billí fuinnimh a laghdú. Thairis sin, leis an athchóiriú, gintear poist áitiúla agus cuirtear fás faoin ngeilleagar. Ós rud é go dteastaíonn réamhthréimhse fhada chun athruithe a spreagadh in earnáil na foirgníochta, tá gá le hathbhreithniú tráthúil ar an Treoir chun tacú le comhlíonadh chuspóirí an phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

### 1.1. Idirghníomhú eilimintí an phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus go háirithe an CTA nua

Is éard atá sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' sraith de thograí idirnasctha a bhfuil anailís ar mheasúnú tionchair ag tacú leo lena gcuirtear an méid sin san áireamh. Léirigh an anailís[5] go dtiocfadh ualaí eacnamaíocha arda, ualaí nach mbeadh aon ghá leo, de dheasca róspleáchas ar bheartais rialála neartaithe, agus nár leor an phraghsáil carbóin aisti féin chun clistí leanúnacha margaidh agus bacainní neamheacnamaíocha a shárú. Dá bhrí sin, sa mheascán beartais a roghnaíodh, tá cothromaíocht chúramach idir praghsáil, spriocanna, caighdeáin agus bearta tacaíochta. Is faoin gcreat céanna a leagadh amach an t-athbhreithniú atá beartaithe ar

---

1 https://ec.europa.eu/clima/news-your-voice/news/delivering-european-green-deal-2021-07-14_en

2 Climate Target Plan: Stepping up Europe's 2030 climate ambition - Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Plean um Sprioc Aeráide: Ag cur le huaillmhian 2030 na hEorpa don aeráid – Infheistiú i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas ár bpobail] (COM/2020/562 final).

3 Dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus le saincheist na bhfoirgneamh is measa feidhmíocht; réimse na bhfoirgneamh poiblí agus an bhonneagair shóisialta ar thús cadhnaíochta; dícharbónú na hearnála téimh agus fuaraithe.

4 Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip - ár bhfoirgnimh a ghlasú, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú

5 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0550&from=EN

an Treoir maidir le FFF. Dá thoradh sin, dá dtagadh aon athrú ar an gcothromaíocht sa mheascán iomlán, ba ghá codanna éagsúla den bheartas a choigeartú. Dá dtagadh lagú ar bhearta bunaithe ar phraghsáil agus ar spriocanna ar bearta iad atá dírithe ar earnáil na foirgníochta a dhícharbónú, ba ghá le bearta rialála níos déine, a d'fhreagródh don lagú sin, san athbhreithniú ar an Treoir maidir le FFF, go háirithe maidir le céimniú amach na mbreoslaí iontaise agus maidir le híoschaighdeáin éigeantacha feidhmíochta fuinnimh.

Léirigh measúnuithe tionchair ábhartha an Choimisiúin gur lú cinnteacht a bheadh ann go mbainfí amach na spriocanna, agus gur chostasaí iad a bhaint amach, in éagmais praghaschomhartha carbóin i ndáil le breoslaí téimh, amhail an córas trádála astaíochtaí (CTA) nua le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar. Is fearr a oibríonn sé sin má dhéantar é in éineacht le bearta rialála AE agus le bearta comhlántacha ar an leibhéal náisiúnta, bearta a bhfuiltear ag tabhairt dreasacht dóibh tríd an uaillmhian mhéadaithe atá beartaithe le haghaidh an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill, na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

Leis an CTA nua cruthaítear dreasachtaí eacnamaíocha chun foirgnimh a dhícharbónú agus gintear ioncam le haghaidh tacaíocht phoiblí, agus é sin dírithe go háirithe ar thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha. Tugtar aghaidh leis an Treoir athbhreithnithe maidir le FFF ar na bacainní neamheacnamaíocha atá roimh an athchóiriú[6]. Cruthaítear leis creat cumasúcháin chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil le haghaidh an athchóirithe agus é sin a dhéanamh gan na cistí riachtanacha a shlógadh go díreach. Le Treoir athbhreithnithe maidir le FFF d'fhéadfaí rannchuidiú go mór le comhlíonadh chuspóirí 2030. Léirítear sa Mheasúnú Tionchair ar an Treoir maidir le FFF[7], gurb é mar a bheadh, in éagmais Treorach athbhreithnithe, gurbh ísle de leath, nó faoin tuairim sin, an laghdú foriomlán ar astaíochtaí ná an laghdú is gá in earnáil na bhfoirgneamh cónaithe agus seirbhísí chun go mbainfí amach sprioc 2030.

Gan na hathbhreithnithe sin, bheadh gá le tuilleadh beart ar leibhéal na mBallstát chun an bhearna sin a chúiteamh ach, i gcás aon éiginnteachta faoina n-éifeachtúlacht, faoina dtráthúlacht agus faoina gcomhsheasmhacht le cuspóir 2050 an dícharbónaithe atá cumhdaithe sa Dlí Eorpach maidir leis an Aeráid[8], bhainfí de ghéire na ndreasachtaí lena ndírítear ar dhlús mór a chur faoi ráta athchóiriúcháin. In éagmais bearta neartaithe rialála AE nó náisiúnta lena gcuirfí dlús leis an ráta athchóiriúcháin, ba ghá go mbeadh an praghas carbóin níos airde[9] agus, i ndeireadh na mbeart, ní thabharfaí aghaidh ar na bacainní neamheacnamaíocha atá roimh an athchóiriú.

Sa chaibidlíocht a dhéanfar chun teacht ar chomhaontú maidir le creat comhtháite láidir ionas go gcomhlíonfar spriocanna 2030 agus 2050 an Aontais maidir le foirgníocht, is tábhachtach an chomhsheasmhacht a chaomhnú idir na forálacha den phacáiste ar forálacha iad a bhaineann leis an bhfoirgníocht.

---

6 An t-athchóiriú a dhíriú ar na foirgnimh is mó poitéinseal agus is airde bacainní struchtúracha ó thaobh col riosca, dreasachtaí deighilte agus struchtúir chomhúinéireachta agus agus spreagadh a thabhairt maidir leis na hathchóirithe is doimhne agus is coimpléascaí.

7 SWD (2021) 453, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, a ghabhann leis an doiciméad, Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)

8 Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('an Dlí Aeráide Eorpach') (https://data.consilium.europa.eu/doc/document/PE-27-2021-INIT/ga/pdf)

9 Féach an cás MIX-CP [an cás ina dtugtar breis tábhachta d'eilimint an phraghais carbóin sa mheascán beartais] atá ina bhonn taca faoin Measúnú Tionchair ar CTA: https://ec.europa.eu/energy/data-analysis/energy-modelling/policy-scenarios-delivering-european-green-deal_en

1.2. Saincheisteanna maidir le leochaileacht, leis an inacmhainneacht agus leis an mbochtaineacht fuinnimh

Íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a thabhairt isteach chun an t-athrú a spreagadh is gá a dhéanamh ar an earnáil, tá sé sin ar phríomhrudaí nua an athbhreithnithe. Tá dhá thionchar dhearfacha eacnamaíocha ag baint le hathchóiriú foirgneamh, tionchair a aithnítear go forleathan: 1. laghdaíonn sé na costais fuinnimh, maolaíonn sé an bhochtaineacht fuinnimh, agus 2. ardaíonn sé luach na bhfoirgneamh trí mhéadú a bhfeidhmíochta fuinnimh. Ar na tairbhí eile a thagann de, tá an feabhsú ar an gcáilíocht saoil agus giorrú na meántréimhse a mbíonn foirgnimh folamh.

I gcomhthéacs praghsanna arda ar fhuinneamh, is mó arís is ábhartha tairbhe na mbillí ísle fuinnimh. Daoine a bhfuil cónaí orthu sna foirgnimh is measa feidhmíocht agus iad siúd atá i mbaol ón mbochtaineacht fuinnimh, bhainfidís sin tairbhe as foirgnimh athchóirithe agus as foirgnimh níos fearr agus as costais laghdaithe fuinnimh, agus bheadh sraith chosanta acu ar bhreis méadaithe ar phraghas an mhargaidh agus ar luaineacht an phraghais sin.

Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh cathú ar thiarnaí talún costais an athchóirithe a leagan ar a gcuid tionóntaí mar dhóigh lena n-infheistíocht tosaigh a chlúdach. Ina theannta sin, maidir le díriú níos géire ar aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sna foirgnimh is measa feidhmíocht atá ann faoi láthair, d'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh air sin go laghdófaí a thuilleadh a bpraghsanna in idirbhearta margaidh, fiú amháin agus go bhfuil comhchoibhneas áirithe, faoi láthair, idir na haicmí feidhmíochta fuinnimh agus an luach.

Rinneadh na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-AE a dhearadh go cúramach ionas go maolóidís aon éifeachtaí diúltacha sóisialta féideartha agus go n-uasmhéadóidís na tairbhí sóisialta a thiocfadh dóibh, go háirithe a mhéid a bhaineann le feabhas chur ar na dálaí maireachtála sna foirgnimh is measa feidhmíocht agus le maolú na bochtaineachta fuinnimh, nó lena leigheas fiú. Beidh sé de cheanglas ar na Ballstáit tacú le comhlíonadh na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh trí chreat tacaíochta leordhóthanach lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, cúnamh teicniúil, bacainní a bhaint agus faireachán a dhéanamh ar na tionchair shóisialta, go háirithe na tionchair ar na daoine is leochailí.

Sna pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh, tabharfar aird ar fhaireachán a dhéanamh ar an laghdú ar líon na ndaoine a bhfuil bochtaineacht fuinnimh ag gabháil dóibh agus ar an líon den daonra a chónaíonn i dtithíocht neamhleormhaith (e.g. ina bhfuil sileadh as ballaí nó as díon) nó a bhfuil dálaí neamhleormhaithe i dtaca le compord teirmeach ag cur as dóibh. Beidh sna pleananna sin forléargas ar na beartais náisiúnta agus ar na bearta náisiúnta lena gcumhachtaítear agus lena gcosnaítear teaghlaigh leochaileacha, lena laghdaítear an bhochtaineacht fuinnimh agus lena gcinntítear go bhfuil an tithíocht inacmhainne ag daoine.

Na bearta atá sa togra seo, tá siad comhleanúnach leis na beartas agus leis na bearta atá in ionstraimí uile an Aontais a thacaíonn leis an aistriú a dhéanamh go cóir ó thaobh na gné sóisialta de. Áirítear orthu sin tuairisciú i dtaca leis an dul chun cinn ó thaobh na cuspóirí náisiúnta táscacha maidir le líon na dteaghlach atá i mbochtaineacht fuinnimh a laghdú faoi na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus i dtaca leis na hinfheistíochtaí atá beartaithe chun éifeachtaí dáileacháin a mhaolú agus chun réitigh struchtúracha a chur chun cinn – go háirithe athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh lena n-áirítear bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh nó comhtháthú an táirgthe fuinnimh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, dícharbónú a gcóras téimh agus fuaraithe – chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú i gcomhréir leis na Pleananna Aeráide Sóisialta, mar aon le leis an Mol Comhairleach um Bochtaineacht Fuinnimh, a thacaíonn le hiarrachtaí na mBallstát an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus faireachán a dhéanamh uirthi.

## 1.3. Infhaighteacht maoinithe, cistí AE agus bearta náisiúnta tacaíochta

Is maith a rinneadh an togra a chomhordú le hionstraimí ábhartha eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le cistí AE agus le cistí náisiúnta. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag spreagadh infheistíochtaí suntasacha san athchóiriú foirgneamh a bhuí leis na comhpháirteanna suaitheanta láidre 'Athchóiriú' atá sna pleananna náisiúnta uile téarnaimh agus athléimneachta. Leanfaidh sé sin ar aghaidh idir seo agus 2025-2026, agus leis sin beifear ag réiteach an bhealaigh d'fheabhsuithe arna gcur faoi shiúl ag an Treoir maidir le FFF.

Faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha ('CAI'), tá cistí AE le fáil maidir le cláir éagsúla, inar sainaithníodh earnáil na bhfoirgneamh mar thosaíocht: Maidir leis sin de, tá príomhthábhacht ag baint leis na cistí réigiúnacha faoin mBeartas Comhtháthaithe, faoin gCiste um Aistriú Cóir, agus faoi Invest EU. De chomhlánú orthu sin tá an tacaíocht agus an cúnamh teicniúil tiomnaithe a thugann an Coimisiún Eorpach do na riaracháin phoiblí náisiúnta chun éascaíocht a dhéanamh do na hathchóirithe is gá agus do na hullmhúcháin lena gcinnteofar go mbeidh na hinfheistíochtaí éifeachtach.

An ciste nua ata beartaithe, an Ciste Aeráide Sóisialta faoin CTA, dhúnfadh sé an bearna idir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus an t-aistriú ón CAI reatha agus an tréimhse tar éis 2027, agus chuirfeadh sé EUR 72.2 billiún á shlógadh le haghaidh na tréimhse 2025-2032 chun tacú le teaghlaigh, go háirithe leo siúd a bhfuil cónaí orthu sna foirgnimh is measa feidhmíocht. Leis an gCiste sin, chlúdófaí na costais tosaigh agus d'éascófaí do theaghlaigh íseal-ioncaim na híoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh a mholtar sa Treoir maidir le FFF. Na hinfheistíochtaí faoi na Pleananna náisiúnta Aeráide Sóisialta, beidh siad ina gcuid lárnach de na bearta maoinithe atá sna pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh faoin Treoir maidir le FFF.

Chun go n-aicmeofaí athchóiriú foirgnimh mar ghníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe faoi Ghníomh Tarmligthe Tacsanomaíochta AE maidir leis an Athrú Aeráide, ní mór ceann de thrí rud a bheith ag baint leis – coigilteas fuinnimh 30 % a bhaint amach, íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh i gcás athchóirithe móra, nó bearta sonracha aonair a aicmítear mar bhearta inbhuanaithe a bheith ann. Athchóiriú a chomhlíonfadh na híoschaighdeáin feidhmíochta foirgneamh uile-AE atá beartaithe, tá an cineál sin athchóirithe i gcomhréir le critéir na Tacsanomaíochta AE a bhaineann le gníomhaíocht athchóirithe foirgneamh.

Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar an an gcreat ábhartha státchabhrach agus is aidhm dó an creat sin a dhéanamh níos fabhraí dá bhfuil riachtanach le haghaidh an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le FFF agus go háirithe le haghaidh na n-íoschaighdeán feidhmíochta foirgneamh (ÍCFF) uile-AE. Na forálacha maidir le státchabhair a thiocfadh as sin, bheadh an-tábhacht ag baint leis i dtaca le dreasú a chur faoi luathchomhlíonadh na n-íoschaighdeán feidhmíochta foirgneamh a leagtar síos ar leibhéal an Aontais i ndáil le feabhas a chur ar na foirgnimh is measa feidhmíocht.

## 1.4. Cuspóirí an togra

Is iad príomhchuspóirí an athbhreithnithe seo an astaíocht gás ceaptha teasa (GCT) ó fhoirgnimh agus an tomhaltas deiridh fuinnimh i bhfoirgnimh a laghdú faoi 2030 agus fís fhadtéarmach i dtaca le foirgnimh a leagan síos ar mhaithe leis an neodracht aeráide uile-AE a bhaint amach faoi 2050. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, bunaítear an tionscnamh ar roinnt cuspóirí sonracha: ráta agus raon an athchóirithe foirgneamh a mhéadú, feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus faoi inbhuanaitheacht foirgneamh, agus a áirithiú go mbeidh na foirgnimh uile i gcomhréir le ceanglais neodracht

aeráide 2050. An neartú ar thacaíocht airgeadais agus an nua-aoisiú agus an comhtháthú córas, beidh siad sin mar a bheadh luamháin ann i dtaca leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Mar a mhínítear thuas, is é is aidhm don athbhreithniú atá beartaithe tosca brú agus tarraingthe a chothú a thacódh le dícharbónú na bhfoirgneamh i gcomhar leis na dreasachtaí do ghníomhaíocht náisiúnta arna mbunú sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus le tionchair praghsála carbóin an chórais nua trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar[10]. Leis an togra, déantar athbhreithniú ar uirlis reachtach atá ann cheana. Dá réir sin, ní féidir dó dul in ionad aon sprice – ina n-ionad siúd a leagtar síos faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, mar shampla – ach tacaíonn sé le baint amach na spriocanna. Tá an togra i gcomhtharraingt leis an gCóras Trádála Astaíochtaí nua atá beartaithe, arae cothaíonn ceann amháin dícharbónú na mbreoslaí agus na dteicneolaíochtaí téimh agus laghdaítear an tomhaltas fuinnimh leis an gceann eile.

Leis an Treoir maidir le FFF leagfar síos an fhís ghinearálta maidir le foirgnimh, idir chinn atá tógtha agus chinn a thógfar, a mbeidh feidhm aici maidir le forálacha na dtionscnamh eile 'Oiriúnach do 55' a bhaineann leis an bhfoirgníocht[11]. Trí dhlús a chur le gníomhaíochtaí chun an tomhaltas fuinnimh in earnáil na foirgníochta a laghdú, rannchuideoidh an Treoir maidir le FFF le comhlíonadh na spriocanna foriomlána maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh a leagtar amach sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Leis an líon méadaithe athchóirithe arna spreagadh ag an togra le haghaidh Treoir maidir le FFF agus ag na ceanglais maidir le córais téimh a shuiteáil i bhfoirgnimh nua ar córais iad nach nginfidh aon astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus maidir le córais fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú sna foirgnimh sin ionas go mbeidís ina bhfoirgnimh astaíochta nialasaí, beifear in ann sprioc tháscach 2030 maidir leis an sciar d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a bheidh i dtomhaltas deiridh fuinnimh na bhfoirgneamh a bhaint amach i gcomhréir leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Tacóidh an togra le córais nach bhfuil aon astaíochtaí díreacha GCT acu – teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite eile, mar shampla – a chur in ionad coirí neamhéifeachtúla breosla iontaise.

Leis an togra, déanfar uasghrádú ar an mbonneagar príobháideach athluchtaithe i gcarrchlóis foirgneamh agus i gcarrchlóis in aice le foirgnimh, agus ar an gcaoi sin comhlánaítear an Rialachán maidir le Bonneagar le haghaidh Breoslaí Malartacha, arna nuashonrú, lena leagtar síos uaillmhianta níos láidre maidir leis na spriocanna foriomlána, lena n-áirítear na spriocanna maidir le bonneagar poiblí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha. I gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le creat nua an Aontais maidir leis an tsoghluaisteacht uirbeach, cuimsítear ann freisin forálacha chun feabhas a chur ar an mbonneagar páirceála rothar.

Ar an gcaoi chéanna, comhlánaítear leis an togra an reachtaíocht maidir le táirgí, e.g. an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh, rud a dhreasaíonn na tomhaltóirí chun go gceannóidís 'an togha den aicme' de tháirgí agus d'fhearais a bhaineann le fuinneamh agus a úsáidtear i bhfoirgnimh. Oibríonn an Treoir maidir le FFF in éineacht leis an Treoir maidir le

---

[10] Mar a léirítear sa mheasúnú tionchair ábhartha, na paraiméadair le haghaidh an CTA nua maidir le hiompar de bhóthar agus foirgnimh, socraíodh iad ar bhealach atá comhsheasmhach leis an spriocleibhéal éifeachtúlachta fuinnimh sa togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus leis an méadú a mheastar a thiocfaidh ar an ráta athchóirithe de thoradh an togra le haghaidh hathbhreithniú ar an Treoir maidir le FFF, mar a bhí beartaithe san am.

[11] Liosta de na tograí: https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal/delivering-european-green-deal_en#renovating-buildings-for-greener-lifestyles

hÉicidhearthóireacht, treoir ina leagtar síos ceanglais feidhmíochta fuinnimh agus ceanglais feidhmíochta comhshaoil eile maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh, go háirithe táirgí le haghaidh córais theicniúla foirgneamh (e.g. coirí, teaschaidéil nó foinsí solais) agus maidir le trealamh a úsáidtear i bhfoirgnimh (e.g. fearais tí). Is sa Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta a dhéileáiltear le feidhmíocht táirgí foirgníochta agus cuidíonn an togra leis an dul chun cinn leanúnach ionsar an oiriúnú don athrú aeráide, trí bhíthin na bhforálacha maidir le hathléimneacht aeráide na bhfoirgneamh a neartú.

Ar comhtharraingt leis sin, cuideoidh uirlisí faisnéise neartaithe na Treorach maidir le FFF, ar a n-áirítear méadrach carbóin, cuideoidh siad le hinfheisteoirí airgeadais luach a chur ar na tairbhí a thagann as dícharbónú na bhfoirgneamh agus cuideoidh siad le gníomhaithe sa teaghlach nó san earnáil ghnó ionas go bhfeadfaidh siad na tairbhí, a mhéid a bhaineann lena bpleananna aisíocaíochta, a thagann as athchóirithe foirgneamh a chur san áireamh. Tá na gnéithe sin ailínithe freisin le gnéithe foirgníochta na tacsanomaíocht AE le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe[12].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, arb é is bunús dlí le beartas fuinnimh an Aontais. Is é is aidhm do na bearta atá beartaithe 'an tíosacht agus an bharainn ar an bhfuinneamh a chur chun cinn mar aon le forbairt foirmeacha nua, inathnuaite fuinnimh' (Airteagal 194(1)(c) CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

*2.1. An gá le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach*

An beartas fuinnimh, déantar é faoi inniúlacht chomhroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit agus is réimse é de bheartas AE atá seanbhunaithe. Den chuid is mó, léiríonn na hathruithe atá beartaithe sa Treoir maidir le FFF gur gá í a thabhairt cothrom le dáta ionas go gcuirfí san áireamh an uaillmhian mhéadaithe atá ag an Aontas maidir le spriocanna aeráide agus fuinnimh. De bhreis air sin, an measúnú ar thionchar uile-AE na bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, measúnú a d'fhoilsigh an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2020[13], léirigh sé bearna uaillmhéine a mhéid a bhaineann leis an éifeachtúlacht fuinnimh: 2.8 pointe céatadáin i gcás an tomhaltais fuinnimh phríomhúil agus 3.1 pointe céatadáin i gcás an tomhaltais fuinnimh deiridh san Aontas, i gcomparáid leis na spriocanna maidir le 2030 atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá bhrí sin, tá gá le bearta breise ar fud an Aontais sa leagan athbhreithnithe den Treoir maidir le FFF i gcomhréir lena bhforáiltear sa Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh[14].

Bonneagar áitiúil is ea foirgnimh ach, más ea féin, fadhb choiteann ag Ballstát uile an Aontais is ea neamh-leordhóthanacht rátaí agus dhoimhneacht an athchóiriúcháin. Is de chineál neamheacnamaíoch na bunchúiseanna den chuid is mó agus baineann siad le hábhar sna Ballstáit uile. Ach creat coiteann AE a leagan síos maidir le conair an dícharbónaithe foirgneamh agus maidir le ceanglais ghaolmhara agus é sin a dhéanamh ar chaoi a d'fhágfadh gurbh fhéidir oiriúnú d'imthosca náisiúnta, chuirfí ar fáil an chinnteacht a bhfuil gá léi ag na gníomhaithe uile ar fud shlabhra soláthair an athchóirithe agus na tógála, agus chuirfí ar fáil

12 https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/banking-and-finance/sustainable-finance/eu-taxonomy-sustainable-activities_en
13 https://ec.europa.eu/info/news/commission-publishes-assessment-national-energy-climate-plans-2020-sep-17_en
14 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018R1999&from=EN

intuarthacht agus ullmhacht do na geallsealbhóirí uile, idir thionscail, lucht saothair áitiúil agus náisiúnta, infheisteoirí príobháideacha agus institiúidí airgeadais. An taithí a fuarthas roimhe seo ar na straitéisí athchóiriúcháin fadtéarmacha, cuireann sí i dtábhacht nach mór a áirithiú ar bhealach níos fearr go mbeidh an meascán ceart ann de sholúbthacht agus de cheanglais chomhchuibhithe ionas go spreagfar iarrachtaí leordhóthanacha ar fud na mBallstát uile chun spriocanna ar leibhéal an Aontais a bhaint amach.

*2.2. Breisluach an Aontais Eorpaigh*

Le creat coiteann AE neartaithe, cuirfear na dreasachtaí ar fáil ionas, maidir le Ballstáit a bhfuil leibhéil éagsúla uaillmhéine acu, go gcuirfidh na Ballstáit sin dlús, ar bhealach comhordaithe agus ar an scála is gá, leis an aistriú go dtí foirgnimh a bheidh níos fuinneamhéifeachtúla agus níos feidhmiúla ó thaobh fuinnimh.

Le comharthaí rialála, ach iad a bheith láidir go leor – agus iad dírithe ar an stoc atá ann cheana agus ar fhoirgnimh nua – spreagfar infheistíochtaí in athchóiriú foirgneamh, cruthófar poist, spreagfar nuálaíocht, méadófar tairbhí an mhargaidh inmheánaigh i gcás táirgí agus fearais foirgníochta agus beidh tionchar dearfach acu ar iomaíochas éiceachóras na foirgníochta agus na n-earnálacha gaolmhara. Leis an méid sin, mar aon le 'teanga chomhroinnte' threisithe maidir le comhchaighdeáin agus le rochtain ar fhaisnéis, áiritheofar freisin go laghdóidh earnáil na bhfoirgneamh a hastaíochtaí GCT ar an mbealach is costéifeachtaí, e.g. trí bharainneachtaí scála.

Rudaí iad foirgnimh nach n-aistríonn thar theorainneacha, ach maidir le maoiniú a bhaineann le foirgnimh agus maidir leis na teicneolaíochtaí agus leis na réitigh a shuiteáiltear i bhfoirgnimh, idir insliú, theaschaidéil, ghloiniú éifeachtúil nó phainéil fhótavoltacha, is nithe iad sin is féidir a aistriú thar theorainneacha. Mar thoradh ar ghníomhaíocht an Aontais, déantar nua-aoisiú ar rialacháin náisiúnta in earnáil na foirgníochta chun na cuspóirí dícharbónúcháin a bhaint amach agus, leis sin, osclaítear margaí níos leithne ar fud an domhain le haghaidh táirgí nuálacha agus fágtar gurb indéanta costais a laghdú an uair is mó a mbeidh gá leis sin, agus gur féidir don fhás tionsclaíoch tarlú.

Mar phointe deiridh, an ghníomhaíocht AE tríd an Treoir athbhreithnithe maidir le FFF, tagann an iomad tairbhí di, tairbhí ar nós feabhas ar sláinte agus ar fholláine na saoránach, mar shampla, agus cruthú post áitiúil lena dtacaítear leis an téarnamh, laghdú ar an mbochtaineacht fuinnimh, cuimsiú sóisialta, feabhsú dálaí maireachtála, laghdú na hastaíochta gás ceaptha teasa, an athléimneacht aeráide agus laghdú an tomhaltais fuinnimh agus an chostais fuinnimh. Chomh maith leis sin, tá sí i gcomhréir leis an tionscnamh Bauhaus Eorpach nua[15], tionscnamh lena ndírítear ar bhuanaitheacht na bhfoirgneamh agus na timpeallachta foirgnithe a thabhairt i gcumasc leis an dea-cháilíocht saoil agus leis an gcuimsiú sóisialta.

- **Comhréireacht**

Meastar gur comhréireach na bearta atá curtha san áireamh sa togra reachtach agus meastar go gcuireann siad breis, an oiread is féidir, ar dhearadh bhun-Treoir 2002 agus na leasuithe a rinneadh uirthi in 2010 agus 2018. Mar a shonraítear i roinn 3 thíos, tugadh aghaidh ar na hábhair imní a chuir an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála in iúl ina thuairimí diúltacha maidir le comhréireacht agus leibhéal comhchuibhithe AE na rogha tosaíochta a sainaithníodh sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis seo, agus is é mar a tugadh aghaidh orthu sin gur

[15] https://europa.eu/new-european-bauhaus/system/files/2021-09/COM%282021%29_573_EN_ACT.pdf

modhnaíodh an togra chun a áirithiú go n-urramófar prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

- **An rogha ionstraime**

Tá leasuithe substainteacha ar an Treoir maidir le FFF i gceist leis an togra, Treoir a leasaíodh cheana in 2018[16]. Dá bhrí sin, is togra é le haghaidh athmhúnlú na Treorach atá ann faoi láthair, i gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin faoi mhír 46 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[17]. Tiocfaidh an gníomh dlí nua in ionad Threoir 2010/31/AE, agus aisghairfear an Treoir sin leis an ngníomh dlí nua.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh meastóireacht ar an Treoir maidir le FFF in 2016[18]. Na bearta a d'eascair as an athbhreithniú deireanach ar an Treoir maidir le FFF (2018), rinneadh iad a thrasuí le déanaí (2020), rud a d'fhág nárbh fhéidir sonraí leordhóthanacha a bhailiú maidir lena dtionchar chun gurbh ábhartha meastóireacht nua a dhéanamh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Baineadh úsáid as modhanna comhlántacha chun gurbh fhéidir próiseas cuimsitheach comhairliúcháin a bheith ann a chuirfeadh ar chumas na bpáirtithe leasmhara go léir a dtuairimí a thabhairt.

– An 22 Feabhra 2021, foilsíodh Measúnú ar Thionchar Tionscanta (Treochlár) ar an tairseach Cloisim Uait!, tairseach de chuid an Choimisiúin. Bhí sé oscailte le haghaidh aiseolas a fháil ar feadh 4 seachtaine agus fuarthas 243 freagra;

– Rinneadh comhairliúchán poiblí, bunaithe ar cheistneoir struchtúrtha ar líne san uirlis 'EU Survey' ['Suirbhé AE'] agus i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, comhairliúchán a foilsíodh ar an tairseach Cloisimis Uait! ar an 30 Márta 2021 agus a bhí ar oscailt go ceann 12 sheachtain. Chuimsigh sé raon feidhme, cineál agus dearadh na roghanna beartais féideartha, bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha agus ar cheisteanna oscailte. Dála an Treochláir, bhí sé oscailte do chách. Fuarthas 535 fhreagra. Comhlachais ghnó agus cuideachtaí ba ea formhór na rannpháirtithe (52 %), agus ba shaoránaigh den Aontas an chéad scair eile ba mhó (15 %), agus ina dhiaidh sin eagraíochtaí neamhrialtasacha (12 %) agus údaráis phoiblí áitiúla agus náisiúnta (7 %).

– Eagraíodh cúig cheardlann thiomnaithe, spriocdhírithe idir an 31 Márta 2021 agus an 3 Meitheamh 2021. Eagraíodh na himeachtaí sin de réir téamaí chun aghaidh a thabhairt ar réimsí sonracha le haghaidh roghanna beartais, maidir le 'Fís a shocrú maidir le foirgnimh agus maidir le stoc foirgneamh dícharbónaithe', 'Íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgnimh atá ann', 'Uirlisí faisnéise foirgneamh a neartú (le fócas ar dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh)', 'An t-aistriú glas agus

16 In 2018, le Treoir (AE) 2018/844
17 IO L 123, 12.5.2016, lch.1.
18 COM(2016) 765 final https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/swd-2016-408-final_en_0.pdf

digiteach a chothú' agus 'Maoiniú inrochtana agus inacmhainne – an bhochtaineacht fuinnimh'. Ar an meán, ghlac níos mó ná 200 rannpháirtí páirt i ngach ceardlann.

– Rinneadh breis *engagement* leis na páirtithe leasmhara ar bhonn *ad hoc*.

Chuir an Coimisiún na toscaireachtaí náisiúnta agus riaracháin ar an eolas freisin agus bhailigh sé a dtuairimí ag cruinnithe de chuid na Meithle um Fhuinneamh, an Choiste um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus ag na cruinnithe iomlánach um an nGníomhaíocht Chomhbheartaithe.

*3.1. Achoimre ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara*

Chuir formhór mór na bhfreagróirí sa chomhairliúchán poiblí in iúl go bhfuil siad i bhfách le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh (bhí 75 % de na freagróirí ina bhfabhar). Chuir 61 % de na rannpháirtithe in iúl gur cheart forálacha na Treorach maidir le FFF maidir leis na Straitéisí Athchóiriúcháin Fadtéarmacha a mhodhnú agus thacaigh 89 % leis an rogha faoina neartófaí an faireachán ar chuspóirí arna sainaithint ag na Ballstáit ina Straitéisí Athchóiriúcháin Fadtéarmacha. Bhí 84 % i bhfabhar foirgnimh saor ó astaíochtaí a shainiú sa Treoir maidir le FFF. Bhí 73 % de na freagróirí den tuairim go bhféadfadh an Treoir maidir le FFF rannchuidiú raon níos leithne sonraí feidhmíochta fuinnimh a bhaineann le foirgnimh a chur ar fáil agus a dhéanamh inrochtana. Is gá na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta agus is gá an cháilíocht a fheabhsú, dar le tromlach soiléir (65 %) agus, bhí tromlach is láidre arís (76 %) i bhfabhar comhchuibhiú a dhéanamh ar an deimhnithe feidhmíochta fuinnimh.

Bhí os cionn dhá thrian de na freagróirí (68 %) i bhfabhar bearta a chur sa Treoir maidir le FFF i dtaca le tuairisciú a dhéanamh faoi astaíochtaí carbóin ar feadh na saolré iomláine (monarú agus foirgniú, úsáid agus deireadh ré). Maidir leis an leictrea-shoghluaisteacht, chuir na freagróirí in iúl, ar an mórgóir, go dtacóidís le neartú na gceanglas. Bhí os cionn trí cheathrú (77 %) i bhfabhar nasc a chruthú idir tacaíocht mhaoinithe d'athchóiriú agus doimhneacht an athchóirithe agus bhí 68 % den tuairim gur thairbheach an rud sainmhíniú dlíthiúil a thabhairt ar 'athchóiriú domhain'. Mar phointe deiridh, maidir le maoiniú, ba é an dearcadh ginearálta a cuireadh in iúl – sna ceardlanna, freisin – gur cheart rochtain níos fearr a bheith ar mhaoiniú, trí bhíthin cumasc de dheontais dhíreacha, dreasachtaí cánach, morgáistí éifeachtúlachta fuinnimh agus cineálacha eile sásraí dreasachta, agus gur cheart forálacha maidir le rochtain ar ionaid ilfhreastail a bheith ag gabháil leis. Tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a thabhairt do theaghlaigh ísealioncaim agus meánioncaim, aithníodh gurb é sin an beart beartais is tábhachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh.

Sna ceardlanna beartais, bhíothas ar aon tuairim leis an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an treo foriomlán agus fuarthas léargais bhreise úsáideacha sna ceardlanna sin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuireann an togra breis ar a ndearnadh le meastóireacht 2016 agus ar na sonraí agus ar an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme na Treorach maidir le FFF. Thug an tAirmheán Comhpháirteach Taighde tacaíocht maidir le hanailís agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh agus ar chleachtais náisiúnta. Trí Thionscnamh Comhbheartaithe na Treorach maidir le FFF, cuireadh ar fáil anailís ar an taithí a fuarthas ar an leibhéal náisiúnta agus an Treoir maidir le FFF á cur chun feidhme. Ina theannta sin, braitheann an Coimisiún ar an gcorpas taighde eimpírigh phiarmheasúnaithe, corpas atá ag dul i méid, agus baineann sé leas as roinnt conarthaí tacaíochta, conarthaí a cuireadh i gcrích le déanaí nó atá fós ag dul ar aghaidh.

Tugadh tacaíocht, trí bhíthin conradh sonrach um thacaíocht theicniúil, don mheasúnú cainníochtúil agus cáilíochtúil ar thionchair agus ar chostais riaracháin agus don anailís ar an ionchur ó pháirtithe leasmhara[19]. An anailís a rinneadh laistigh den chonradh sin, rinneadh í trí úsáid a bhaint as sraith d'uirlisí samhaltaithe lenar léiríodh an stoc foirgneamh agus na tionchair leathana maicreacnamaíocha agus sóisialta. Na príomhstaitisticí agus na príomhshonraí a úsáideadh, agus a úsáideadh freisin mar inneachar an tacair sonraí is bunús leis na samhlacha a úsáideadh, tagraíonn siad do tháscairí na Faireachlainne um Stoc Foirgneamh agus do tháscairí EUROSTAT. Rinneadh measúnú freisin ar na torthaí ó roinnt tionscadal taighde agus nuálaíochta atá ar siúl faoi láthair agus a maoiníodh faoin gclár Fís 2020 agus cuireadh na torthaí sin ar fáil mar ionchur le haghaidh na hanailíse.

Baintear tairbhe sa togra seo freisin as an bhfianaise a bailíodh sa mheasúnú tionchair a rinneadh ar an bPlean um Sprioc Aeráide 2030, agus as fianaise ábhartha a tiomsaíodh i dtionscnaimh eile faoin gComhaontú Glas. Amhail tograí eile sa phacáiste beartais 'Oiriúnach do 55', cuirtear san áireamh, sa bhunlíne le haghaidh an mheasúnaithe, an Cás Tagartha AE nuashonraithe, arb é atá ann réamh-mheastachán ar éabhlóidiú chórais fuinnimh an AE agus na gcóras náisiúnta fuinnimh agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin gcreat beartais atá ann faoi láthair, agus ina gcuirtear san áireamh na tionchair ó COVID-19.

- **Measúnú tionchair**

Dearbhaíodh san anailís sa mheasúnú tionchair nach leor creat na Treorach maidir le FFF chun cuspóirí aeráide 2030 a bhaint amach. Go háirithe, níl aon bheart sonrach i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamheacnamaíocha a chuireann srian ar athchóiriú fuinnimh foirgneamh.

Cuireadh an dréachtmheasúnú tionchair faoi bhráid Bhord um Ghrinnscrúdú Rialála an Choimisiún, faoi dhó. Tar éis tuairim dhiúltach a thabhairt an chéad uair, d'eisigh an Bord an dara tuairim dhiúltach[20], tuairim chríochnaitheach, inar leagadh béim ar an ngá atá le treoir pholaitiúil maidir le cé acu a d'fhéadfaí dul ar aghaidh leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le FFF, nó nach bhféadfaí, agus i gcás inarb ábhartha, treoir maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfaí dul ar aghaidh leis. Mhínigh an Bord gur chloígh sé lena thuairim dhiúltach ós rud é (1) nár sainaithníodh go soiléir sa dréacht-mheasúnú tionchair an bhearna bhreise a bheadh le líonadh leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le FFF i bhfianaise an chuid eile de na tograí 'Oiriúnach do 55'; (2) nár taispeánadh ar bhealach a rachadh i gcion air, go bhfuil gá le bearta comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais i bhfianaise ilchineálacht na hearnála foirgníochta sna Ballstáit; agus (3) nár soiléiríodh go leormhaith an chúis ar roghnaíodh na comhpháirteanna aonair a cuireadh sa phacáiste roghanna beartais a roghnaíodh mar rogha thosaíochta.

De bhíthin modhanna oibre an Choimisiúin Eorpaigh, tugtar de chumhacht don Leas-Uachtarán um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Fhadbhreathnaitheacht a fhormheas go leanfar de thionscnamh a bhí faoi réir an dara tuairim dhiúltach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála.

Mar gheall ar an tábhacht pholaitiúil a bhaineann leis an tionscnamh seo, mar gheall ar a ról laistigh de phacáiste 'Oiriúnach do 55' mhí Iúil 2021, mar gheall ar an bpráinn a bhaineann le

---

19 Cúnamh teicniúil i ndáil le forbairt agus cur chun feidhme beartais maidir le beartas agus athchóiriú foirgneamh Tacaíocht i ndáil leis an measúnú tionchair ex-ante agus leis an athbhreithniú ar Threoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, Iarratas Seirbhíse 2020/28 – ENER/CV/FV2020-608/07; AS um Ghníomhú ar son na hAeráide CLIMA.A4/FRA/2019/0011.

20 https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/

gníomhaíocht i réimse an athchóirithe foirgneamh agus toisc go bhféadfaí freastal go sásúil sa togra dlí oiriúnaithe ar an ngá atá le treoir bheartais, gá a chuir an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála in iúl, mheas an Coimisiún mar gheall air sin uile, agus freisin i bhfianaise an chomhaontaithe ón Leas-Uachtarán um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Fhadbhreathnaitheacht, gur thráthúil leanúint ar aghaidh leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le FFF.

I dtaca le fionnachtana an Bhoird maidir leis an easpa soiléireachta faoi ról na Treorach maidir le FFF laistigh den phacáiste 'Oiriúnach do 55', measann an Coimisiún gur léiriú iad na fionnachtana sin ar mheas an Bhoird ar cháilíocht an dréachtmheasúnaithe tionchair seachas léiriú imní bunúsaí faoin mheascán beartais foriomlán an phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Is tábhachtach a aibhsiú freisin gurb é atá i dtuairimí an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála measúnú ar cháilíocht an dréacht-mheasúnaithe tionchair seachas measúnú ar na tograí reachtacha gaolmhara. Míníodh, sna ranna roimhe seo den mheabhrán míniúcháin seo, an t-idirghníomhú idir bearta rialála, sásraí praghsála agus spriocanna. An t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le FFF, leagtar é sin amach ar an gcaoi chéanna inar leagadh amach gach togra eile den phacáiste 'Oiriúnach do 55', tograí a raibh mar thaca leo measúnuithe tionchair aonair a ndearna an Bord fionnachtana dearfacha maidir leo.

Bhreathnaigh an Coimisiún go cúramach tuairim an Bhoird nár cuireadh i láthair, sa dréacht-tuarascáil ar an measúnú tionchair, fianaise sách láidir mar thaca leis an tsraith beart beartais ar féachadh orthu mar an rogha thosaíochta, go háirithe maidir leis an méid comhchuibhithe AE a bheartaítear mar chuid díobh. I bhfianaise an mhéid sin, chlaon an Coimisiún ón rogha a luaitear sa dréacht-mheasúnú tionchair chun rud eile a thabhairt isteach, eadhon na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh (ÍCFF) maidir le cineálacha áirithe foirgneamh a dhianú ar bhealach céimneach agus faoi cheangal ama, sin agus oibleagáid a chur ar na Ballstáit ÍCFFanna náisiúnta a thabhairt isteach maidir le gach cineál eile foirgneamh. Anois, tá sé beartaithe na híoschaighdeáin náisiúnta feidhmíochta fuinnimh a chur ar bhonn deonach, agus cuirtear difríochtaí sna stoic náisiúnta foirgneamh san áireamh trí bhreis solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit maidir le tarraingt suas a bpleananna chun an sprioc maidir le stoc foirgneamh atá saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050.

Mar sin féin, coinníodh na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh ar leibhéal an Aontais i gcás na bhfoirgneamh is fíormheasa feidhmíocht chun a áirithiú go ndéanfar iarracht tosaigh leordhóthanach maidir leis na foirgnimh sin uile, na foirgnimh arb orthu is mó atá tairbhí le baint amach idir ghnóthachain mhóra éifeachtúlachta fuinnimh, laghduithe móra ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chomhthairbhí móra sochaíocha. Fágtar de shaoirse ag na Ballstáit na hamlínte sonracha a leagan síos le go mbainfidh na foirgnimh sin aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde amach faoi 2040 agus 2050. I gcás ina mbunóidh na Ballstáit ÍCFFanna náisiúnta, ba cheart iad a dhearadh i bhfianaise an treochláir náisiúnta agus na spriocanna náisiúnta le haghaidh 2030, 2040 agus 2050 a bhunóidh na Ballstáit mar chuid dá bpleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh chun an cuspóir foriomlán dícharbónúcháin a bhaint amach faoi 2050.

Rud atá thar a bheith tábhachtach, na foirgnimh is fíormheasa feidhmíocht, foirgnimh a chumhdaítear faoi na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh ar leibhéal an Aontais, is iad sin freisin na foirgnimh a dteastaíonn iarrachtaí athchóirithe níos doimhne ina leith agus ar dhócha nach leor na dreasachtaí a thagann as praghsanna carbóin, i bhfianaise chliseadh forleatach an mhargaidh a dhéanann difear don fho-earnáil sin ar fud na mBallstát uile. Rud tábhachtach, ós rud é gur i gcuid an chónaithe de na foirgnimh sin a bhíonn cónaí ar an teaghlaigh is leochailí, meastar go bhfuil an beart atá beartaithe (agus an creat airgeadais tacaíochta a ghabhann leis) ríthábhachtach i dtaca le haistriú aeráide nach bhfágfaidh aon duine ar lár. Ina theannta sin, leis an togra, is faide na hamlínte a thugtar i gcás foirgnimh

chónaithe chun na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh ar leibhéal an Aontais a chéimniú isteach agus a chomhlíonadh, i gcomparáid leis na hamlínte i gcás foirgnimh ar le comhlachtaí poiblí iad agus foirgnimh neamhchónaithe eile.

Chomh maith leis an méid thuas, rinneadh modhnú ar an togra freisin ionas go mbeadh roghnachas ann maidir le líon suntasach eilimintí sna Deimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh. I gcomparáid leis an rogha thosaíochta sa dréacht-mheasúnú tionchair, rogha a d'fhág gur ghabh éigeantas le formhór na mbeart, tugtar breis solúbthachta do na Ballstáit sa togra mar atá anois. Tugadh tús áite do na sásraí atá ann cheana, seachas ceanglais nua a leagan síos, agus rinneadh sin go háirithe trí na ceanglais a laghdú maidir le Pleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh agus trí iad a chomhtháthú go hiomlán leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide.

An togra a d'eascair as sin, fágann sé go bhfuil lamháil mhór solúbthachta ag na Ballstáit chun a gcuid beartas rialála agus maoinithe foirgneamh a chur in oiriúint do chúinsí náisiúnta agus áitiúla d'fhonn cuspóir coiteann foriomlán a bhaint amach. Ní lú a rannchuidíonn an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le FFF leis an bpacáiste foriomlán 'Oiriúnach do 55' ach, i dtaca leis an bpríomhfhreagracht maidir lena chur i gcrích, is mó den phríomhfhreagracht sin a thiteann ar na Ballstáit ná a bhí beartaithe a leagan orthu i dtús báire, agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta. Iarrtar ar na Ballstáit Pleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh cuí-uaillmhianacha a cheapadh agus a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt acu, lena linn sin, ar a gcuid spriocanna faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus ar an uasteorainn atá beartaithe ar astú ó úsáid breoslaí téimh in earnáil na bhfoirgneamh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na Pleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh i bhfianaise an mhéid sin.

Déantar tagairt shonrach, sa chlásal athbhreithniúcháin, don mheasúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún i dtaca le cé acu a bhainfear amach, le bearta an Aontais a bhaineann le foirgnimh, lena n-áirítear praghsáil carbóin, feabhsuithe a bheidh leordhóthanach chun lánstoc foirgneamh lán-dícharbónaithe, le hastaíocht nialasach, a bheith ann faoi 2050, nó a bheidh gá le bearta ceangailteacha breise a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais – íoschaighdeáin neartaithe uile-AE maidir le feidhmíocht fuinnimh, mar shampla – faoi dheireadh 2027, ar a dhéanaí.

Tá tuairimí níos sonraí faoi fhionnachtana an Bhoird in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo. Sa mheasúnú tionchair, déantar anailís ar an bhfadhb agus sainaithnítear ann bearta féideartha chun rátaí athchóiriúcháin agus doimhneacht an athchóirithe a mhéadú, chun go bhféadfar foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana a dhícharbónú agus chun dlús a chur leis an nua-aoisiú ar fhoirgneamh, rud is féidir a dhéanamh a bhuí leis an digitiú. Déanann sé iad a phacáistiú laistigh de cheithre phríomhrogha, agus iad eagraithe de réir an mhéadaithe chéimnigh ar an leibhéal uaillmhéine: uaillmhian íseal, measartha, ard agus an-ard. Aithnítear Rogha 3 mar an rogha thosaíochta. I bhfianaise fhionnachtana an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála maidir leis an rogha thosaíochta sin, rinneadh athbhreithniú ar an togra le haghaidh Treoir maidir le FFF agus tá sé bunaithe anois ar mheascán de rogha 2 (le huaillmhian measartha) i gcás foirgnimh atá ann cheana agus rogha 3 (le huaillmhian ard) i gcás uirlisí faisnéise agus foirgnimh nua.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ba phríomhchuspóir don athbhreithniú a rinneadh in 2018 ar an Treoir maidir le FFF an t-ualach riaracháin a laghdú. Measadh, maidir le bearta na rogha beartais tosaíochta, go

ndéanfaidís, ar an mórgóir, an t-ualach riaracháin a laghdú beagnach EUR 100 milliún in aghaidh na bliana.[21].

Is é príomhchuspóir an athbhreithnithe seo, in éineacht leis na gnéithe a bhaineann le foirgníocht de na tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55', ná earnáil na foirgníochta a ailíniú le huaillmhianta feabhsaithe an Aontais i leith na haeráide. Chun an éifeachtacht a áirithiú, tá gá le ceanglais nua, nuashonraithe. Beidh tionchar ag na ceanglais sin, den chuid is mó, ar údaráis riaracháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil sna Ballstáit agus, ar dhóigh níos lú, ar úinéirí foirgneamh, agus beidh na ceanglais sin ag brath den chuid is mó ar nósanna imeachta agus ar struchtúir atá ann cheana. Tá an leibhéal ceart uaillmhéine acu – ar thaobh amháin is é a n-uaillmhian ár spriocanna de réir an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach agus ar thaobh eile is é a n-uaillmhian an t-am a thabhairt do thomhaltóirí gnó agus do thomhaltóirí deiridh iad féin a chur in oiriúint.

Mar a léirítear sa mheasúnú tionchair, a bhuí le digitiú na nDeimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh agus leis na forálacha nua maidir le malartú sonraí agus bunachair sonraí, tiocfaidh laghdú mar sin féin ar na costais riaracháin agus chomhlíontachta agus beidh níos mó éascaíochta ag baint leis na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le athchóiriú foirgneamh.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an togra i gcomhréir le hAirteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[22], lena bhforáiltear nach mór ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais Eorpaigh agus an méid sin a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe.

Dearadh é ar bhealach a urramaíonn  an ceart chun maoine a leagtar síos in Airteagal 17 den Chairt, agus cuireann sé breis le hAirteagal 34 den Chairt mar a '[n-]aithníonn agus [a n-]urramaíonn an tAontas an ceart chun cúnamh sóisialta agus tithíochta a fháil chun a áirithiú go bhfuil caighdeán maireachtála cuibhiúil ag na daoine sin go léir gan acmhainní leordhóthanacha, de réir na rialacha atá leagtha síos le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.'

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí ann do bhuiséad an Aontais mar thoradh ar an togra seo. Leasaítear leis an togra Treoir atá ann cheana agus tá sé ag brath den chuid is mó ar struchtúir agus ar rialacha atá i bhfeidhm cheana féin.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Nuair a bheidh an Treoir Athmhúnlaithe glactha ag na comhreachtóirí, déanfaidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí seo a leanas chun trasuí na Treorach a éascú:

– Tábla comhghaoil a dhréachtú a fheidhmeoidh mar sheicliosta trasuímh do na Ballstáit agus don Choimisiún araon;

---

21 https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:4908dc52-b7e5-11e6-9e3c-01aa75ed71a1.0023.02/DOC_1&format=PDF

22 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:12012P/TXT

– Cruinnithe a eagrú le saineolaithe na mBallstát a bhfuil sé de chúram orthu na codanna éagsúla den Treoir a thrasuí chun plé a dhéanamh ar an gcaoi lena dtrasuí agus chun pointí amhrais a réiteach, i gcomhthéacs na Gníomhaíocht Comhbheartaithe i dtaca leis an Treoir maidir le FFF (GC-TFFF) nó i bhformáid coiste;

– Beidh sé ar fáil le haghaidh cruinnithe déthaobhacha agus glaonna leis na Ballstáit i gcás ceist shonrach maidir le trasuí na Treorach;

– Tar éis spriocdháta an trasuí, déanfaidh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar cé acu atá nó nach bhfuil an Treoir trasuite go hiomlán agus i gceart ag na Ballstáit.

Comhlánaíonn an togra an Rialachán maidir le Rialachas[23], lena n-áirithítear go bhfuil córas pleanála, tuairiscithe agus faireacháin atá trédhearcach agus iontaofa i bhfeidhm, bunaithe ar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus ar na tuarascálacha dul chun cinn cuíchóirithe ó na Ballstáit. Ó 2023 ar aghaidh, ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt gach re bliain ar an dul chun cinn a bheidh déanta i gcur chun feidhme na bpleananna agus ina theannta sin, faoin 30 Meitheamh 2023, ní mór dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas maidir lena ndréacht-nuashonruithe ar na pleananna, agus beidh na nuashonruithe deiridh le déanamh an 30 Meitheamh 2024. Cuirfear isteach na pleananna athchóirithe foirgneamh i gcomhthráth le timthriallta na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, ach amháin i gcás an chéad phlean athchóirithe foirgneamh.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Foráiltear le hAirteagal 32(1) go gcuirfidh na Ballstáit a mbearta trasuite in iúl mar aon le tábla comhghaoil. Tá sé sin i gcomhréir leis an rialú a thug Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa (cás C-543/17), rialú a dtagann dá bhun nach mór do na Ballstáit faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a chur leis na fógraí a thugann siad faoi bhearta náisiúnta trasuite, faisnéis lena sonraítear na forálacha sin den dlí náisiúnta lena dtrasuitear na forálacha éagsúla ar leith de threoir. Ní mór é sin a dhéanamh i gcás gach oibleagáide, ní hamháin ag ‘leibhéal na n-airteagal’. Na Ballstáit a chomhlíonfadh an oibleagáid sin, ní bheadh orthu, i bprionsabal, doiciméid mhíniúcháin maidir leis an trasuí a chur chuig an gCoimisiún.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear Treoir 2010/31/AE mar a leanas chun forálacha maidir le foirgnimh nua agus le foirgnimh atá ann cheana, agus maidir le huirlisí faisnéise, a ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, chun a bhfuil inti a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil agus chun an bealach a bhfuil sí curtha ar bun a shimpliú agus chun sásraí airgeadais agus forfheidhmithe athneartaithe a áirithiú:

– Leasaítear an t-ábhar chun a chur i bhfios go láidir go leagtar amach, sa togra le haghaidh Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF, an fhís maidir le stoc foirgneamh saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050 agus chun méadracht charbóin nua chomhlántach a chur san áireamh lena n-atreoraítear na roghanna ionsar ar réitigh dícharbónúcháin. Cé gurb é is fócas don togra na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó oibríocht na bhfoirgneamh a laghdú, tugtar na chéad chéimeanna chun aghaidh a thabhairt ar an astú carbóin thar shaolré iomlán na bhfoirgneamh.

– Tugtar isteach in Airteagal 2 sainmhíniú nua ar ‘foirgneamh astaíochta nialasaí’: Foirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard aige i gcomhréir leis an

[23] Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide

bprionsabal go dtugtar tosaíocht don éifeachtúlacht fuinnimh, agus arb ó fhoinsí in-athnuaite ar leibhéal an fhoirgnimh nó ar leibhéal an cheantair nó an chomhphobail, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil (go háirithe ó fhuinneamh a ghintear ar an láthair, ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite nó ó fhuinneamh in-athnuaite nó ó dhramhtheas ó chóras téimh agus fuaraithe ceantair) a fhaightear an méid an-íseal fuinnimh a úsáideann sé fós. Is é an foirgneamh astaíochta nialasaí an caighdeán nua le haghaidh foirgnimh nua, agus is é an leibhéal é atá le baint amach trí athchóiriú domhain ó 2030 ar aghaidh agus an fhís maidir le caighdeán an stoic foirgneamh in 2050. Soiléirítear in Airteagal 2 freisin an sainmhíniú ar 'foirgneamh fuinnimh gharnialasaigh', an caighdeán a bheidh i bhfeidhm le haghaidh foirgnimh nua go dtiocfaidh an caighdeán nua 'foirgneamh astaíochta nialasaí' i bhfeidhm, agus is é an caighdeán é atá le baint amach le hathchóiriú domhain go dtí 2030. De réir sainmhíniú nua ar 'athchóiriú domhain', sainítear é mar scothchaighdeán maidir le hathchóiriú foirgneamh, agus déantar 'athchóiriú suntasach céimneach' a shainiú chun a chur i gcrích a éascú. Tugtar isteach le hAirteagal 2 sainmhíniú ar 'caighdeáin punainne morgáiste', mar shásra lena dtugtar dreasacht d'iasachtóirí morgáiste feidhmíocht fuinnimh a bpunann foirgneamh a fheabhsú, agus lena dtugtar spreagadh do chliaint ionchasacha a gcuid réadmhaoine a dhéanamh níos feidhmiúla ó thaobh fuinnimh de.

– Déantar airteagal níos oibríochtúla d'Airteagal 3 maidir le **pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh** (pleananna ar a dtugtaí straitéisí athchóiriúcháin fadtéarmacha roimhe seo). Neartaítear an creat faireacháin trí mheasúnú a thabhairt isteach ar dhréachtphleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh, measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún, trí mholtaí a eisiúint mar chuid de phróiseas na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Chun cur i láthair na faisnéise agus an measúnú a dhéanann an Coimisiún uirthi a éascú agus chun feabhas a chur ar inchomparáideacht pleananna náisiúnta, soláthraítear teimpléad coiteann in Iarscríbhinn II ina bhfuil eilimintí éigeantacha agus deonacha. Ar na heilimintí éigeantacha nach mór tuairisc a thabhairt maidir leo, tá cineálacha cur chuige ceantair agus comharsanachta, lena n-áirítear ról na bpobal fuinnimh in-athnuaite agus na bpobal fuinnimh saoránach. Cuirfear na pleananna athchóirithe foirgneamh isteach mar chuid de na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus de na na nuashonruithe a dhéanfar orthu sin; ar bhonn eisceachtúil, tá an chéad dréachtphlean le cur isteach faoin 30 Meitheamh 2024 ionas go gcuirfear san áireamh an t-am a theastaíonn chun an Treoir athbhreithnithe maidir le FFF a ghlacadh agus a thabhairt i bhfeidhm. An dul chun cinn maidir leis na spriocanna náisiúnta a bhaint amach agus rannchuidiú na bpleananna athchóirithe foirgnimh le spriocanna náisiúnta agus le spriocanna an Aontais, tabharfar tuairisc orthu sin mar chuid den tuairisciú débhliantúil faoin Rialachán maidir le Rialachas.

– Déantar Airteagal 4 (sean-Airteagal 3) maidir leis an modheolaíocht chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhar le hIarscríbhinn I, chun soiléiriú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an tomhaltas fuinnimh méadraithe chun an fheidhmíocht fuinnimh a ríomh, agus chun cruinneas an tomhaltais fuinnimh arna ríomh a fhíorú. I dtaca le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a úsáid ar an láthair – é a úsáid le haghaidh pointí athluchtúcháin, mar shampla – sonraítear san airteagal conas a thabharfar cuntas ar an úsáid sin agus sonraítear ann freisin conas a thabharfar cuntas ar fhuinneamh a sholáthraítear ó phobail fuinnimh.

– Déantar Airteagal 5 (sean-Airteagal 4) maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocrú a leasú chun an díolúine iomlán a d'fhéadfadh a bheith ag foirgnimh faoi chosaint roimhe seo a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, rud a fhágann gur féidir feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh sin a fheabhsú gan a gcarachtar teicniúil ná a gcuma a athrú.

– Airteagal 6 (sean-Airteagal 5) maidir le ríomh na leibhéal optamach costais, déantar an t-airteagal sin a ailíniú leis an gComhaontú Glas, agus leis sin sonraítear go ndéanfar na costais a bhaineann le lamháltais gáis ceaptha teasa, agus na seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh, a chur san áireamh agus na costais is ísle á gcinneadh. Déanfaidh an Coimisiún an mhodheolaíocht chost-optamach a athbhreithniú faoin 30 Meitheamh 2026.

– In Airteagal 7 tugtar le chéile na forálacha uile maidir le **foirgnimh nua**:

(a) Sonraítear ann nach mór, ó 2030 ar aghaidh, foirgnimh nua a bheith ina bhfoirgnimh astaíochta nialasaí; ó 2027 ar aghaidh, foirgnimh phoiblí nua a bheith ina bhfoirgnimh astaíochta nialasaí. Leagtar síos in Iarscríbhinn III na ceanglais shonracha maidir le foirgnimh astaíochta nialasaí;

(b) Ó 2030 ar aghaidh, ní mór an Acmhainneacht Téite Domhanda thar shaolré foirgnimh a ríomh i gcás foirgnimh nua i gcomhréir leis an gcreat Leibhéal/Leibhéil, ionas go mbeidh an fhaisnéis ar fáil maidir le hastaíochtaí thar shaolré iomlán na foirgníochta nua. Na hastaíochtaí thar shaolré iomlán foirgnimh, is rud é sin atá ábhartha go háirithe maidir le foirgnimh mhóra, agus sin an fáth a dtugtar feidhm chomh luath sin – ó 2027 ar aghaidh – don oibleagáid iad a ríomh maidir le foirgnimh mhóra (le hachar urláir úsáideach is mó ná 2000 méadar cearnach).

(c) I gcás foirgnimh nua, tabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar ghnéithe tábhachtacha is leithne ná an fheidhmíocht fuinnimh, eadhon dálaí sláintiúla aeráide laistigh, an t-oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht ó dhóiteán, rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht sheismeach agus an inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. Díreoidh siad freisin ar an asbhaint carbóin a bhaineann le stóráil carbóin i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh.

– Le hAirteagail 8 go 10 agus Airteagal 15 maidir le foirgnimh atá ann cheana agus maidir le tacaíocht airgeadais, tugtar le chéile an méid seo a leanas:

(d) Na forálacha reatha maidir le ***hathchóiriú mór***, lena dtugtar deis íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm ar an láthair (chun <u>íosdoimhneacht athchóiriúcháin</u> a áirithiú), agus lena dtugtar deis freisin chun aghaidh a thabhairt ar fheabhsuithe struchtúracha, ar an oiriúnú don athrú aeráide, ar asbhaint substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist, agus ar an inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, **comhlánaítear iad le *híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh ar leibhéal an Aontais*** (rud a bhíonn ina chúis le méadú ar na rátaí athchóiriúcháin) i gcás na bhfoirgneamh poiblí is measa feidhmíocht (i.e. foirgnimh agus aonaid i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí) agus foirgneamh neamhchónaithe. Ceanglaítear leo go ndéanfar, i gcás foirgnimh d'aicme G (aicme G de réir an deimhnithe feidhmíochta fuinnimh (DFF)), na foirgnimh sin a athchóiriú agus feabhsú go dtí leibhéal aicme feidhmíochta fuinnimh F, ar a laghad, faoi 2027 ar a dhéanaí agus go dtí leibhéal aicme feidhmíochta fuinnimh E, ar a laghad, faoi 2030 ar a dhéanaí agus, i gcás na bhfoirgneamh is measa feidhmíocht, go dtí leibhéal

aicme F, ar a laghad, faoi 2030 agus go dtí leibhéal aicme E, ar a laghad, faoi 2033. Leis an mbéim ar na haicmí is ísle feidhmíocht den stoc foirgneamh, áirithítear go ndíreofar na hiarrachtaí ar na foirgnimh is airde acmhainneacht ó thaobh an dícharbónaithe, ó thaobh maolú ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ó thaobh tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha is leithne. Chomh maith leis sin, mar chuid de na pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh, bunóidh na Ballstáit amlínte sonracha chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach (i gcás foirgnimh a thagann faoi raon feidhme Airteagal 9(1)) faoi 2040 agus faoi 2050, i gcomhréir leis an gconair a leagfaidh siad amach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochta nialasaí. I dteannta na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh i gcomhréir le hAirteagal 9(1), fágtar an rogha ag na Ballstáit íoschaighdeáin naisiúnta feidhmíochta fuinnimh a thabhairt isteach ina bpleananna athchóiriúcháin náisiúnta. Ní mór do na Ballstáit tacú le comhlíonadh na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh le creat cumasúcháin lena n-áirítear tacaíocht mhaoiniúcháin, go háirithe tacaíocht dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar dhaoine leochaileacha a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh nó atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, maille le cúnamh teicniúil, agus sásraí faireacháin. Leis na forálacha atá beartaithe ceadaítear do na Ballstáit roinnt catagóirí foirgneamh a eisiamh ón oibleagáid íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh.

(e) Pasanna athchóiriúcháin deonacha a thabhairt isteach chun úinéirí foirgnimh a threalmhú agus iad ag pleanáil athchóiriú céimneach ar a bhfoirgneamh. Beidh ar na Ballstáit scéim pasanna athchóiriúcháin a thabhairt isteach agus í sin bunaithe ar an gcreat comhchoiteann a bhfuil an Coimisiún lena fhorbairt faoi dheireadh 2024, chun rochtain a thabhairt dá saoránaigh ar úsáid na huirlise sin.

(f) Forálacha níos láidre maidir le constaicí agus bacainní ar athchóiriú a bhaint, agus maidir le dreasachtaí airgeadais a shlógadh ina mbeadh ionaid ilfhreastail ar a mbeadh rochtain ag páirtithe leasmhara uile an éiceachórais foirgníochta, ionas go dtabharfar aghaidh ar na bacainní uile atá roimh athchóiriú foirgneamh, ní hamháin ar na costais, agus ionas go gcuirfidh na Ballstáit an oiliúint iomchuí chun cinn. Déantar dreasachtaí airgeadais níos airde agus bearta tacaíochta teicniúla a dhíriú ar thionscadail athchóiriúcháin dhomhain agus ar na tionscadail sin lena ndírítear ar líon mór foirgneamh agus a mbíonn coigilteas suntasach fuinnimh foriomlán mar thoradh orthu. Agus an cuspóir céanna á chur san áireamh, ós rud é go bhféadfadh coire a ceannaíodh i lár na 2020í, de bharr a shaolré caighdeánaí, a bheith fós in úsáid in 2050, níor cheart cead a bheith ag na Ballstáit fóirdheonú a dhéanamh ar choirí breosla iontaise ó 2027 ar aghaidh.

(g) Chun imscaradh tapa na gcóras téimh astaíochta dírí nialasaí a spreagadh, agus chun a áirithiú nach sócmhainní tréigthe a bheidh amach anseo sna hinfheistíochtaí i nglúin nua de choirí breosla iontaise, níor cheart foirgnimh astaíochta nialasaí a bheith ag giniúint astaíochtaí carbóin ar an láthair agus féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh feidhm a bhaint as fachtóir fuinnimh

phríomhúil le haghaidh leictreachais a bheadh ailínithe le meánluach an Aontais[24].

(h) Mar phointe deiridh, ceanglaítear ar na Ballstáit a dtacaíocht airgeadais a dhíriú ar mhaolú na bochtaineachta fuinnimh agus ceanglaítear orthu tacú le tithíocht shóisialta, agus cosaint a thabhairt do na tionóntaí ar leibhéil dhíréireacha cíosa tar éis an athchóirithe.

**Mar thoradh ar thuairimí an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála**, an rogha a coinníodh, an rogha maidir leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh, níl sí ar aon dul go díreach le haon cheann de na ceithre rogha a ndéantar anailís orthu sa dréacht-mheasúnú tionchair a cuireadh faoi bhráid an Bhoird. Rinneadh an togra a leasú go cúramach i bhfianaise na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus rinneadh sin ar bhealach a chuir san áireamh na difríochtaí ó thaobh an stoic foirgneamh ó Bhallstát go chéile agus ar bhealach a fhágfaidh solúbthacht ag na Ballstáit maidir leis an gcaoi a dtabharfaidh siad aghaidh ar a gcúinsí sonracha agus a mbainfidh siad amach na feabhsuithe is gá ar a stoc foirgneamh náisiúnta. Leis sin, dírítear, ar bhonn uile-AE, ar an gcion 15 % d'fhoirgnimh ar den chatagóir 'na foirgnimh is measa feidhmíocht' iad, atá sna stoic náisiúnta foirgneamh chomhfhreagracha, chun na coigiltí fuinnimh, an chostéifeachtúlacht agus na tionchair ar mhaolú na bochtaineachta fuinnimh a uasmhéadú chomh maith le comhthairbhí sóisialta agus eacnamaíocha níos cuimsithí a bhaineann le baint amach chuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais.

– Rinneadh athstruchtúrú ar an Airteagal 8 a bhí ann. Ní dhírítear in Airteagal 11 ach ar **chórais theicniúla foirgníochta**, agus tugtar isteach bunús dlí soiléir le toirmisc náisiúnta ar choirí breosla iontaise, rud a fhágann gur féidir leis na Ballstáit ceanglais a leagan síos maidir le gineadóirí teasa agus na ceanglais sin bunaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nó ar an gcineál breosla a úsáidtear. Measann roinnt Ballstát go bhfuil na bearta sin riachtanach chun stoc foirgneamh dícharbónaithe a bhaint amach agus chun cáilíocht an aeir agus an tsláinte a fheabhsú. Tugtar aghaidh san fhoráil seo ar an éiginnteacht dhlíthiúil atá ann faoi láthair maidir le cé acu atá nó nach bhfuil toirmisc den sórt sin ceadaithe faoi Airteagal 6(1) den Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht agus faoi rialacha an tsaormhargaidh atá faoi na Conarthaí. Mar aitheantas ar an tábhacht atá le dea-cháilíocht an aeir faoi dhíon i dtaca lena áirithiú go mbeidh na foirgnimh sláintiúil, leagtar ceanglas maidir feistí tomhais agus rialaithe a shuiteáil i bhfoirgnimh nua agus, i gcás inar féidir sin, i bhfoirgnimh atá ann cheana a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, ar feistí iad lena ndéanfar monatóireacht agus rialú ar cháilíocht an aeir laistigh.

– Airteagal 12 maidir le **bonneagar le haghaidh na soghluaisteachta inbhuanaithe**, ailínítear é leis an uaillmhian mhéadaithe i leith na haeráide, rud a neartaíonn na ceanglais reatha. Déantar gnáthchleachtas den réamhchábhlú i gcás gach foirgnimh nua agus gach foirgnimh nua a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, agus cuirtear treise go háirithe le suiteáil pointí athluchtúcháin i bhfoirgnimh oifige nua agus athchóirithe. Ní mór na pointí athluchtúcháin a bheith in oiriúint don luchtú cliste agus cuirfidh na Ballstáit ceal i mbacainní ar shuiteáil pointí athluchtúcháin i bhfoirgnimh chónaithe, rud lena n-áiritheofar "ceart chun plocóidiú" i gcomhréir leis na forálacha ábhartha sa togra le haghaidh Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha. Ina theannta sin, tugtar isteach foráil maidir le spásanna éigeantacha páirceála rothar i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á

[24] I gcomhréir leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh.

dhéanamh orthu, chun ceal a chur i mbacainní ar an rothaíocht agus mar ghné lárnach den tsoghluaisteacht inbhuanaithe, saor ó astaíochtaí.

– Treisíonn Airteagal 13 an**táscaire ullmhachta cliste** i gcás foirgnimh mhóra neamhchónaithe, ó 2026 ar aghaidh. Chun éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt seirbhísí nua a bhaineann le foirgnimh, áirithítear le hAirteagal 14 nua a bhaineann go sonrach le **sonraí foirgníochta** gur féidir le húinéir an fhoirgnimh, leis an tionónta agus leis an mbainisteoir nó le tríú páirtithe rochtain a bheith acu ar na sonraí i gcórais foirgneamh. Tá an Coimisiún le rialacha nua a leagan síos, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, maidir le hidir-inoibritheacht sonraí agus maidir le rochtain ar shonraí.

– Le hAirteagal 16 go hAirteagal 19, cuirtear feabhas ar na forálacha atá ann cheana maidir le **deimhnithe feidhmíochta fuinnimh**, maidir lena n-eisiúint agus lena dtaispeáint, agus maidir leis na bunachair sonraí a bhaineann leo:

(i) Chun inchomparáideacht a áirithiú ar fud an Aontais, ní mór, faoi 2025, gach deimhniú feidhmíochta fuinnimh a bheith bunaithe ar scála comhchuibhithe aicmí feidhmíochta fuinnimh agus ní mór iad a bheith i gcomhlíontacht leis an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn V.

(j) Déanfar na haicmí feidhmíochta fuinnimh a athscálú d'fhonn an fhís choiteann a réaladh, eadhon an stoc foirgneamh a bheith saor ó astaíochtaí faoi 2050, agus na difríochtaí náisiúnta i stoic foirgneamh á gcur san áireamh ag an am céanna: Is san aicme is airde, in aicme A, atá an foirgneamh saor ó astaíochtaí, agus cuimsítear san aicme in ísle, in aicme G, an cion 15 % d'fhoirgnimh ar den chatagóir 'na foirgnimh is measa feidhmíocht' iad, atá sa stoc náisiúnta foirgneamh. Leis an athscálú sin, áiritheofar go ndeánfar iarrachtaí inchomparáide sna Ballstáit uile i ndáil le comhlíonadh na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh uile-AE de bhun Airteagal 9. Níl aon athrú ar an táscaire ar ar a bhonn atá foirgnimh le rátáil (an tomhaltas fuinnimh phríomhúil in kWh/(m².y)), agus tá ag gabháil leis táscaire maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le fuinneamh in-athnuaite. Coinnítear táscairí eile ar bhonn deonach, agus an tsaoirse ag na Ballstáit iad a roghnú, rud a chuireann 'cur chuige bosca uirlisí' ar fáil ionas gur féidir coigeartú a dhéanamh de réir na ndálaí náisiúnta.

(k) Laghdaítear, go cúig bliana, tréimhse bhailíochta na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh sna haicmí is ísle, in aicmí D go G, chun a áirithiú go mbeidh faisnéis iontu a bheidh cothrom le dáta agus a chabhróidh le saoránaigh a dtomhaltas a laghdú. Ní mór nósanna imeachta simplithe a bheith ar fáil le haghaidh nuashonrú na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh i gcásanna simplí áirithe agus ní mór na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh a eisiúint i bhformáid dhigiteach. Tugtar isteach bearta chun cur le hiontaofacht na ndeimhnithe a eiseofar (cuairt ar an láthair agus rialú cáilíochta).

(l) I dtaca le feabhsú an stoic foirgneamh, is gá, mar réamhchoinníoll, cur leis an méid deimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ag cumhdach an stoic foirgneamh, ach ag an am céanna níor mhór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na deimhnithe sin inacmhainne ó thaobh costais de. An oibleagáid deimhniú feidhmíochta fuinnimh a fháil le haghaidh foirgnimh, leathnaítear raon feidhme na hoibleagáide sin ionas go gcuimsítear foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, foirgnimh a ndéantar conradh cíosa a athnuachan ina leith, maille leis na foirgnimh phoiblí uile. Maidir le foirgnimh nó aonaid foirgnimh

a thairgtear le díol nó le ligean ar cíos, ní mór deimhniú feidhmíochta fuinnimh a bheith ann ina leith, agus ba cheart an aicme feidhmíochta fuinnimh agus an táscaire feidhmíochta fuinnimh a lua i ngach fógra tráchtála, rud a áiritheoidh go mbeidh an fheidhmíocht fuinnimh ina fachtóir ábhartha i margadh an díola agus an chíosa. Maidir le gach foirgneamh ina bhfuil údarás poiblí agus a dtugann daoine den phobal cuairt air go minic, ní mór an deimhniú feidhmíochta fuinnimh a eisíodh i leith an fhoirgnimh sin a chur ar taispeáint, beag beann ar a mhéid.

(m) Bunóidh na Ballstáit bunachair shonraí náisiúnta le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh foirgneamh, agus beidh na bunachair sin sa chaoi go mbeidh sé indéanta sonraí a chur iontu a bhailítear i ndáil le pasanna athchóirithe foirgneamh agus le táscairí ullmhachta cliste. Déanfar an fhaisnéis a bheidh sna bunachair náisiúnta a aistriú chuig an bhFaireachlann um Stoc Foirgneamh, agus déanfar sin de réir teimpléad atá le forbairt ag an gCoimisiún.

– Déantar na forálacha reatha maidir le hiniúchtaí a ghrúpáil le chéile agus a shoiléiriú chun éascaíocht a dhéanamh dá gcur chun feidhme, agus mar chuid de sin cuimsítear córais aerála sna bearta sin sa Treoir maidir le FFF atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar cháilíocht an aeir laistigh. D’fhonn cáilíocht agus iontaofacht na n-athchóirithe nó na n-oibreacha nua foirgníochta a áirithiú, déantar foráil maidir le scéimeanna cigireachta náisiúnta nó uirlisí malartacha a chur ar bun chun a fhíorú, i dtaca leis na hoibreacha tógála agus athchóiriúcháin a sholáthrófar, go bhfuil na hoibreacha sin i gcomhlíontacht le feidhmíocht fuinnimh an dearaidh agus go gcuireann siad le sástacht agus iontaoibh na saoránach. Ar an gcaoi chéanna, na soláthraithe oibreacha athchóiriúcháin comhtháite, ní mór dóibh rochtain a bheith acu ar scéimeanna deimhniúcháin nó ar scéimeanna um cháiliú ionas go n-áiritheofar gur féidir iontaoibh a chur i gcáilíocht na n-oibreacha sin. An tairseach a shocraíonn gurb éigeantach córais uathoibrithe agus rialaithe foirgnimh a shuiteáil, ba cheart í a ísliú i gcás foirgnimh neamhchónaithe, agus an t-ísliú sin a bheith i bhfeidhm ó 2030 amach agus, i gcás foirgnimh chónaithe nua agus i gcás foirgnimh neamhchónaithe ar a ndéanfar athchóiriú mór, ní mór feidhmiúlachtaí áirithe monatóireachta agus rialaithe a bheith i dtrealamh na bhfoirgneamh sin chun feabhas a chur ar bhainistiú agus ar oibriú na bhfoirgneamh sin agus chun iad a bharrfheabhsú.

– Maidir lena chinntiú go ndéanfar dul chun cinn fíor, ar an bhfód, leis an mbeartas foirgneamh, is ríthábhachtach an beartas sin a fhorfheidhmiú. Cuirtear síneadh le raon na gcóras rialaithe neamhspleách atá ann faoi láthair ionas go gcuimseofar leo feasta pasanna athchóiriúcháin agus táscairí ullmhachta cliste. An faireachán agus an forfheidhmiú, lena n-áirítear an méid de sin a dhéanfar trí bhíthin pionóis, beidh siad dírithe go háirithe ar na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh agus ar fheabhas a chur ar an stoc foirgneamh atá ann cheana.

Forálacha críochnaitheacha agus clásal athbhreithnithe: D’fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le FFF in 2021 i gcomhthéacs chomhlíonadh an Chomhaontaithe Ghlais, is é deireadh 2027, ar a dhéanaí an dáta a shocraítear le haghaidh an chéad athbhreithnithe eile de bhun Airteagal 25. Déantar tagairt shonrach, sa chlásal athbhreithniúcháin, don mheasúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún i dtaca le cé acu a bhainfear amach, leis na bearta i reachtaíocht an Aontais a bhaineann le foirgnimh, lena n-áirítear praghsáil carbóin, feabhsuithe a bheidh leordhóthanach chun lánstoc foirgneamh lán-dícharbónaithe, le hastaíocht nialasach, a bheith ann faoi 2050, nó a bheidh gá le bearta ceangailteacha breise a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais – íoschaighdeáin neartaithe maidir le feidhmíocht

fuinnimh, mar shampla. In Airteagal 32 maidir le trasuí, soiléirítear go gcuirfidh na Ballstáit tábla comhghaoil ar fáil in éineacht lena mbearta trasuite.

↓ 2010/31/AE

2021/0426 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[25],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[26],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

↓ 2010/31/AE aithris 1 (oiriúnaithe)

(1) Leasaíodh Treoir ~~2002/91/CE~~ ⌦ 2010/31/AE ⌫ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] ~~an 16 Nollaig 2002 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh[28]~~ ⌦ go suntasach ⌫ ⌦roinnt uaireanta ⌫[29]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe ~~substainteacha~~ le déanamh uirthi, ba cheart ~~í~~ ⌦ an Treoir sin ⌫ a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

⇩ nua

(2) Faoi chomhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, chomhaontaigh na Páirtithe an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú do

[25] IO C […], […], lch. […].

[26] IO C […], […], lch. […].

[27] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

[28] ~~IO L 1, 4.1.2003, lch. 65.~~

[29] Féach Iarscríbhinn VIII~~IV~~, Cuid A.

1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Tá baint amach chuspóirí Chomhaontú Pháras i gcroílár na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir leis 'An Comhaontú Glas don Eoraip' an 11 Nollaig 2019[30]. Gheall an tAontas go dtabharfadh sé faoina ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair a laghdú 55 % ar a laghad faoi leibhéil 1990 faoin mbliain 2030 sa rannchuidiú a tugadh cothrom le dáta agus a cinneadh go náisiúnta, a cuireadh faoi bhráid Rúnaíocht UNFCCC an 17 Nollaig 2020.

(3) Mar a fógraíodh sa Chomhaontú Glas, chuir an Coimisiún an tionscnamh 'rabharta athchóiriúcháin' uaidh ar an 14 Deireadh Fómhair 2020[31]. Tá plean gníomhaíochta sa tionscnamh ina bhfuil bearta nithiúla rialála, maoinithe agus cumasúcháin, a bhfuil sé de chuspóir acu ar a laghad an ráta bliantúil athchóirithe fuinnimh d'fhoirgnimh a dhúbailt faoin mbliain 2030 agus athchóirithe doimhne a chothú. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh mar cheann de na nithe trína mbainfear an 'rabharta athchóiriúcháin' amach. Rannchuideoidh sé freisin le cur i gcrích thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua agus an mhisin Eorpaigh maidir le cathracha cliste atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

(4) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], an 'Dlí Aeráide Eorpach', cumhdaítear an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair faoin mbliain 2050 sa reachtaíocht agus bunaítear gealltanas ceangailteach an Aontais maidir le laghdú intíre ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) atá 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 faoin mbliain 2030.

(5) Is é is aidhm don phacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55' a fógraíodh i gClár Oibre an Choimisiúin Eorpaigh 2021 na cuspóirí sin a chur chun feidhme. Cumhdaítear ann raon réimsí beartais, lena n-áirítear an éifeachtúlacht fuinnimh, an fuinneamh in-athnuaite, úsáid talún, athrú talún agus foraoiseacht, cánachas fuinnimh, comhroinnt díchill, trádáil astaíochtaí agus bonneagar breoslaí malartacha. Is cuid dhílis den phacáiste sin an t-athbhreithniú ar Threoir 2010/31/AE.

---

🡻 2010/31/AE aithris 2

~~Táirgí ola, gás nádúrtha agus breoslaí soladacha, ar acmhainní ríthábhachtacha fuinnimh iad ach atá ina bhfoinsí móra astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin freisin, tá feidhm, inter alia, le húsáid stuama réasúnach inbhuanaithe a bhaint as na hacmhainní fuinnimh sin.~~

---

🡻 2010/31/AE aithris 3 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(6) Foirgnimh is cúis le 40 % den tomhaltas fuinnimh ⌦ deiridh ⌫ ~~iomlán~~ san Aontas ⇨ agus 36 % dá astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfuinneamh ⇦ . ~~Ó~~

[30] An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final.

[31] *A Renovation Wave for Europe – greening our buildings, creating jobs, improving life [Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip - ár bhfoirgnimh a ghlasú, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú], COM/2020/662 final.*

[32] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

~~tharla go bhfuil an earnáil sin ag dul i méid, is deimhin go mbeidh méadú ar an ídiú fuinnimh a bhaineann leis dá bharr.~~ Dá bhrí sin, ⇨i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh mar a leagtar síos in Airteagal 3 [EED athbhreithnithe] agus a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] ⇦ agus úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na bhfoirgneamh, is bearta tábhachtacha iad atá ag teastáil chun ~~spleáchas fuinnimh agus~~ astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú. ~~Bearta a dhéanamh chun ídiú fuinnimh san Aontas a laghdú, chomh maith le níos mó fuinnimh a fháil ó fhoinsí in-athnuaite, chuirfeadh sé sin ar chumas an Aontais Prótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) a chomhlíonadh, agus a thiomantas fadtéarmach maidir leis an ardú teochta domhanda a choimeád faoi bhun 2ºC a urramú, agus a thiomantas astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa a laghdú 20 % ar a laghad faoi bhun an leibhéal ar a raibh sé sna 1990í nó iad a laghdú 30 % i gcás ina ndéanfaí comhaontú idirnáisiúnta, agus na laghduithe sin a bhaint amach faoi 2020.~~ Is tábhachtach an ról freisin atá ag ídiú fuinnimh a laghdú agus úsáid níos mó a bhaint as foinsí in-athnuaite maidir le ⇨ spleáchas fuinnimh an Aontais a laghdú, ⇦cinnteacht an tsoláthair fuinnimh ~~,~~ ⌦ agus ⌫ forbairtí teicneolaíocha a chothú, deiseanna a chruthú san fhostaíocht agus i bhforbairt réigiúnach, go háirithe ⇨ ar oileáin agus ⇦i gceantair tuaithe.

---

⇩ nua

(7) Foirgnimh is cúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa roimh, le linn agus tar éis a saolré oibríochtúil. Maidir le fís 2050 le haghaidh stoc foirgnimh dícharbónaithe, tá níos mó i gceist leis ná an bhéim atá ann faoi láthair ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla. Ba cheart, dá bhrí sin, astaíochtaí saolré uile foirgneamh a chur san áireamh de réir a chéile, ag tosú le foirgnimh nua. Is banc ábhair suntasach iad foirgnimh, agus iad ina stórtha acmhainní thar na blianta fada, agus bíonn tionchar den chuid is mó ag na roghanna deartha ar na hastaíochtaí saolré iomlán d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh athchóirithe araon. Ba cheart feidhmíocht saolré iomlán foirgneamh a chur san áireamh, ní hamháin i bhfoirgníocht nua, ach i bhfoirgnimh athchóirithe freisin trí bheartais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine a laghdú i bpleananna athchóirithe foirgneamh na mBallstát.

(8) Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa foirgneamh ar feadh na saolré iomláine a íoslaghdú, tá gá le héifeachtúlacht agus ciorclaíocht acmhainní. Is féidir é sin a chomhcheangal freisin le linn charbóin shealadach a dhéanamh de chodanna den stoc foirgnimh.

(9) Leis an acmhainneacht téite domhanda atá ann le linn na saolré san iomlán, léirítear rannchuidiú foriomlán an fhoirgnimh le hastaíochtaí a bhfuil an t-athrú aeráide mar thoradh orthu. Tugtar le chéile ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a chorpraítear i dtáirgí foirgníochta le hastaíochtaí díreacha agus indíreacha ón gcéim úsáide. Is é an chéad chéim i dtreo tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar fheidhmíocht saolré iomlán

---

[33] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

foirgneamh agus geilleagar ciorclach, dá bhrí sin, an ceanglas acmhainneacht téite domhanda foirgneamh nua a ríomh.

(10) Foirgnimh is cúis le thart ar leath d'astaíochtaí príomh-mhínábhar cáithníneach (PM2.5) san Aontas arb iad is cúis le bás anabaí nó le breoiteacht. Trí fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, is féidir astaíochtaí truailleán a laghdú ag an am céanna, agus ba cheart na hastaíochtaí sin a laghdú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34].

---

↓ 2010/31/AE aithris 4

~~Uirlis thábhachtach is ea éileamh an fhuinnimh a bhainistiú, óir cuireann sé ar chumas an Aontais tionchar a imirt ar an margadh fuinnimh domhanda agus sa chaoi sin tionchar a imirt ar chinnteacht an tsoláthair fuinnimh sa mheántéarma agus san fhadtéarma.~~

---

↓ 2010/31/AE aithris 5 (oiriúnaithe)

~~Leag Comhairle na hEorpa Mhí an Mhárta 2007 béim ar an ngá atá le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú san Aontas chun an cuspóir laghdú 20 % d'ídiú fuinnimh an Aontais a bhaint amach faoi 2020, agus d'iarr an Chomhairle go gcuirfear chun feidhme go mear agus go críochnúil na tosaíochtaí a leagadh amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Plean Gníomhaíochta um éifeachtúlacht fuinnimh: tapú na ndeiseanna'. Sainaithníodh sa phlean gníomhaíochta sin an deis mhór atá ann coigiltí fuinnimh éifeachtacha ó thaobh costais de a chur i bhfeidhm in earnáil na bhfoirgneamh. Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 31 Eanáir 2008, iarradh go neartófaí forálacha Threoir 2002/91/CE, agus d'iarr an Pharlaimint ag amanna éagsúla, faoi mar a d'iarr sí sa rún deireanach uaithi an 3 Feabhra 2009 maidir leis an dara hAthbhreithniú Straitéiseach ar Fhuinneamh, go ndéanfaí rud ceangailteach den sprioc i dtaca leis an 20 % éifeachtúlacht fuinnimh in 2020. Thairis sin, socraítear, le Cinneadh Uimhir. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreáin 2009 maidir le dícheall na mBallstát a gcuid astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú chun ceangaltais an Chomhphobail a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú suas go dtí 2020[35], socraítear spriocanna ceangailteacha náisiúnta maidir le $CO_2$ a laghdú, spriocanna a mbeidh tábhacht an-mhór leis an éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na bhfoirgneamh chun iad a bhaint amach, agus déanann Treoir 2009/28/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreáin 2009 maidir le húsáid agus cur chun cinn fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite[36] foráil maidir le cur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh i gcomhthéacs sprice ceangailtí i dtaca le 20 % d'ídiú fuinnimh iomlán an Aontais a bheith le baint as foinsí in-athnuaite faoi 2020.~~

---

34 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

35 ~~IO L 140, 5.6.2009, lch. 136.~~

36 ~~IO L 140, 5.6.2009, lch. 16.~~

🡻 2010/31/AE aithris 6 (oiriúnaithe)

~~D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach mí an Mhárta 2007 ceangaltais an Aontais maidir le fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a fhorbairt ar fud an Aontais trí sprioc éigeantach a fhormhuiniú, is é sin sprioc éigeantach ar fiú sciar 20 % d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020 é. Faoi Threoir 2009/28/CE, leagtar amach creat coiteann maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.~~

---

🡻 2010/31/AE aithris 7 (oiriúnaithe)

~~Is gá gníomhaíochtaí níos somheasta a leagan amach d'fhonn an coigilteas fuinnimh a bheith indéanta i bhfoirgnimh a bhaint amach agus d'fhonn na difríochtaí móra idir torthaí na mBallstáit san earnáil sin a laghdú.~~

---

🡻 2010/31/AE aithris 8 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(11) Ba cheart a chur san áireamh, le bearta chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú a thuilleadh, ⌦ dálaí ⌫ aeráide, ⇨ lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide, ⇦ ~~agus~~ dálaí áitiúla chomh maith leis an timpeallacht aeráide laistigh agus an chostéifeachtúlacht. Níor cheart go ndéanfadh na bearta sin aon difear do cheanglais eile a bhaineann le foirgnimh, inrochtaineacht, slándáil sheismeach agus sábháilteacht ó dhóiteán ⇨ ⇦ agus an úsáid atá beartaithe le haghaidh an fhoirgnimh, cuir i gcás.

---

🡻 2010/31/AE aithris 9
⇨ nua

(12) Is ar bhonn modheolaíochta ba cheart feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh a ríomh, agus d'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh ar an modheolaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an réigiúin. Maidir leis an idirdhealú sin, chomh maith le tréithe teirmeacha, cumhdaíonn sé fachtóirí eile a bhfuil a dtábhacht ag dul i méid, téamh agus suiteálacha aerchóirithe mar shampla, cur i bhfeidhm fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, ⇨ córais uathoibrithe agus rialaithe foirgnimh, réitigh chliste, ⇦ gnéithe téimh agus fuaraithe éighníomhacha, scáthú, cáilíocht an aeir laistigh, solas nádúrtha leordhóthanach agus dearadh an fhoirgnimh. Ba cheart an mhodheolaíocht maidir le feidhmíocht fuinnimh a bheith bunaithe ní amháin ar an séasúr ina bhfuil téamh ⇨ nó aerchóiriúchán ⇦ ag teastáil, ach ba cheart go gcumhdófar léi feidhmíocht fuinnimh foirgnimh ar bhonn bliantúil chomh maith. Leis an modheolaíocht sin, ba cheart caighdeáin Eorpacha atá ann cheana a chur san áireamh. ⇨ Ba cheart a áirithiú leis an modheolaíocht go léireofaí dálaí iarbhír oibriúcháin agus go gcumasófaí úsáid fuinnimh mhéadraithe chun cruinneas a fhíorú agus ar mhaithe le hinchomparáideacht, agus ba cheart an mhodheolaíocht a bheith bunaithe ar chéimeanna ama in aghaidh na huaire nó nó níos minice. Chun úsáid fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a spreagadh, agus sa bhreis ar an gcreat coiteann ginearálta, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh ionas go n-aithneofar agus go gcuirfear san áireamh sa mhodheolaíocht ríofa na tairbhí a bhaineann leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as fuinneamh in-

athnuaite ar an láthair, lena n-áirítear le haghaidh úsáidí eile (amhail pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha). ⇦

---

↓ 2010/31/AE aithris 10 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(13) ~~Is ar na~~ ⇨ Ba cheart do na ⇦Ballstáit ~~amháin atá sé de fhreagracht~~ íoscheanglais maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus codanna d'fhoirgnimh a leagan síos~~.~~ ~~Ba cheart na ceanglais sin a shocrú~~ D'fhonn an chothromaíocht a bhaint amach idir na hinfheistithe lena mbaineann agus na costais fuinnimh a spáráiltear le linn shaolré an fhoirgnimh ó thaobh an leibhéal costais is fearr de, gan dochar don cheart atá ag na Ballstáit íoscheanglais a shocrú atá níos fuinneamhéifeachtúla ná na leibhéil éifeachtúlachta fuinnimh is fearr ó thaobh costais de. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag na Ballstáit athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na híoscheanglais atá orthu maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil.

---

↓ 2010/31/AE aithris 11

~~Faoi chúinsí áirithe, mar shampla i bhfianaise difríochtaí aeráide, an cuspóir maidir le leibhéil feidhmíochta fuinnimh is fearr ó thaobh costais de, féadfaidh sé a bheith ina údar maith ag na Ballstáit le ceanglais éifeachtúlachta nó na ceanglais ab fhearr ó thaobh costais de a shocrú maidir le gnéithe tógála a shuiteáil, ceanglais a chuirfeadh srian iarbhír le táirgí tógála a chomhlíonann na caighdeáin atá leagtha amach i reachtaíocht an Aontais, ar an gcoinníoll nach bac gan údar ar an margadh atá sna ceanglais sin.~~

---

⇩ nua

(14) Is ó bhreoslaí iontaise fós a thagann dhá thrian den fhuinneamh a úsáidtear chun foirgnimh a théamh agus a fhuarú. D'fhonn earnáil na foirgníochta a dhícharbónú, tá sé thar a bheith tábhachtach deireadh a chur de réir a chéile le breosla iontaise i dtéamh agus i bhfuarú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl na beartais agus na bearta náisiúnta atá acu chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid breoslaí iontaise i dtéamh agus i bhfuarú ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, agus níor cheart aon dreasacht airgeadais a thabhairt chun coirí breosla iontaise a shuiteáil faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile ó 2027 amach, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh 2027, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe. Ba cheart bunús dlí soiléir chun cosc a chur ar ghineadóirí tea bunaithe ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa nó ar an gcineál breosla a úsáidtear tacú le beartais agus bearta náisiúnta céimnithe amach.

---

↓ 2010/31/AE aithris 12
⇨ nua

(15) ⇨Ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh córais theicniúla foirgneamh maidir le córais iomlána, mar atá siad suiteáilte i bhfoirgnimh, seachas maidir le feidhmíocht comhpháirteanna neamhspleácha, a thagann faoi raon feidhme na rialachán táirge-shonrach faoi Threoir 2009/125/CE. ⇦ Agus ceanglais feidhmíochta fuinnimh á socrú ag na Ballstáit maidir le córais teicniúla tógála, ba

cheart dóibh ionstraimí comhchuibhithe a úsáid, i gcás inarb ann dóibh agus iad iomchuí, go háirithe modhanna tástála agus ríomha agus aicmí éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbraítear faoi bhearta lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do leagan amach na gceanglas éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh~~[37] agus ~~Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le tomhaltas fuinnimh agus acmhainní eile i dtáirgí a bhaineann le fuinneamh a chur in iúl trí lipéadú agus trí fhaisnéis chaighdeánach ar tháirgí a bhaineann le fuinneamh~~[38] Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], d'fhonn comhleanúnachas le tionscnaimh ghaolmhara a áirithiú, agus d'fhonn an riosca go ndéanfaí smionagar den mhargadh a laghdú, a mhéid is féidir.

---

🡻 2010/31/AE aithris 13

(16) Tá an Treoir seo gan dochar d'Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Níor cheart go dtuigí, leis an téarma 'dreasacht' atá sa Treoir seo, gur cabhair ó Stát atá i gceist.

---

🡻 2010/31/AE aithris 14 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(17) Ba cheart don Choimisiún creat modheolaíochta comparáidí a leagan síos maidir leis na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh. ⇨Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat céanna, is e an toradh ba cheart a bheith air sin go mbeifí in ann feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí araon a ríomh, agus is rud é lenar cheart seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a chur san áireamh, chomh maith le síneadh CTA agus praghsanna carbóin. ⇦ Ba cheart do na Ballstáit an creat ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ a úsáid chun na torthaí a chur i gcomparáid leis na híoscheanglais atá glactha acu maidir le feidhmíocht fuinnimh. I gcás inarb ann do neamhréireachtaí móra, i.e. neamhréireachtaí ar mó ná 15 % iad, idir na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, agus na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a léiriú go bhfuil údar maith leis an difríocht sin nó ba cheart dóibh bearta iomchuí a ullmhú chun an neamhréireacht a laghdú. Ba cheart do na Ballstáit saolré mheasta foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh a shocrú, agus cleachtais reatha agus taithí i leith an ghnáthré shaoil a shainiú, ba cheart dóibh iad sin a chur san áireamh. Ba cheart tuarascáil faoi thorthaí na comparáide ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ agus na sonraí a úsáideadh chun na torthaí ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ a fháil a thabhairt go rialta don Choimisiún. Leis na tuarascálacha ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ ba cheart cur ar chumas an Choimisiúin dul chun cinn na mBallstát a mheas i dtaca leis na leibhéil is fearr

---

37 Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

38 ~~Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.~~

39 Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a bhaint amach agus tuairisc a thabhairt ina leith.

---

🡻 2010/31/AE aithris 15

~~Bíonn tionchar ag foirgnimh ar ídiú fadtéarmach fuinnimh. Dá bhrí sin, i bhfianaise thimthrialla fada athchóirithe a bhíonn i gceist le foirgnimh atá ann cheana, ba cheart go gcomhlíonfadh foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana féin íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá curtha in oiriúint don aeráid áitiúil. Ó tharla nach den chleachtas ginearálta lántairbhe a bhaint as córais mhalartacha soláthair fuinnimh, ba cheart córais mhalartacha soláthair fuinnimh a chur san áireamh i gcás foirgneamh nua, gan beann ar an méid atá iontu, de bhun an phrionsabail gur cheart a chinntiú ar dtús go bhfuil riachtanais fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe laghdaithe go dtí na leibhéil is fearr ó thaobh costais de.~~

---

🡻 2010/31/AE aithris 16

(18) Le hathchóirithe móra ar fhoirgnimh atá ann cheana, gan beann ar a méid, tugtar deis bearta costéifeachtacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh. Ar chúiseanna a bhaineann le costéifeachtúlacht, ba cheart go bhféadfaí íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shrianadh go dtí na codanna athchóirithe is ábhartha maidir le feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a rogha sainmhíniú a thabhairt ar 'athchóiriú mór' de réir céatadán de dhromchla an imchlúdaigh fhoirgnimh nó de réir luach an fhoirgnimh chéanna. Má shocraíonn Ballstát sainmhíniú a thabhairt ar athchóiriú mór de réir luach an fhoirgnimh, d'fhéadfaí luachanna ar leith a úsáid, luach achtúireach cuir i gcás, nó an luach reatha bunaithe ar an gcostas atógála, gan luach na talún ar a bhfuil an foirgneamh suite a chur san áireamh.

---

🡻 2010/31/AE aithris 17

~~Tá bearta ag teastáil chun go mbeadh níos mó foirgneamh ann a chomhlíonann ní amháin na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh reatha, ach atá níos tíosaí ó thaobh fuinnimh de, rud a laghdóidh an t-ídiú fuinnimh agus astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin freisin. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstát pleananna náisiúnta a chur le chéile chun níos mó foirgneamh a bheidh neodrach nach mór ó thaobh fuinnimh de a thógáil, agus ba cheart dóibh tuarascáil faoi na pleananna sin a thabhairt don Choimisiúin go tráthrialta.~~

---

⇩ nua

(19) Le huaillmhian fheabhsaithe aeráide agus fuinnimh an Aontais, tá gá le fís nua d'fhoirgnimh: an foirgneamh astaíochtaí nialasacha, a bhfuil éileamh fuinnimh an-íseal air cumhdaithe go hiomlán le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil. Ba cheart gach foirgneamh nua a bheith ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha, agus ba cheart gach foirgneamh atá ann cheana a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050.

(20) Tá roghanna éagsúla ar fáil chun riachtanais fuinnimh foirgnimh éifeachtúil a chumhdach le fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite: foinsí in-athnuaite ar an láthair amhail grianfhuinneamh teirmeach, fuinneamh fótavoltach gréine, teaschaidéil agus bithmhais, fuinneamh in-athnuaite arna sholáthar ag comhphobail fuinnimh in-

athnuaite nó ag pobail fuinnimh saoránach, agus téamh agus fuarú ceantair bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh nó ar dhramhtheas.

(21) Chun dícharbónú riachtanach stoc foirgnimh an Aontais a dhéanamh, ní mór athchóiriú fuinnimh ar mhórscála a dhéanamh: tá beagnach 75 % den stoc foirgnimh sin neamhéifeachtúil de réir na gcaighdeán foirgnimh atá ann faoi láthair, agus beidh 85-95 % de na foirgnimh atá ann faoi láthair fós ina seasamh faoin mbliain 2050. Mar sin féin, tá an ráta bliantúil ualaithe athchóirithe fuinnimh íseal i gcónaí ag thart ar 1 %. Ag an luas atá ann faoi láthair, bheadh na céadta bliain de dhíth chun earnáil na foirgníochta a dhícharbónú. Dá bhrí sin, is príomhsprioc de chuid na Treorach seo é an t-athchóiriú foirgneamh a ghníomhachtú agus tacú leis, lena n-áirítear athrú i dtreo córais téimh atá saor ó astaíochtaí.

(22) Uirlis rialála riachtanach atá sna híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh maidir leis an athchóiriú ar na foirgnimh atá ann cheana a ghníomhachtú ar mhórscála, toisc go dtéann siad i ngleic leis na príomhbhacainní ar athchóiriú amhail dreasachtaí deighilte agus struchtúir chomhúinéireachta, nithe nach féidir a shárú le dreasachtaí eacnamaíocha. Mar thoradh ar thabhairt isteach íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh, ba cheart na foirgnimh is measa feidhmíocht a chéimniú amach agus feabhas a chur ar bhonn leanúnach ar an stoc náisiúnta foirgnimh, rud a chuirfeadh leis an sprioc fhadtéarmach maidir le stoc foirgnimh dícharbónaithe faoin mbliain 2050.

(23) Leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a shocraítear ar leibhéal an Aontais, ba cheart díriú ar athchóiriú na bhfoirgneamh lena ngabhann an acmhainneacht is airde ó thaobh an dícharbónaithe de, laghdú na bochtaineachta fuinnimh agus síneadh a chur leis na sochair shóisialta agus eacnamaíocha, agus go háirithe ar na foirgnimh is measa feidhmíocht, ar gá tosaíocht a thabhairt dóibh ó thaobh an athchóirithe de.

(24) A mhéid a bhaineann leis an gcuid eile den stoc foirgnimh náisiúnta, is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh an mian leo íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a thabhairt isteach, ar caighdeáin iad a ceapadh ar an leibhéal náisiúnta agus a oiriúnaíodh do choinníollacha náisiúnta. Nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh aige ar an Treoir seo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh an gá íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh bhreise a thabhairt isteach chun stoc foirgnimh dícharbónaithe a bhaint amach faoin mbliain 2050.

(25) Ba cheart creat cumasúcháin lena n-áirítear cúnamh teicniúil agus bearta airgeadais a bheith ag gabháil le tabhairt isteach íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh. Maidir leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh arna socrú ar an leibhéal náisiúnta, ní hionann iad agus 'caighdeáin an Aontais' de réir bhrí rialacha maidir leis an státchabhair agus cé go bhféadfaí a mheas gurb ionann íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais agus 'caighdeáin Aontais' den sórt sin. I gcomhréir le rialacha athbhreithnithe maidir leis an státchabhair, féadfaidh na Ballstáit státchabhair a dheonú chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh d'fhonn na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais a chomhlíonadh, go príomha chun aicme áirithe feidhmíochta fuinnimh a bhaint amach, go dtí go mbeidh na caighdeáin uile-Aontais sin éigeantach. A luaithe a bheidh na caighdeáin éigeantach, féadfaidh na Ballstáit leanúint de státchabhair a dheonú chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar aonaid foirgneamh a thagann faoi na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais ar choinníoll go bhfuil sé d'aidhm leis an athchóiriú foirgneamh caighdeán níos airde ná an aicme feidhmíochta íosta fuinnimh sonraithe a bhaint amach.

(26) Déantar gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar fud an gheilleagair a aicmiú i dTacsanomaíocht AE, lena n-áirítear d'earnáil na

foirgníochta. Faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Gné na hAeráide de Thacsanomaíocht AE, meastar gur gníomhaíocht inbhuanaithe é an t-athchóiriú foirgneamh i gcás ina mbaintear amach coigiltis fuinnimh 30 % ar a laghad leis, i gcás ina gcomhlíonann sé íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh chun athchóiriú mór a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana, nó i gcás inarb é atá ann bearta aonair a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, amhail trealamh éifeachtúlachta fuinnimh a shuiteáil, a chothabháil nó a dheisiú nó ionstraimí agus feistí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a thomhas, a rialáil agus a rialú, i gcás ina gcomhlíonann na bearta aonair sin na critéir a leagtar amach. Is gnáth go mbíonn an t-athchóiriú foirgneamh d'fhonn cloí le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais i gcomhréir le critéir Thacsanomaíocht AE a bhaineann le gníomhaíochtaí athchóirithe foirgneamh.

(27) Ba cheart na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais a bheith bunaithe ar aicmí comhchuibhithe feidhmíochta fuinnimh. Tríd an aicme feidhmíochta fuinnimh is ísle G a shainmhíniú mar an 15 % is measa feidhmíocht de stoc náisiúnta foirgnimh gach Ballstáit, áirithítear iarrachtaí comhchosúla ag na Ballstáit go léir trí aicmí feidhmíochta fuinnimh a chomhchuibhiú, agus áirithítear leis an sainmhíniú ar an aicme feidhmíochta fuinnimh is fearr A cóineasú scála na haicme feidhmíochta fuinnimh comhchuibhithe i dtreo na físe comhchoitinne d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha.

(28) Bhí íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh atá ann cheana agus do chodanna d'fhoirgnimh atá ann cheana i leaganacha den Treoir seo a bhí ann roimhe agus ba cheart go leanfaidís d'fheidhm a bheith acu. Cé go leagtar síos leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a tugadh isteach le déanaí íosfheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana agus go n-áirithítear leo go ndéanfar foirgnimh neamhéifeachtúla a athchóiriú, go n-áirithítear le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana agus codanna d'fhoirgnimh an doimhneacht is gá don athchóiriú nuair a dhéanfar athchóiriú.

(29) Chun stoc foirgnimh atá dícharbónaithe agus an-fhuinneamhéifeachtúil a bhaint amach agus chun na foirgnimh atá ann cheana a aistriú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050, ba cheart do na Ballstáit pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh a bhunú, a chuirfear in ionad na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha agus a bheidh ina n-uirlis pleanála do na Ballstáit atá iomlán oibríochtúil agus níos láidre, agus lena ndíreofar níos mó ar mhaoiniú agus lena n-áiritheofaí go mbeidh oibrithe a bhfuil na scileanna iomchuí acu ar fáil chun athchóirithe foirgneamh a dhéanamh. Ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, ba cheart do na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta féin a shocrú maidir le hathchóiriú foirgneamh. I gcomhréir le hAirteagal 21(b)(7) de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis na coinníollacha cumasúcháin a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2021/60 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], ba cheart do na Ballstáit achoimre a thabhairt ar bhearta maoiniúcháin,

[40] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo siúd agus maidir leis an gCiste um Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Thacaíocht Airgeadais do Bhainistíocht Teorann agus Beartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

mar aon le breac-chuntas ar na riachtanais infheistíochta agus ar na hacmhainní riaracháin le haghaidh chur chun feidhme a bpleananna athchóirithe foirgneamh.

(30) Ba cheart na pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh a bhunú ar theimpléad comhchuibhithe chun inchomparáideacht pleananna a áirithiú. Chun an uaillmhian is gá a áirithiú, ba cheart don Choimisiún na dréachtphleananna a mheasúnú agus moltaí a eisiúint do na Ballstáit.

(31) Ba cheart na pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh a bheith nasctha go dlúth leis na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999, agus ba cheart an dul chun cinn maidir le baint amach na spriocanna náisiúnta agus rannpháirtíocht na bpleananna athchóirithe foirgneamh le spriocanna náisiúnta agus le spriocanna an Aontais a thuairisciú mar chuid den tuairisciú débhliantúil faoi Rialachán (AE) 2018/1999. I bhfianaise a phráinní atá sé an t-athchóiriú a mhéadú ar bhonn pleananna náisiúnta daingne, ba cheart an dáta a shocrú a luaithe is féidir chun an chéad phlean náisiúnta athchóirithe foirgneamh a thíolacadh.

(32) Is féidir le hathchóiriú céimneach a bheith ina réiteach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hardchostais tosaigh agus an dua a d'fhéadfadh a bheith ann do na háitritheoirí nuair a dhéantar an t-athchóiriú 'in aon iarracht amháin'. Mar sin féin, ní mór an t-athchóiriú céimneach sin a phleanáil go cúramach ionas nach gcuirfidh céim athchóirithe amháin bac ar chéimeanna riachtanacha eile ina dhiaidh sin. Le pasanna athchóirithe soláthraítear treochlár soiléir d'athchóiriú céimneach, rud a chabhraíonn le húinéirí agus le hinfheisteoirí an tráthúlacht agus an scóip is fearr chun idirghabhálacha a phleanáil. Dá bhrí sin, ba cheart pasanna athchóirithe a chur ar fáil mar uirlis dheonach d'úinéirí foirgneamh ar fud na mBallstát go léir.

(33) Níor sainmhíníodh an coincheap 'athchóiriú domhain' i reachtaíocht an Aontais go fóill. D'fhonn an fhís fhadtéarmach d'fhoirgnimh a bhaint amach, ba cheart athchóiriú domhain a shainmhíniú mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh astaíochtaí nialasacha; sa chéad chéim, mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de. Is é is cuspóir don sainmhíniú sin feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú. Is deis den scoth é athchóiriú domhain chun críocha na feidhmíochta fuinnimh maidir le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe eile amhail dálaí maireachtála teaghlach leochaileach, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, athléimneacht i gcoinne rioscaí tubaistí lena n-áirítear an athléimneacht sheismeach, sábháilteacht ó dhóiteán, substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.

(34) D'fhonn an t-athchóiriú domhain a chothú, atá ar cheann de spriocanna an tionscnaimh 'rabharta athchóiriúcháin', ba cheart do na Ballstáit tacaíocht airgeadais agus riaracháin níos fearr a thabhairt don athchóiriú domhain.

(35) Ba cheart do na Ballstáit tacú le huasghráduithe feidhmíochta fuinnimh ar fhoirgnimh atá ann faoi láthair a chuidíonn le timpeallacht shláintiúil laistigh a bhaint amach, lena n-áirítear trí aispeist agus substaintí díobhálacha eile a bhaint, lena gcuirtear cosc ar bhaint neamhdhleathach substaintí díobhálacha agus comhlíonadh gníomhartha

reachtacha atá ann cheana féin amhail Treoracha 2009/148/AE[41] agus Treoir (AE) 2016/2284[42] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á éascú.

(36) Meastar go mbeidh ról ríthábhachtach ag feithiclí leictreacha maidir le dícharbónú agus éifeachtúlacht an chórais leictreachais, go príomha trí sheirbhísí solúbthachta, cothromúcháin agus stórála a sholáthar, go háirithe trí chomhiomlánú. Ba cheart leas iomlán a bhaint as acmhainneacht sin na bhfeithiclí leictreacha comhtháthú leis an gcóras leictreachais agus rannchuidiú le héifeachtúlacht an chórais agus le hionsú breise leictreachais in-athnuaite. Tá tábhacht ar leith ag baint le luchtú i dtaca le foirgnimh, ós rud é gur anseo a bhíonn feithiclí leictreacha páirceáilte go rialta agus ar feadh tréimhsí fada ama. Tá an luchtú mall tíosach agus is féidir le suiteáil pointí athluchtaithe i spásanna príobháideacha stóráil fuinnimh a sholáthar don fhoirgneamh lena mbaineann agus seirbhísí luchtaithe cliste agus seirbhísí um chomhtháthú córas i gcoitinne a chomhtháthú.

(37) Nuair atá feithiclí leictreacha comhcheangailte le sciar méadaithe de tháirgeadh leictreachais in-athnuaite, táirgeann siad níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is cuid thábhachtach d'aistriú fuinnimh glan iad feithiclí leictreacha bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, breoslaí malartacha, fuinnimh in-athnuaite agus réitigh nuálacha bainistithe solúbthachta fuinnimh. Is féidir cóid foirgníochta a úsáid go héifeachtach chun ceanglais spriocdhírithe a thabhairt isteach chun tacú le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe i gcarrchlóis foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe. Ba cheart do na Ballstáit bacainní amhail dreasachtaí deighilte agus castachtaí riaracháin a bhaint a bhíonn ina mbacainní ag úinéirí aonair agus iad ag iarraidh pointe athluchtaithe a shuiteáil ar a spás páirceála.

(38) Leis an réamhcháblú cuirtear na dálaí cearta ar fáil d'imscaradh gasta pointí athluchtaithe más gá agus i gcás ina bhfuil gá leo. Le bonneagar atá ar fáil go héasca laghdófar costais suiteála pointí athluchtaithe d'úinéirí aonair agus áiritheofar go mbeidh rochtain ag úsáideoirí feithiclí leictreacha ar phointí athluchtaithe. Ceanglais a bhunú do leictrea-shoghluaiseacht ar leibhéal an Aontais a bhaineann le trealamh a chur i spásanna páirceála roimh ré agus pointí athluchtaithe a shuiteáil, is bealach éifeachtach é sin chun feithiclí leictreacha a chur chun cinn go luath amach anseo agus forbairtí breise á gcumasú ar chostas laghdaithe ar bhonn meántéarmach go fadtéarmach. I gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar phointí athluchtaithe.

(39) Leis an luchtú cliste agus luchtú déthreoch cumasaítear comhtháthú foirgneamh sa chóras fuinnimh. Pointí athluchtaithe áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla áit a mbíonn daoine páirceáilte ar chúiseanna cónaithe nó fostaíochta, is pointí iad sin atá an-ábhartha do chomhtháthú an chórais fuinnimh, mar sin is gá feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste a áirithiú. I gcásanna ina dtabharfadh luchtú déthreoch cúnamh do fhlíteanna feithiclí leictreacha dul i bhfód breise a dhéanamh ó thaobh leictreachas in-athnuaite de in earnáil an iompair agus sa chóras leictreachais i gcoitinne, ba cheart feidhmiúlacht den sórt sin a chur ar fáil freisin.

---

41 Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé aispeiste ar an láthair oibre (IO L 330, 16.12.2009, lch. 28).

42 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

(40) Cuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip is ea an tsoghluaisteacht ghlas a chur chun cinn agus is féidir le foirgnimh ról tábhachtach a bheith acu maidir leis an mbonneagar is gá a chur ar fáil, ní hamháin chun feithiclí leictreacha a athluchtú ach rothair freisin. Is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar a laghdú go suntasach ach aistriú chuig soghluaisteacht bhog, an rothaíocht mar shampla. Mar a leagtar amach sa phlean um Sprioc Aeráide 2030, trí mhéadú a dhéanamh ar chionta módacha an iompair phríobháidigh agus phoiblí atá glan agus éifeachtúil, an rothaíocht mar shampla, is lú go mór an truailliú a thiocfaidh ón iompar agus rachaidh sé chun sochair go mór do shaoránaigh agus do phobail aonair. Tá an easpa spásanna páirceála rothar ina bhac mór ar dhaoine tabhairt faoin rothaíocht, i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe araon. Is féidir le cóid foirgníochta tacú go héifeachtach leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos glaine trí cheanglais a leagan síos do líon íosta spásanna páirceála rothar.

(41) Ba cheart cláir oibre an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus an Aontais Fuinnimh a bheith ailínithe agus freastal ar spriocanna comhchoiteanna. Tá digitiú an chórais fuinnimh ag athrú earnáil an fhuinnimh go tapa, ó chomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh go heangacha cliste agus foirgnimh atá ullamh don teicneolaíocht chliste. Chun earnáil na foirgníochta a dhigitiú, tá spriocanna nascachta agus uaillmhianta an Aontais maidir le himscaradh líonraí cumarsáide ardtoillte tábhachtach d'fhoirgnimh chliste agus do phobail dhea-nasctha. Ba cheart dreasachtaí spriocdhírithe a sholáthar chun córais atá ullamh don teicneolaíocht-chliste agus réitigh dhigiteacha a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha. Leis sin chuirfí deiseanna nua ar fáil do choigiltí fuinnimh, trí eolas níos cruinne a thabhairt do thomhaltóirí faoina bpatrúin ídithe agus trí chur ar chumas an oibreora córais an eangach a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí.

(42) Chun margadh iomaíoch agus nuálach do sheirbhísí foirgneamh cliste a éascú, ar margadh é a rannchuideoidh le húsáid éifeachtúil fuinnimh agus le comhtháthú éifeachtúil fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh agus a thacóidh le hinfheistíochtaí san athchóiriú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain dhíreach ag páirtithe leasmhara ar shonraí na gcóras tógála. Chun costais riaracháin iomarcacha a sheachaint do thríú páirtithe, éascóidh na Ballstáit idir-inoibritheacht iomlán seirbhísí agus malartú sonraí laistigh den Aontas.

(43) Ba cheart an táscaire ullmhachta cliste a úsáid chun tomhas a dhéanamh ar chumas foirgneamh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus córais leictreonacha a úsáid d'fhonn oibriú na bhfoirgneamh a chur in oiriúint do riachtanais na n-áititheoirí agus na heangaí agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fhoriomlán foirgneamh a fheabhsú. Leis an táscaire ullmhachta cliste, ba cheart feasacht a mhúscailt i measc úinéirí agus áititheoirí foirgnimh maidir leis an luach atá ar an uathoibriú foirgneamh agus ar an bhfaireachán leictreonach ar chórais theicniúla foirgneamh agus muinín a thabhairt d'áititheoirí maidir leis na coigiltí iarbhír a bhaineann leis na feidhmiúlachtaí breisithe nua sin. Tá tairbhe ar leith ag baint leis an táscaire ullmhachta cliste maidir le foirgnimh mhóra a bhfuil éileamh ard fuinnimh orthu. Maidir le foirgnimh eile, ba cheart úsáid na scéime chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil a bheith roghnach do na Ballstáit.

↓ 2010/31/AE aithris 18 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(44) ⇨ Tá rochtain ar chistiú leordhóthanach ríthábhachtach chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 agus 2050 a bhaint amach. ⇦ Tá ionstraimí airgeadais an Aontais agus bearta nach iad ~~á gcur~~ ⌦ curtha ⌫ i bhfeidhm nó in oiriúint d'fhonn ⇨ tacú le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ⇦ ~~bearta a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh~~. ⇨ Áirítear ar na tionscnaimh is déanaí chun infhaigheacht an mhaoinithe a mhéadú ar leibhéal an Aontais, *inter alia*, an ghné shuaitheanta den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2041/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43] agus de Chiste Sóisialta na hAeráide a bunaíodh le Rialachán (AE) .../... Is féidir le roinnt clár tábhachtach eile de chuid an Aontais tacú leis an athchóiriú fuinnimh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, lena n-áirítear cistí an bheartais chomhtháthaithe agus an Ciste InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44]. Trí Chreatchláir um thaighde agus um nuálaíocht, infheistíonn an tAontas i ndeontais nó in iasachtaí chun an teicneolaíocht is fearr a bhrú agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí leis an tionscal agus leis na Ballstáit amhail an tAistriú Fuinnimh Glan agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha Built4People. ⇦ ~~Ar na hionstraimí airgeadais sin ar leibhéal an Aontais tá, inter alia, Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa[45], arna leasú chun infheistíocht bhreise san éifeachtúlacht fuinnimh a cheadú; an chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí maidir le tionscnamh "foirgneamh san Eoraip atá tíosach ó thaobh fuinnimh de" chun teicneolaíochtaí glasa agus forbairt córas agus ábhar tíosach ó thaobh fuinneamh de a chur chun cinn i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh athchóirithe; Tionscnamh CE-Bainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) "Tionscnamh Maoinithe an AE don Fhuinneamh Inbhuanaithe" arb é is aidhm dó, inter alia, infheistíochtaí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus an "Chiste Marguerite" atá faoi stiúir BEI: ciste Eorpach 2020 le haghaidh Fuinnimh, an Athraithe Aeráide agus Bonneagair; le Treoir 2009/47/CE ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le rátaí laghdaithe cánach breisluacha[46], ionstraim Cistí Struchtúracha agus Cistí Comhtháthaithe Jeremie (Comhacmhainní Eorpacha le haghaidh Micrifhiontar agus Fiontar Meánmhéide); An tSaoráid Airgeadais um Éifeachtúlacht fuinnimh; leis an gCreatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht lena n-áirítear Clár Fuinnimh Chliste san Eoraip II, dííodh go sonrach ar bhaic sna margaí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite tríd an tsaoráid um chúnamh teicniúil ELENA (an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh), mar shampla; Cúnant na Méaraí; An Clár Fiontraíochta agus Nuálaíochta; an Clár Tacaíochta Beartais Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) 2010, agus an Seachtú Creatchlár le haghaidh Taighde agus Forbartha~~

[43] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021)

[44] Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

[45] ~~IO L 210, 31.7.2006, lch. 1.~~

[46] ~~IO L 116, 9.5.2009, lch. 18.~~

~~Teicneolaíochta. Anuas air sin, cuireann an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha maoiniú ar fáil agus é d'aidhm aige bearta a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh.~~

---

🡻 2010/31/AE aithris 19
⇨ nua

(45) Ba cheart ionstraimí airgeadais an Aontais a úsáid chun cuspóirí na Treorach seo a chur i bhfeidhm, ach gan bearta náisiúnta a chur ina n-áit. Thar aon rud eile, ⇨ de bharr scála na hiarrata athchóirithe atá ag teastáil, ⇦ba cheart iad a úsáid chun modhanna maoinithe iomchuí agus ceannródaíocha a chur ar fáil chun dlús a chur le hinfheistíocht ⇨ i bhfeidhmíocht fuinnimh foirgneamh ⇦ ~~i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh~~. D'fhéadfadh tábhacht ar leith a bheith leo chun cistí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt chomh maith le hionstraimí nó sásraí, rudaí a chuireann na féidearthachtaí sin ar fáil d'úinéirí réadmhaoine, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí seirbhíse éifeachtúlachta fuinnimh.

---

⇩ nua

(46) Ba cheart ról lárnach a bheith ag sásraí airgeadais, dreasachtaí agus cur ag gluaiseacht institiúidí airgeadais d'athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh sna pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh agus ba cheart do na Ballstáit na nithe sin a chur chun cinn ar bhonn gníomhach. Ba cheart go n-áireofaí le bearta den sórt sin morgáistí fuinneamhéifeachtúla a spreagadh d'athchóiriú foirgneamh fuinneamhéifeachtúil deimhnithe, lena gcuirtear infheistíochtaí d'údaráis phoiblí chun cinn i stoc foirgnimh fuinneamhéifeachtúil, mar shampla trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó conarthaí feidhmíochta fuinnimh nó an baol a mheastar a bhaineann leis na hinfheistíochtaí a laghdú.

(47) Ní dhéanfar freastal ar na riachtanais athchóirithe tríd an maoiniú amháin. Mar aon leis an maoiniú, tá bunú uirlisí comhairleacha agus ionstraimí cúnaimh inrochtana agus trédhearcacha amhail ionaid ilfhreastail ina soláthraítear seirbhísí agus éascaitheoirí athchóirithe fuinnimh comhtháite, chomh maith le bearta agus tionscnaimh eile a chur chun feidhme amhail iad siúd dá dtagraítear i Maoiniú Cliste d'Fhoirgnimh Chliste ón gCoimisiún, tá sé fíor-riachtanach chun an creat ceart cumasúcháin a chur ar fáil agus deireadh a chur le bacainní ar an athchóiriú.

(48) Is minic a bhíonn foirgnimh neamhéifeachtúla nasctha le bochtaineacht fuinnimh agus le fadhbanna sóisialta. Tá teaghlaigh leochaileacha neamhchosanta go háirithe ar phraghsanna fuinnimh mar go gcaitheann siad sciar níos mó dá mbuiséad ar tháirgí fuinnimh. Trí bhillí iomarcacha fuinnimh a laghdú, is féidir leis an athchóiriú foirgneamh daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht fuinnimh agus í a chosc. Ag an am céanna, níl an t-athchóiriú foirgneamh saor in aisce, agus tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcoinneofar tionchar sóisialta na gcostas a bhaineann leis an athchóiriú foirgneamh, go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, faoi smacht. Níor cheart aon duine a fhágáil ar gcúl leis an rabharta athchóiriúcháin, agus níor cheart é a thapú mar dheis chun staid na dteaghlach leochaileach a fheabhsú agus aistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart dreasachtaí airgeadais agus bearta beartais eile a bheith mar sprioc thosaíochta do theaghlaigh leochaileacha, do dhaoine a bhfuil tionchar ag an mbochtaineacht fuinnimh orthu agus do dhaoine atá ina gcónaí

i dtithíocht shóisialta, agus ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun díshealbhuithe de bharr athchóirithe a chosc. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú, soláthraítear creat coiteann agus comhthuiscint ar bheartais chuimsitheacha agus ar infheistíochtaí cuimsitheacha a bhfuil gá leo chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú cothrom.

---

🡻 2010/31/AE aithris 20

~~Chun faisnéis leordhóthanach a sholáthar don Choimisiún, ba cheart do na Ballstáit liosta de na bearta atá ann cheana agus de na bearta atá molta a chur le chéile, lena n-áirítear na bearta sin a bhaineann le cúrsaí airgeadais, seachas na bearta a cheanglaítear leis an Treoir seo, bearta a chuireann cuspóirí na Treorach seo chun cinn. Féadfar a áireamh ar na bearta atá ann cheana, agus ar na bearta a mholtar atá liostaithe ag na Ballstáit, go háirithe, bearta arb é is aidhm dóibh baic dhlíthiúla agus baic sna margaí atá ann cheana a laghdú agus infheistíochtaí a spreagadh agus/nó gníomhaíochtaí eile chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh nua agus foirgneamh atá ann cheana a fheabhsú, rud a d'fhéadfadh cuidiú le bochtaineacht fuinnimh a laghdú. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin cuidiú teicniúil agus comhairle, fóirdheontais dhíreacha, scéimeanna fóirdheonaithe iasachtaí nó iasachtaí ar ráta íseal úis, scéimeanna deontas agus scéimeanna ráthaíochta iasachtaí nach gá na bearta sin a bheith teoranta dóibh sin amháin. Na húdaráis phoiblí agus institiúidí eile a sholáthraíonn na bearta sin a bhaineann le cúrsaí airgeadais, d'fhéadfaidís cur i bhfeidhm na mbeart sin a nascadh leis an bhfeidhmíocht fuinnimh tháscach agus leis na moltaí a luaitear ar theastais feidhmíochta fuinnimh.~~

---

🡻 2010/31/AE aithris 21

~~Chun an t-ualach tuarascála atá ar na Ballstáit a theorannú do ba cheart go bhféadfaí na tuarascálacha a cheanglaítear leis an Treoir seo a chuimsiú sna Pleananna Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreáin 2006 maidir le fuinnimh, héifeachtúlacht fuinnimh na úsáide deiridh agus seirbhísí fuinnimh[47]. Ba cheart don earnáil phoiblí i ngach Ballstát eolas na slí a dhéanamh i réimse fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, agus dá bhrí sin ba cheart go socrófaí spriocanna ní b'uaillmhianaí sna pleananna náisiúnta maidir leis na foirgnimh a bhfuil na húdaráis phoiblí lonnaithe iontu.~~

---

🡻 2010/31/AE aithris 22 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(49) ⇨D'fhonn a áirithiú gur féidir le ceannaitheoirí nó tionóntaí ionchasacha feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur san áireamh go luath sa phróiseas, ba cheart teastas feidhmíochta fuinnimh a bheith ag gabháil le foirgnimh nó aonaid foirgnimh a thairgtear le díol nó le cur amach ar cíos, agus ba cheart an aicme feidhmíochta fuinnimh agus an táscaire feidhmíochta fuinnimh a lua i ngach fógrán. ⇦ Ba cheart an fhaisnéis cheart a thabhairt don cheannaitheoir ionchasach ⌦ nó ⌫ ~~agus~~ do thionónta foirgnimh nó aonaid foirgnimh sa teastas feidhmíochta fuinnimh maidir le

---

47 ~~IO L 114, 27.4.2006, lch. 64.~~

feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh agus ba cheart moltaí praiticiúla a bheith ann freisin maidir leis an bhfeidhmíocht sin a fheabhsú. ~~Is féidir go mbeidh feachtais faisnéise ina gcuidiú chun níos mó úinéirí agus tionóntaí a ghríosadh chun feidhmíocht fuinnimh a bhfoirgnimh nó a n-aonaid foirgnimh a fheabhsú. Anuas air sin, ba cheart úinéirí agus tionóntaí foirgneamh tráchtála a spreagadh chun faisnéis a mhalartú le chéile maidir le hídiú iarbhír fuinnimh, chun a áirithiú go bhfuil na sonraí ar fad ar fáil chun cinntí faoi bhonn eolais a dhéanamh i dtaobh feabhsuithe riachtanacha.~~ Sa bhreis air sin, ba cheart faisnéis ~~i dtaobh an tionchair iarbhír a imríonn téamh agus fuarú ar riachtanais fuinnimh an fhoirgnimh,~~ a bheith sa teastas feidhmíochta fuinnimh maidir lena ídiú fuinnimh príomhúil ⇨ , ar a tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite ⇦ agus ar na astaíochtaí ⇨ gás ceaptha teasa oibríochtúla ⇦~~dé-ocsaíde carbóin~~.

---

⇩ nua

(50) Éascaítear faireachán ar stoc na bhfoirgneamh trí infhaighteacht sonraí arna mbailiú ag uirlisí digiteacha, rud a laghdóidh costais riaracháin. Dá bhrí sin, ba cheart bunachair sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun, agus ba cheart an fhaisnéis atá iontu a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgnimh.

---

🡻 2010/31/AE aithris 23

~~Ba cheart d'údaráis phoiblí dea-shampla a thabhairt agus féachaint leis na moltaí atá sa teastas feidhmíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm. Ba cheart do na Ballstáit bearta a bheith acu ina gcuid pleananna gníomhaíochta chun tacaíocht a thabhairt d'údaráis phoiblí chun glacadh go luath le feabhsuithe agus chun na moltaí atá sa teastas feidhmíochta fuinnimh a chur chun feidhme a luaithe is féidir.~~

---

🡻 2010/31/AE aithris 24 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(51) Foirgnimh a bhfuil údaráis phoiblí lonnaithe iontu agus foirgnimh a dtugann an pobal cuairt orthu go minic, ba cheart do na foirgnimh sin dea-shampla a thabhairt agus iad ag léiriú go gcuirtear cúrsaí comhshaoil agus fuinnimh san áireamh, agus dá bhrí sin ba cheart na foirgnimh sin a bheith ag deimhniúchán fuinnimh go tráthrialta. Ba cheart scaipeadh faisnéise poiblí maidir le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú trí na teastais fuinnimh ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ a thaispeáint go soiléir, go háirithe i bhfoirgnimh de mhéid áirithe atá áitithe ag údaráis phoiblí nó foirgnimh a dtugann an pobal cuairt orthu go minic, mar atá ⇨ hallaí baile, scoileanna, ⇦ siopaí agus ionaid siopadóireachta, ollmhargaí, bialanna, amharclanna, bainc agus óstáin.

---

🡻 2010/31/AE aithris 25

(52) Le blianta beaga anuas tá fás tagtha ar líon na gcóras aerchóirithe i dtíortha na hEorpa. Bíonn fadhbanna móra ann ag na hamanna is mó éileamh ar na córais sin, rud a chuireann le costas an leictreachais chomh maith leis an gcomhordú fuinnimh a chur as a riocht. Ba cheart tús áite a thabhairt do straitéisí a chuireann feabhas ar fheidhmíocht theirmeach na bhfoirgneamh i rith an tsamhraidh. Chuige sin, ba cheart go ndíreofaí ar bhearta lena seachnófar an róthéamh, an scáthú agus acmhainn

theirmeach leordhóthanach i dtógáil na bhfoirgneamh cuir i gcás, agus teicnící fuaraithe éighníomhaigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm níos mó, go príomha na teicnící a chuireann feabhas ar dhálaí aeráide laistigh agus ar an micrea-aeráide thart ar fhoirgnimh.

---

🡻 2010/31/AE aithris 26
⇨ nua

(53) Ach na córais téimh ⇨ , aerála ⇦ agus aerchóirithe a chur á gcothabháil agus á n-iniúchadh go tráthrialta ag pearsanra cáilithe, cuidíonn sé sin lena gcoinneáil ar an socrú ceart i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge agus ar an mbealach sin, áirítear an fheidhmíocht is fearr ó thaobh an chomhshaoil, na sábháilteachta agus an fhuinnimh de. Ba cheart measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an gcóras téimh ⇨ , aerála ⇦ agus aerchóirithe ar fad go tráthrialta le linn a shaolré agus go háirithe sula ndéantar é a athsholáthar nó a nuashonrú. Chun an t-ualach riaracháin ar úinéirí foirgnimh agus tionóntaí a laghdú, ba cheart do na Ballstáit féachaint le hiniúchtaí agus deimhniúcháin a dhéanamh in aon fheacht le chéile más féidir.

---

🡻 2010/31/AE aithris 27 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(54) Má ghlactar cur chuige coiteann maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ⇨ , pasanna athchóirithe; táscairí ullmhachta cliste ⇦ a dheimhniú agus ~~le~~ iniúchadh a dhéanamh ar chórais téimh agus aerchóirithe, agus an méid sin á chur i gcrích ag saineolaithe cáilithe ~~agus/~~nó ⇨ deimhnithe ⇦ ~~creidiúnaithe~~, rud a ndéanfar a neamhspleáchas a ráthú ar bhonn critéar oibiachtúil, ~~beidh sé sin~~ agus a rannchuideoidh le cothrom na féinne a bhaint amach a mhéid a bhaineann leis na hiarrachtaí a dhéantar sna Ballstáit chun fuinneamh a choigilt in earnáil na bhfoirgneamh, agus lena dtabharfaí isteach trédhearcacht d'úinéirí nó úsáideoirí ionchasacha maidir le feidhmíocht fuinnimh i margadh réadmhaoine an Aontais. Chun cáilíocht na dteastas feidhmíochta fuinnimh ⇨ , pasanna athchóirithe agus táscairí ullmhachta cliste ⇦ agus cáilíocht chigireachtaí na gcóras téimh agus aerchóirithe a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart sásra neamhspleách rialaithe a bhunú i ngach Ballstát.

---

🡻 2010/31/AE aithris 28

(55) Ó tharla gur ríthábhachtach údaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun feidhme na Treorach seo go rathúil, ba cheart dul i gcomhairle leo agus a rannpháirtíocht a lorg, sa chás agus san am inarb iomchuí sin i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, maidir le cúrsaí pleanála, cláir a fhorbairt chun faisnéis a sholáthar, oiliúint agus fógraíocht, agus maidir le cur chun feidhme na Treorach seo ar an leibhéil náisiúnta agus réigiúnach. Féadfaidh comhairliúcháin den chineáil sin fónamh chun treoir leordhóthanach a chur ar fáil do phleanálaithe áitiúla ionas gur féidir leo na tascanna is gá a dhéanamh a chur i gcrích. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit pleanálaithe agus ailtirí a chumasú agus a spreagadh chun go mbeidh siad in ann a machnamh a dhéanamh mar is ceart ar an teaglaim is fearr agus is feiliúnaí d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, de theicneolaíochtaí ardéifeachtúlachta agus den téamh agus den fhuarú

spáis, tráth a mbeidh pleanáil, dearadh, tógáil nó athfheistiú á ndéanamh acu ar limistéir thionsclaíocha, thráchtála nó chónaithe.

---

↓ 2010/31/AE aithris 29

(56) Tá tábhacht ar leith ag baint le suiteálaithe agus tógálaithe má tá i ndán go mbeidh rath ar chur chun feidhme na Treorach seo. Dá bhrí sin, tríd an oiliúint agus trí bhearta eile, ba cheart an leibhéil iomchuí inniúlachta a bheith ag líon leordhóthanach suiteálaithe agus tógálaithe chun suiteáil agus comhtháthú a dhéanamh ar an teicneolaíocht fuinneamhéifeachtúil in-athnuaite atá ag teastáil.

---

↓ 2010/31/AE aithris 30

~~Ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla[48] a aithint i ndáil le haitheantas firthpháirteach a thabhairt do shaineolaithe gairmiúla, rudaí a dtugtar aghaidh orthu sa Treoir seo, agus ba cheart don Choimisiún leanúint dá ghníomhaíochtaí faoin gClár Eorpaigh "Intelligent Energy" maidir le treoracha agus moltaí i dtaobh cáilíochtaí a bhaineann le hoiliúint na saineolaithe gairmiúla sin.~~

---

↓ 2010/31/AE aithris 31 (oiriúnaithe)

~~Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht i leith feidhmíocht fuinnimh i margadh réadmhaoine neamhchónaithe an Aontais, ba cheart coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le scéim choiteann deimhniúcháin dheonach i dtaobh feidhmíochta fuinnimh foirgneamh neamhchónaithe a chur ar bun. I gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE, leagfar síos roimh ré rialacha agus prionsabail ghinearálta maidir le sásraí chun go ndéanfadh na Ballstát cur i bhfeidhm chumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin a rialú, agus leagfar síos iad le rialachán a ghlacfar i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. I rith na tréimhse sula nglactar an rialachán sin, tá feidhm go fóill ag Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún[49] cé is moite den nós imeachta rialála lena ngabhann grinnscrúdú, toisc nach bhfuil sé sin infheidhme.~~

---

↓ 2010/31/AE aithris 32 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(57) ⌦ D'fhonn cur a thuilleadh leis na feabhsúcháin ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, an chumhacht ⌫ ~~Ba cheart an Coimisiún é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún~~ gníomhartha ~~tarmligthe~~ a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE ⌦ ba cheart í a tharmligean chuig an gCoimisiún ⌫ i ndáil le codanna áirithe den chreat ginearálta a athchóiriú i gcomhréir le dul chun cinn teicniúil mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ~~agus~~ i dtaca le creat modheolaíochta a bhunú chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh ⇨ , i ndáil leis na

---

48 ~~IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.~~
49 ~~IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.~~

tairseacha d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha a oiriúnú agus leis an modheolaíocht ríofa maidir leis an Acmhainneacht Téite Domhanda saolré, i ndáil le bunú creata chomhchoiteann Eorpaigh le haghaidh pasanna athchóirithe agus i ndáil le scéim an Aontais chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil ⇦ . Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe ⌦ , agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[50]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe ⌫ .

---

⇩ nua

(58) D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir seo a áirithiú, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit trí uirlisí éagsúla, amhail an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[51] lena soláthraítear saineolas teicniúil saincheaptha chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar ráta athchóirithe fuinnimh bliantúil na bhfoirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe a mhéadú faoin mbliain 2030 agus athchóiriú domhainfhuinnimh a chothú. Baineann an tacaíocht theicniúil, mar shampla, le cumas riaracháin a neartú, tacú le beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus dea-chleachtais ábhartha a chomhroinnt.

---

🡻 2010/31/AE aithris 33
(oiriúnaithe)
⇨ nua

(59) Maidir le ~~cuspóir~~ ⌦ cuspóirí ⌫ na Treorach seo, is é sin ~~an cuspóir~~ feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú ⇨ agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgneamh a laghdú⇦, ó tharla nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach i ngeall ar a chasta atá earnáil na bhfoirgneamh agus neamhábaltacht na margaí tithíochta náisiúnta aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh, ~~agus~~ ⌦ ach ⌫⌦ , ina áit sin, ⌫ ~~ó tharla~~ gur fearr is féidir an gníomh sin a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, i ngeall ar scála agus tionchair an ghnímh sin, is féidir go nglacfaidh an tAontas beartais, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsaba~~i~~l na comhréireachta~~s~~ a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun ~~an cuspóir sin~~ ⌦ na cuspóirí sin ⌫ a ghnóthú.

---

50 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.
51 Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

⇩ nua

(60) Is é Airteagal 194(2) CFAE bunús dlí an tionscnaimh seo, lena dtugtar de chumhacht don Aontas na bearta is gá a bhunú chun cuspóirí an Aontais maidir leis an mbeartas fuinnimh a bhaint amach. Cuireann an togra le cuspóirí bheartas fuinnimh an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 194(1) CFAE, go háirithe trí fheabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, rud a chuireann le caomhnú agus le feabhsú an chomhshaoil.

🡻 2010/31/AE aithris 36 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(61) I gcomhréir le pointe 4434 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Rreachtóireacht Nníos Ffearr[52], moltar ⌦ ba cheart ⌫ do na Ballstáit, ar mhaithe leo féin agus leis an Aontas, a dtáblaí féin a chur le chéile ina léireofar, a mhéid is féidir, an comhghaol idir an Treoir seo agus na bearta trasuite, agus moltar dóibh é sin a chur ar a súile don phobal, ⇨ I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. Maidir leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur, go háirithe tar éis bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás An Coimisiún v An Bheilg (cás C-543/17).⇦

🡻 2010/31/AE aithris 34 (oiriúnaithe)

(62) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar athrú ⌦ leasú ⌫substainteach iad i gcomparáid le Treoir ⌦ leis an Treoir a bhí ann roimhe ⌫ 2002/91/CE. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar an Treoir sin ⌦ a bhí ann roimhe seo ⌫.

🡻 2010/31/AE aithris 35 (oiriúnaithe)

(63) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun Treoir 2002/91/AE a thrasuí sa dlí náisiúnta agus ⌦ dátaí ⌫cur i bhfeidhm Threoir 2002/91/CE.. ⌦ na dTreoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn VIII. ⌫

52 IO C 321, 31.12.2003, lch. 1.

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)
⇨ nua

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leis an Treoir seo, cuirtear feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ⇨ agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh ⇦ san Aontas chun cinn, ⇨ d'fhonn stoc foirgnimh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050 ⇦ agus dálaí aeráide lasmuigh agus dálaí áitiúla á gcur san áireamh, mar aon le ceanglais aeráide laistigh agus an chostéifeachtúlacht.

2. Leis an Treoir seo, leagtar síos na ceanglais maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an creat ginearálta comhchoiteann maidir le modheolaíocht chun feidhmíocht fuinnimh chomhtháite foirgneamh agus aonad foirgnimh a ríomh;

(b) cur i bhfeidhm na n-íoscheanglas i gcás fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh nua agus na n-aonad foirgnimh nua;

(c) cur i bhfeidhm na n-íoscheanglas i gcás fheidhmíocht fuinnimh na nithe seo a leanas:

(i) foirgnimh atá ann cheana~~,~~ ⌦ agus ⌫ aonaid fhoirgnimh ~~agus codanna d'fhoirgnimh~~ a bhfuiltear ag déanamh athchóiriú mór orthu;

(ii) codanna d'fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh agus a bhfuil tionchar mór acu ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh nuair a dhéantar iad a iarfheistiú nó a athsholáthar; ~~agus~~

(iii) córais theicniúla foirgneamh nuair a dhéantar iad a shuiteáil, a athsholáthar nó a nuashonrú;

---

⇩ nua

(d) íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm maidir le foirgnimh atá ann cheana agus aonaid foirgneamh atá ann cheana;

(e) pasanna athchóirithe;

(f) pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh;

(g) bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe i bhfoirgnimh agus cóngarach d'fhoirgnimh; agus

(h) foirgnimh chliste;

---

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(d) pleananna náisiúnta chun líon na bhfoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de a mhéadú;~~

(i~~e~~) deimhniúchán ⌦ feidhmíochta ⌫ fuinnimh foirgneamh nó aonad foirgnimh;

(j~~f~~) iniúchadh rialta ar chórais téimh⇨ , aerála ⇦ agus aerchóirithe i bhfoirgnimh; ~~agus~~

(k~~g~~) córais rialaithe neamhspleácha le haghaidh teastais feidhmíochta fuinnimh, ⇨pasanna athchóirithe, táscairí ullmhachta cliste⇦ agus tuarascálacha iniúchta.

3. Is íoscheanglais iad na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo agus ní choiscfidh siad ar aon Bhallstát bearta níos déine a choimeád nó a thabhairt isteach. Beidh na bearta sin i gcomhréir ⌦ le CFAE ⌫ ~~leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh~~. Cuirfear in iúl don Choimisiún iad.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Treorach seo, tá ~~beidh~~feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'foirgneamh' déanmhas faoi dhíon a bhfuil ballaí leis agus a n-úsáidtear fuinneamh chun an aeráid laistigh a chóiriú;

---

⇩ nua

2. Ciallaíonn 'foirgneamh astaíochtaí nialasacha' foirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard aige, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ina bhfuil an méid fuinnimh an-íseal atá fós ag teastáil á chumhdach go hiomlán ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair, ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite de réir bhrí Threoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe] nó ó chóras téimh agus fuaraithe ceantair, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III;

---

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)
⇨ nua

3~~2~~. ciallaíonn 'foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de' foirgneamh ⌦ lena ngabhann ⌫ ~~ag a bhfuil~~ feidhmíocht fuinnimh an-ard, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I ⇨ , feidhmíocht fuinnimh nach féidir a bheith níos ísle ná an leibhéal is fearr costais in 2023 arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus i gcás ina bhfuil ⇦ ~~inar cheart an méid fuinnimh a éilítear a bheith. a~~An méid fuinnimh a éilítear, atá nach mór neodrach nó an-íseal, cumhdaithe go leibhéal an-ard ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair nó gar dó;

---

⇩ nua

4. Ciallaíonn 'íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh' rialacha lena gceanglaítear ar fhoirgnimh atá ann cheana ceanglas feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh mar chuid de phlean athchóirithe leathan do stoc foirgnimh nó ag truicearphointe ar an margadh (ar díol nó ar cíos), laistigh de thréimhse ama nó faoi dháta sonrach, agus ar an gcaoi sin déanfar athchóiriú ar fhoirgnimh atá ann cheana;

5. ciallaíonn 'comhlachtaí poiblí' 'údaráis chonarthacha' mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53];

[53] IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.

↓ 2018/844 Airteagal 1.1(a)
⇨ nua

6~~3~~. Ciallaíonn 'córas teicniúil foirgnimh' an fearas teicniúil a bhíonn i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh i gcomhair téamh spáis, fuarú spáis, aerála, uisce te tí, soilsiú ionsuite, uathoibriú agus rialú foirgnimh, giniúint ⇨ agus stóráil ⇦⇨ fuinnimh in-athnuaite ⇦ ~~leictreachais~~ ar an láthair, lena n-áirítear na córais siúd a úsáideann fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite;

---

↓ 2018/844 Airteagal 1.1(b)

7~~3a~~. ciallaíonn 'córas uathoibrithe agus rialaithe foirgnimh' córas lena gcumhdaítear na táirgí, na bogearraí agus na seirbhísí innealtóireachta go léir ar féidir leo tacú le hoibriú fuinneamhéifeachtúil, tíosach agus sábháilte córais theicniúil foirgnimh trí rialuithe uathoibríocha agus trína mbainistiú de láimh na córais theicniúil foirgnimh sin a éascú;

---

↓ 2010/31/AE (oiriúnaithe)

8~~4~~. ciallaíonn 'feidhmíocht fuinnimh foirgnimh' an méid fuinnimh arna ríomh nó arna ⌦ mhéadrú ⌫ ~~mheas~~ atá ag teastáil chun freastal ar an éileamh fuinnimh a bhaineann le gnáthúsáid an fhoirgnimh, lena n-áirítear, *inter alia*, fuinneamh a úsáidtear chun an foirgneamh a théamh, a fhuarú, a aeráil, chun uisce te a sholáthar ann agus chun an foirgneamh a shoilsiú;

9~~5~~. ciallaíonn 'fuinneamh príomha' fuinneamh in-athnuaite agus neamh-in-athnuaite nach ndeachaigh faoi phróiseas tiontaithe nó claochlaithe;

---

⇩ nua

10. Ciallaíonn 'fachtóir fuinnimh phríomhúil neamh-in-athnuaite' fuinneamh príomhúil neamh-in-athnuaite le haghaidh iompróir fuinnimh ar leith, lena n-áirítear an fuinneamh arna sheachadadh agus forchostais fuinnimh ríofa an tsoláthair chuig na pointí úsáide, roinnte ar an bhfuinneamh arna sheachadadh;

11. Ciallaíonn 'fachtóir fuinnimh phríomhúil in-athnuaite' fuinneamh príomhúil in-athnuaite ó fhoinse fuinnimh ar an láthair, in aice láimhe nó i gcéin, a sheachadtar trí iompróir fuinnimh ar leith, lena n-áirítear an fuinneamh arna sheachadadh agus forchostais fuinnimh ríofa an tseachadta chuig na pointí úsáide, roinnte ar an bhfuinneamh arna sheachadadh;

12. ciallaíonn 'fachtóir fuinnimh phríomhúil iomlán' suim ualaithe na bpríomhfhachtóirí fuinnimh in-athnuaite agus neamh-in-athnuaite i gcás iompróir fuinnimh ar leith;

---

↓ 2010/31/AE (oiriúnaithe)
⇨ nua

13~~6~~. ciallaíonn 'fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite' fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite neamh-iontaise, eadhon fuinneamh gaoithe, gréine ⇨ (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach)⇦ , ~~aeraiteirmeach,~~⌦ agus ⌫ ⌦ fuinneamh ⌫ geoiteirmeach, ~~hidriteirmeach~~ ⇨ fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide,

fuinneamh toinne ⇦ agus fuinneamh ⌦ eile ⌫ aigéin, hidreachumhacht, bithmhas, gás ó líonadh talún, gás ó ionad cóireála camrais, agus bithgháis;

14~~7~~. ciallaíonn 'imchlúdach foirgnimh' gnéithe comhtháite foirgnimh a thagann idir an taobh istigh agus an timpeallacht lasmuigh;

15~~8~~. ciallaíonn 'aonad foirgnimh' cuid, urlár nó árasán laistigh d'fhoirgneamh arna dhearadh nó arna athrú chun go n-úsáidfí as féin é;

16~~9~~. ciallaíonn 'cuid d'fhoirgnimh' córas teicniúil foirgnimh nó gné den imchlúdach foirgnimh;

---

⇩ nua

17. Ciallaíonn 'teaghais' seomra nó sraith seomraí i bhfoirgneamh buan nó i gcuid struchtúrtha d'fhoirgneamh atá leithleach ó thaobh struchtúrtha de agus atá deartha le haghaidh cónaithe ag teaghlach príobháideach amháin ar feadh na bliana ar fad;

18. Ciallaíonn 'pas athchóirithe' doiciméad lena soláthraítear treochlár saincheaptha chun foirgneamh sonrach a athchóiriú i roinnt céimeanna lena gcuirfear feabhas suntasach ar a fheidhmíocht fuinnimh;

19. Ciallaíonn 'athchóiriú domhain' athchóiriú a dhéanann athrú ó bhonn ar fhoirgneamh nó ar aonad foirgnimh

(a) roimh an 1 Eanáir 2030, ina fhoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de;

(b) amhail ón 1 Eanáir 2030, ina fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha;

20. Ciallaíonn 'athchóiriú domhain céimneach' athchóiriú domhain a dhéantar i roinnt céimeanna, tar éis na gcéimeanna a leagtar amach i bpas athchóirithe i gcomhréir le hAirteagal 10;

---

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)

21~~10~~. ciallaíonn 'athchóiriú mór' athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh nuair atá na cásanna seo a leanas ann:

(a) nuair atá costas iomlán an athchóirithe maidir leis an imchlúdach foirgnimh nó na córais theicniúla foirgneamh níos airde ná 25 % de luach an fhoirgnimh, gan luach na talún a bhfuil an foirgneamh suite a chur san áireamh; ~~nó~~

(b) nuair a dhéantar níos mó ná 25 % de dhromchla an imchlúdaigh foirgnimh a athchóiriú;

Féadfaidh na Ballstáit rogha (a) nó (b) a chur i bhfeidhm.

---

⇩ nua

22. Ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla' astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le hídiú fuinnimh na gcóras teicniúil foirgneamh le linn úsáid agus oibriú an fhoirgnimh;

23. Ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine' na comhastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfoirgneamh ag gach céim dá shaolré, ón 'gcliabhán' (eastóscadh na n-amhábhar a úsáidtear i dtógáil an

fhoirgnimh) thar chéim an táirgthe agus na próiseála ábhair, agus céim oibríochta an fhoirgnimh, go dtí an 'uaigh' (díthógáil an fhoirgnimh agus athúsáid, athchúrsáil, aisghabháil agus diúscairt eile a ábhar);

24. Ciallaíonn 'Acmhainneacht Téite Domhanda (GWP) saolré' táscaire lena ndéantar cainníochtú ar an méid a chuireann foirgneamh leis an téamh domhanda feadh a shaolré iomláin;

25. Ciallaíonn 'dreasachtaí deighilte' dreasachtaí deighilte mar a shainmhínítear in Airteagal 2(52) de [athmhúnlú EED];

26. Ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' bochtaineacht fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(49) de [athmhúnlú EED];

27. Ciallaíonn 'teaghlaigh leochaileacha' teaghlaigh atá i mbochtaineacht fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh íseal-mheánioncaim, atá neamhchosanta go háirithe ar chostais arda fuinnimh agus nach bhfuil in acmhainn athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh atá á áitiú acu;

---

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)

2811. ciallaíonn 'caighdeán Eorpach' caighdeán arna ghlacadh ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil, Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide agus a chuirtear ar fáil le haghaidh úsáid phoiblí;

2912. ciallaíonn 'teastas feidhmíochta fuinnimh' teastas arna aithint ag Ballstát nó ag duine dlítheanach a ainmnítear ann, ina léirítear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh nó aonaid foirgnimh, a dhéantar a ríomh de réir modheolaíocht a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 43;

3013. ciallaíonn 'comhghiniúint' giniúint chomhuaineach, in aon phróiseas amháin, d'fhuinneamh teirmeach agus de leictreachas agus/nó fuinneamh meicniúil;

3114. ciallaíonn 'an leibhéal costais is fearr' an leibhéal feidhmíochta fuinnimh a thugann an costas is lú le linn na saolré eacnamaíche réamh-mheasta sna cásanna seo a leanas:

(a) déantar an costas is ísle a chinneadh agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

---

⇩ nua

i) catagóir agus úsáid an fhoirgnimh lena mbaineann:

---

🡻 2010/31/AE
⇨ nua

ii) costais infheistíochta a bhaineann le fuinneamh ⇨ bunaithe ar réamhaisnéisí oifigiúla ⇦ ;,

iii) costais chothabhála agus oibriúcháin, (lena n-áirítear costais fuinnimh agus coigiltis, ⇨ agus costas lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur san áireamh; ⇦

⇩ nua

iv) seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le húsáid fuinnimh;

---

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)
⇨ nua

v) ~~catagóir an fhoirgnimh lena mbaineann,~~ tuilleamh ón bhfuinneamh a tháirgtear~~)~~ ⇨ ar an láthair ⇦ , i gcás inarb infheidhme;~~,~~

vi) ~~agus~~ costais ~~diúscartha~~ ⇨ bainistíochta dramhaíola ⇦, i gcás inarb infheidhme; ~~agus~~

(b) is é gach Ballstát a dhéanann an saolré eacnamaíoch réamh-mheasta a chinneadh~~.~~ ~~Tagraíonn sin~~ ⌦ Agus tagraítear ⌫ don saolré eacnamaíoch réamh-mheasta atá fágtha d'fhoirgneamh i gcás ina bhfuil ceanglais maidir le feidhmíocht fuinnimh leagtha amach don fhoirgneamh ina iomláine, nó tagraíonn sé don saolré eacnamaíoch réamh-mheasta de chuid d'fhoirgnimh i gcás ina bhfuil ceanglais feidhmíochta fuinnimh leagtha amach maidir le codanna d'fhoirgnimh.

Beidh an leibhéal costais is fearr laistigh de raon na leibhéal feidhmíochta nuair is dearfach an anailís costais is tairbhe arna ríomh le linn na saolré eacnamaíche réamh-mheasta;

---

⇩ nua

32. Ciallaíonn 'pointe athluchtaithe' pointe athluchtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(41) de [AFIR];

33. ciallaíonn 'micreachóras scoite' aon chóras ag a bhfuil tomhaltas níos lú ná 500 GWh sa bhliain 2022, i gcás nach bhfuil aon cheangal idir é agus córais eile;

34. ciallaíonn 'luchtú cliste' luchtú cliste mar a shainmhínítear in Airteagal 2(14 l) de Threoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe];

35. ciallaíonn 'luchtú déthreoch' luchtú déthreoch mar a shainmhínítear in Airteagal 2(14n) de Threoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe];

36. ciallaíonn 'caighdeáin punann morgáiste' sásraí lena spreagtar iasachtóirí morgáiste chun feidhmíocht airmheánach fuinnimh na punainne foirgneamh a chumhdaítear lena morgáistí a mhéadú agus chun cliaint ionchasacha a spreagadh chun a maoin a dhéanamh níos fearr ó thaobh na feidhmíochta fuinnimh de, de réir uaillmhian an Aontais maidir le dícharbónú agus spriocanna ábhartha fuinnimh i réimse an tomhaltais fuinnimh i bhfoirgnimh, ag brath ar an sainmhíniú ar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe eacnamaíocha i dTacsanomaíocht AE;

37. ciallaíonn 'logleabhar digiteach foirgnimh' stór coiteann do na sonraí ábhartha uile i leith foirgnimh, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh amhail teastais feidhmíochta fuinnimh, pasanna athchóirithe agus táscairí ullmhachta cliste, lena n-éascaítear cinnteoireacht eolasach agus comhroinnt faisnéise laistigh d'earnáil na tógála, i measc úinéirí agus áititheoirí foirgneamh, instiriúidí airgeadais agus údaráis phoiblí;

🡻 2010/31/AE

3815. ciallaíonn 'córas aerchóirithe' comhcheangal de na codanna is gá chun cineál íonaithe an aeir laistigh a sholáthar lena rialaítear an teocht nó lena bhféadtar an teocht a ísliú;

🡻 2018/844 Airteagal 1.1(c)
⇨ nua

3915 a. ciallaíonn 'córas téimh' comhcheangal de na codanna is gá chun cineál íonaithe an aeir laistigh a sholáthar lena méadaítear an teocht;

4015b. ciallaíonn 'gineadóir teasa' an chuid de chóras téimh a ghineann teas úsáideach ⇨ le haghaidh na n-úsáidí arna sainaithint in Iarscríbhinn I, ⇦ agus úsáid á baint as ceann amháin nó níos mó de na próisis seo a leanas:

(a) an dóchán breosla i gcoire, mar shampla;

(b) iarmhairt Joule, a bhíonn ar siúl sna heilimintí téimh de chóras téimh friotaíochta leictrí;

(c) teas a ghabháil ó aer comhthimpeallach, ó aer sceite aerála, ó uisce nó ó fhoinse teasa talún agus úsáid á baint as teaschaidéal;

4115c. ciallaíonn 'conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh' conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe (27) d', i bpointe (29) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) …/… [Treoir athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh]Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54];

🡻 2010/31/AE

4216. ciallaíonn 'coire' an t-aonad ina bhfuil coire agus dóire comhcheangailte, arna cheapadh chun an teas a scaoiltear as an dó a aistriú go leachtanna;

4317. ciallaíonn 'aschur rátaithe éifeachtach' an t-uasaschur calrach, arna shloinneadh in kW, a shonraíonn agus a ráthaíonn an monaróir a bheith insoláthartha le linn don ghaireas a bheith á oibriú go leanúnach agus an éifeachtúlacht úsáideach arna lua ag an monaróir á chomhlíonadh;

18. ciallaíonn "teaschaidéal" meaisín, gléas nó gaireas a aistríonn teas ó thimpeallacht nádúrtha amhail ón aer, ón uisce nó ón talamh go foirgnimh nó go feidhmeanna tionsclaíocha trí shreabhadh nádúrtha an teasa a aisiompú ionas go sreabhfaidh sé ó theocht níos ísle go teocht níos airde. I gcás teaschaidéil iniompaithe, féadfaidh sé freisin teas a aistriú ó fhoirgnimh, ó fheidhmeanna tionsclaíocha agus ó spásanna eile iata go dtí an timpeallacht nádúrtha;

4419. ciallaíonn 'téamh ceantair' nó 'fuarú ceantair' scaipeadh fuinnimh theirmigh i bhfoirm gail, uisce te nó leachtanna fuaraithe, trí líonraí, ó fhoinse lárnach táirgthe

---

54 Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

go dtí foirgnimh nó suíomhanna éagsúla le húsáid do théamh nó d'fhuarú spáis nó próisis;

---

⇩ nua

45. Ciallaíonn 'achar urláir úsáideach' achar urláir foirgnimh a bhfuil gá leis mar pharaiméadar chun coinníollacha sonracha úsáide a chainníochtú a shloinntear in aghaidh an aonaid urláir agus le haghaidh chur i bhfeidhm an tsimplithe agus na rialacha criosaithe agus ath-leithdháilte;

46. Ciallaíonn 'achar urláir tagartha' an t-achar urláir a úsáidtear mar mhéid tagartha chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh, arna ríomh mar shuim d'achar urláir úsáideach na spásanna laistigh den imchlúdach foirgnimh atá sonraithe don mheasúnú ar fheidhmíocht fuinnimh;

47. Ciallaíonn 'teorainn mheasúnúcháin' an teorainn mar a ndéantar an fuinneamh arna sheachadadh agus arna onnmhairiú a thomhas nó a ríomh;

48. Ciallaíonn 'ar an láthair' an t-áitreabh agus an talamh ar a bhfuil an foirgneamh suite agus an foirgneamh féin;

49. Ciallaíonn 'fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh in aice láimhe' fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh laistigh d'imlíne áitiúil nó ceantair an fhoirgnimh a ndearnadh measúnú air, agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) ní féidir é a dháileadh agus a úsáid laistigh den imlíne áitiúil agus ceantair sin ach amháin trí líonra dáileacháin tiomnaithe;

(b) ceadaítear leis fachtóir fuinnimh phríomhúil sonrach a ríomh nach bhfuil bailí ach amháin don fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh laistigh den imlíne áitiúil nó ceantair sin; agus

(c) is féidir é a úsáid ar láthair an fhoirgnimh arna mheasúnú trí cheangal tiomnaithe leis an bhfoinse táirgthe fuinnimh, go mbeidh ceangal tiomnaithe ag teastáil lena gceanglófar trealamh sonrach chun fuinneamh a sholáthar agus a mhéadrú go sábháilte le haghaidh féinúsáid an fhoirgnimh arna mheasúnú;

50. Ciallaíonn 'seirbhísí maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (EPB)' na seirbhísí, mar atá téamh, fuarú, aeráil, uisce te tí agus soilsiú agus seirbhísí eile a gcuirtear úsáid fuinnimh san áireamh ina leith maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh;

51. Ciallaíonn 'riachtanais fuinnimh' an fuinneamh atá le seachadadh chuig spás cóirithe nó le baint as spás cóirithe chun na dálaí spáis atá beartaithe a chothabháil le linn tréimhse áirithe gan aird a thabhairt ar aon neamhéifeachtúlachtaí i gcóras teicniúil foirgnimh;

52. Ciallaíonn 'úsáid fuinnimh' ionchur fuinnimh i gcóras teicniúil foirgneamh lena gcuirtear seirbhís EPB ar fáil atá beartaithe riachtanas fuinnimh a shásamh;

53. Ciallaíonn 'féin-úsáidte' cuid d'fhuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair nó in aice láimhe arna úsáid ag córais theicniúla ar an láthair le haghaidh sheirbhísí EPB;

54. Ciallaíonn 'úsáidí eile ar an láthair' fuinneamh a úsáidtear ar an láthair le haghaidh úsáidí seachas seirbhísí EPB, agus d'fhéadfadh fearais, ualaí ilghnéitheacha agus coimhdeacha nó pointí luchtaithe leictrea-shoghluaisteachta a bheith san áireamh leo;

55. Ciallaíonn ‘eatramh ríomha’ an t-eatramh ama scoite a úsáidtear chun an fheidhmíocht fuinnimh a ríomh;

56. Ciallaíonn ‘fuinneamh arna sheachadadh’ fuinneamh arna shloinneadh in aghaidh an iompróra fuinnimh, arna sholáthar do na córais theicniúla foirgneamh tríd an teorainn mheasúnúcháin, chun na húsáidí a cuireadh san áireamh a shásamh nó chun an fuinneamh arna onnmhairiú a tháirgeadh;

57. Ciallaíonn ‘fuinneamh arna onnmhairiú’, arna shloinneadh in aghaidh an iompróra fuinnimh agus in aghaidh an fhachtóra fuinnimh phríomhúil, an cion den fhuinneamh in-athnuaite a onnmhairítear go dtí an eangach fuinnimh seachas é a úsáid ar an láthair le haghaidh féinúsáide nó le haghaidh úsáidí eile ar an láthair.

---

↓ 2018/844 Airteagal 1.1(d)

~~20. ciallaíonn ‘córas leithlisithe beag’ córas leithlisithe beag mar a shainmhínítear i bpointe 27 d’Airteagal 2 de Threoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55].~~

---

↓ 2018/844 Airteagal 1.2 (oiriúnaithe)

*Airteagal 3~~2a~~*

**⌦ Plean náisiúnta athchóirithe foirgneamh ⌫ ~~Straitéis athchóirithe fhadtéarmach~~**

---

↓ 2018/1999 Airteagal 53.1(a)
⇨ nua

1. Bunóidh gach Ballstát ~~straitéis athchóirithe fhadtéarmach~~ ⇨ plean athchóirithe foirgneamh náisiúnta ⇦ chun ~~tacú le h~~ athchóiriú an stoic náisiúnta d’fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, poiblí agus príobháideach araon, ina stoc foirgnimh atá an-fhuinneamhéifeachtúil agus dícharbónaithe faoin mbliain 2050 ⇨ a áirithiú ⇦, ~~lena n-éascófar athrú costéifeachtach na bhfoirgneamh atá ann faoi láthair~~ ⇨ agus é mar chuspóir aige na foirgnimh atá ann faoi láthair a chlaochlú ⇦ ina bhfoirgnimh ~~atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de~~ ⇨ lena ngabhann astaíochtaí nialasacha ⇦.

Cuimseofar an méid seo le gach ~~straitéis athchóirithe fhadtéarmach~~ ⇨ plean athchóirithe foirgneamh ⇦:

---

↓ 2018/844 Airteagal 1.2
⇨ nua

(a) forléargas ar stoc náisiúnta foirgneamh ⇨ do chineálacha éagsúla foirgneamh, tréimhsí tógála agus criosanna aeráide ⇦ , bunaithe, de réir mar is iomchuí, ar shampláil staidrimh agus ~~ar sciar measta na bhfoirgneamh athchóirithe in 2020~~ ⇨ sa bhunachar sonraí náisiúnta le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh de bhun

---

~~[55] Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 55).~~

Airteagal 19, forléargas ar bhacainní margaidh agus teipeanna margaidh agus forléargas ar na hacmhainneachtaí in earnálacha na tógála, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an fhuinnimh in-athnuaite ⇦ ;

~~(b) cuir chuige costéifeachtacha i leith athchóirithe a aithint atá ábhartha maidir leis an gcineál foirgnimh agus leis an gcrios aeráide, ag féachaint faoi, phointí truicir ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann, más infheidhme, i saolré an fhoirgnimh;~~

~~(c) beartais agus gníomhaíochtaí chun athchóiriú domhain costéifeachtach foirgneamh a spreagadh, lena n-áirítear athchóiriú domhain céimneach agus chun tacú le bearta agus le hathchóiriú spriocdhírithe costéifeachtach mar shampla trí scéim roghnach a thabhairt isteach do phasanna athchóirithe foirgneamh;~~

~~(d) forbhreathnú ar na beartais agus na gníomhaíochtaí chun díriú ar na ranna is measa feidhmíocht den stoc náisiúnta foirgneamh, cruachásanna dreasachta deighilte, agus clistí an mhargaidh, agus achoimre ar ghníomhaíochtaí náisiúnta ábhartha a chuidíonn le maolú ar bhochtaineacht fuinnimh;~~

~~(e) beartais agus gníomhaíochtaí chun díriú ar fhoirgnimh phoiblí go léir;~~

~~(f) forbhreathnú ar thionscnaimh náisiúnta chun teicneolaíochtaí cliste agus foirgnimh agus pobail dhea-nasctha mar aon le scileanna agus oideachas in earnálacha na foirgníochta agus na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn; agus~~

~~(g) meastachán fianaise-bhunaithe ar choigiltí fuinnimh a bhfuiltear ag súil leo agus ar thairbhí níos leithne, amhail tairbhí a bhaineann le sláinte, le sábháilteacht agus le cáilíocht an aeir.~~

---

⇩ nua

(b) treochlár ina bhfuil spriocanna arna mbunú go náisiúnta agus táscairí dul chun cinn intomhaiste, ag féachaint do sprioc 2050 maidir le neodracht aeráide, chun stoc náisiúnta foirgneamh atá dícharbónaithe agus an-fhuinneamhéifeachtúil a áirithiú agus chun na foirgnimh atá ann cheana a aistriú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050;

(c) forléargas ar na beartais agus na bearta atá curtha chun feidhme agus atá beartaithe, lena dtacaítear le cur chun feidhme an treochláir de bhun phointe (b); agus

(d) breac-chuntas ar na riachtanais infheistíochta chun an plean athchóirithe foirgneamh a chur chun feidhme, na foinsí maoinithe agus na bearta maoinithe, agus na hacmhainní riaracháin le haghaidh athchóiriú foirgneamh.

Áireofar sa treochlár dá dtagraítear i bpointe (b) spriocanna náisiúnta do 2030, 2040 agus 2050 a mhéid a bhaineann leis an ráta athchóirithe fuinnimh bliantúil, tomhaltas príomhúil agus deiridh fuinnimh an stoic náisiúnta foirgneamh agus a laghduithe oibríochtúla ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; amlínte sonracha d'fhoirgnimh chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach de bhun Airteagal 9(1), faoi na blianta 2040 agus faoi 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha; meastachán fianaise-bhunaithe ar an gcoigilteas fuinnimh agus na tairbhí ginearálta a bhaineann leis; agus meastacháin le haghaidh rannchuidiú an phlean athchóirithe foirgnimh le sprioc cheangailteach náisiúnta an Bhallstáit maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach de bhun Rialachán (AE).../... [an Rialachán athbhreithnithe maidir le Comhroinnt Díchill], spriocanna an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir le Treoir (AE) …/…. [athmhúnlú EED], spriocanna an

Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear an sprioc tháscach maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na foirgníochta i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe], agus sprioc 2030 an Aontais maidir leis an aeráid agus sprioc 2050 maidir le neodracht aeráide i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119.

2. Déanfaidh gach Ballstát dréacht dá phlean athchóirithe foirgneamh a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach 5 bliana, agus an teimpléad atá in Iarscríbhinn II á úsáid acu. Tíolacfaidh gach Ballstát a dhréachtphlean athchóirithe foirgneamh mar chuid dá dhréachtphlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus, i gcás ina dtíolacfaidh na Ballstáit dréacht nuashonraithe, a dhréacht-uasdátú dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán sin. De mhaolú ar Airteagal 9(1) agus ar Airteagal 14(1) den Rialachán sin, cuirfidh na Ballstáit an chéad dréachtphlean athchóirithe foirgneamh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

---

| |
|---|
| 🡣 2018/844 Airteagal 1.2 |
| ⇨ nua |

~~2. Sa straitéis athchóirithe fhadtéarmach atá ag gach Ballstát, leagfaidh gach Ballstát amach treochlár ina mbeidh bearta agus táscairí dul chun cinn intomhaiste a bhunaítear ar bhonn intíre, d'fhonn tabhairt faoi sprioc fadtéarmach 2050 chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 80-95 % i gcomparáid le 1990, chun stoc náisiúnta foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónaithe a áirithiú agus chun athrú costéifeachtach foirgneamh atá ann faoi láthair ina bhfoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de a éascú. Beidh garspriocanna táscacha do 2030, 2040 agus 2050 sa treochlár agus sonrófar ann an bealach a gcuideoidh siad chun.spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach i gcomhréir le Treoir 2012/27/AE.~~

~~3. Chun tacú le leas a bhaint as infheistíochtaí san athchóiriú is gá chun na spriocanna dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, éascóidh na Ballstáit rochtain ar shásraí iomchuí do na nithe seo a leanas:~~

~~(a) comhiomlánú tionscadal, lena n-áirítear trí ardáin nó grúpaí infheistíochta agus cuibhreannais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, chun rochtain infheisteoirí mar aon le réitigh phacáistithe a éascú do chliaint a d'fhéadfadh a bheith ann;~~

~~(b) an baol a mheastar a bhaineann le hoibrithe éifeachtúlachta fuinnimh a laghdú d'infheisteoirí agus don earnáil phríobháideach;~~

~~(c) an úsáid a bhaintear as maoiniú poiblí chun tuilleadh infheistíochta a ghiaráil ón earnáil phríobháideach nó chun dul i ngleic le clistí sonracha an mhargaidh;~~

~~(d) treorú infheistíochtaí i stoc foirgnimh poiblí fuinneamhéifeachtúil, i gcomhréir leis an treoir ó Eurostat; agus~~

~~(e) uirlisí comhairleacha inrochtana trédhearcacha amhail ionaid ilfhreastail do thomhaltóirí agus do sheirbhísí comhairleacha fuinnimh, maidir le hathchóiriú ábhartha éifeachtúlachta fuinnimh agus ionstraimí airgeadais.~~

~~4. Déanfaidh an Coimisiún dea-chleachtais maidir le scéimeanna maoinithe rathúla poiblí agus príobháideacha d'athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh mar aon le faisnéis faoi scéimeanna le haghaidh comhiomlánú tionscadal athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar mhionscála a bhailiú agus a scaipeadh ar údaráis phoiblí ar a laghad. Déanfaidh an Coimisiún dea-chleachtais maidir le dreasachtaí airgeadais chun athchóiriú a dhéanamh ó thaobh an tomhaltóra de a aithint agus a scaipeadh agus éagsúlachtaí costéifeachtúlachta idir na Ballstáit á gcur san áireamh.~~

3~~5~~. Chun tacú le forbairt a ~~straitéise athchóirithe fadtéarmaí~~ ⇨ phlean athchóirithe foirgneamh ⇦ , déanfaidh gach Ballstát comhairliúchán poiblí maidir lena ⇨ dhréachtphlean athchóirithe foirgneamh ⇦ ~~straitéis athchóirithe fhadtéarmach~~ roimh í a chur faoi bhráid an Choimisiúin. ⇨ Beidh údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus comhpháirtithe socheacnamaíocha eile rannpháirteach sa chomhairliúchán poiblí go háirithe, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus comhlachtaí a oibríonn le teaghlaigh leochaileacha. ⇦ Cuirfidh gach Ballstát achoimre ar thorthaí a chomhairliúcháin phoiblí mar iarscríbhinn a ghabhann lena ~~straitéis athchóirithe fhadtéarmach~~ ⇨ dhréachtphlean athchóirithe foirgneamh ⇦.

~~Bunóidh gach Ballstát na modúlachtaí chun dul i mbun comhairliúcháin ar bhealach cuimsitheach agus a straitéis athchóirithe fhadtéarmach á cur chun feidhme.~~

---

⇩ nua

4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na dréachtphleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh, go háirithe:

(a) an leor leibhéal uaillmhéine na spriocanna arna mbunú go náisiúnta agus an bhfuil an leibhéal uaillmhéine sin i gcomhréir leis na gealltanais náisiúnta maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh a leagtar síos sna pleananna comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid;

(b) an leor na beartais agus na bearta chun na spriocanna a bunaíodh go náisiúnta a bhaint amach;

(c) an leor leithdháileadh acmhainní buiséadacha agus riaracháin chun an plean a chur chun feidhme;

(d) an raibh comhairliúchán poiblí de bhun mhír 3 cuimsitheach a dhóthain; agus

(e) an gcomhlíonann na pleananna ceanglais mhír 1 agus an teimpléad in Iarscríbhinn II.

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 30, féadfaidh an Coimisiún moltaí tír-shonracha a eisiúint do na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1999.

Maidir leis an gcéad dréachtphlean athchóirithe foirgneamh, féadfaidh an Coimisiún moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith a eisiúint chuig na Ballstáit tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don Bhallstát an plean sin a thíolacadh.

5. Tabharfaidh gach Ballstát aird chuí ar aon mholadh ón gCoimisiún ina phlean athchóirithe foirgneamh deireanach. Mura dtéann an Ballstát lena mbaineann i ngleic le moladh nó le cuid shuntasach de, soláthróidh an Ballstát sin a réasúnú don Choimisiún agus cuirfidh sé a réasúnaíocht ar fáil go poiblí.

6. Déanfaidh gach Ballstát dréacht dá phlean athchóirithe foirgneamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach 5 bliana, agus an teimpléad atá in Iarscríbhinn II á úsáid acu. Tíolacfaidh gach Ballstát a phlean athchóirithe foirgneamh mar chuid dá phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus, i gcás ina dtíolacfaidh na Ballstáit dréacht nuashonraithe, a uasdátú dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán sin. De mhaolú ar Airteagal 3(1) agus ar Airteagal 14(2) den Rialachán sin, cuirfidh na Ballstáit an chéad dréachtphlean athchóirithe foirgneamh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2025.

| ➔ 2018/844 Airteagal 1.2<br>⇨ nua |
|---|

~~7~~~~6~~. Cuirfidh gach Ballstát isteach mionsonraí ar chur chun feidhme a straitéise athchóirithe fadtéarmaí ⇨ nó a phlean athchóirithe foirgneamh ⇦mar iarscríbhinn a ghabhann ⇨ leis an gcéad phlean athchóirithe foirgneamh eile ⇦ ~~leis an straitéis athchóirithe fhadtéarmach, lena n-áirítear maidir leis na beartais agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe~~. ⇨ Sonróidh gach Ballstát ar baineadh a spriocanna náisiúnta amach. ⇦

| ⇩ nua |
|---|

8. Áireoidh gach Ballstát ina thuarascálacha comhtháite náisiúnta ar dhul chun cinn maidir le fuinneamh agus aeráid, i gcomhréir le hAirteagail 17 agus 21 de Rialachán (AE) 2018/1999, faisnéis maidir le cur chun feidhme na spriocanna náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) den Airteagal seo agus rannchuidiú an phlean athchóirithe foirgnimh le sprioc cheangailteach náisiúnta an Bhallstáit maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach de bhun Rialachán (AE).../... [an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Comhroinnt Díchill], spriocanna an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir le Treoir (AE) …/…. [EED athmhúnlaithe], spriocanna an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear an sprioc tháscach maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na foirgníochta i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe], agus sprioc 2030 an Aontais maidir leis an aeráid agus sprioc 2050 an Aontais maidir le neodracht aeráide i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119.

| ➔ 2018/844 Airteagal 1.2 |
|---|

~~7. Féadfaidh gach Ballstát leas a bhaint as a gcuid straitéis athchóirithe fhadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar na baoil a bhaineann le gníomhaíochtaí seismeacha diana nó dóiteán a dhéanann difear d'athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh agus do shaolré foirgneamh.~~

| ➔ 2018/1999 Airteagal 53.1(b) |
|---|

~~8. Déanfar straitéis athchóirithe fhadtéarmach gach Ballstáit a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid dá phlean comhtháite náisiúnta críochnaitheach fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56]. De mhaolú ar Airteagal 3(1) den Rialachán sin, déanfar an chéad straitéis athchóirithe fhadtéarmach faoi mhír 1 den Airteagal seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 10 Márta 2020.~~

[56] ~~Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).~~

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 4~~3~~*

**Modheolaíocht a ghlacadh maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh**

Cuirfidh na Ballstáit modheolaíocht i bhfeidhm maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh i gcomhréir leis an gcomhchreat ginearálta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Glacfar an mhodheolaíocht ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach.

*Airteagal 5~~4~~*

**Íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocrú**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go socraítear íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh nó aonaid foirgnimh d'fhonn ⇨ ar a laghad ⇦ na leibhéil is fearr ó thaobh costais de a bhaint amach. Déanfar an fheidhmíocht fuinnimh a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4~~3~~. Déanfar na leibhéil chostais is fearr a ríomh i gcomhréir leis an gcreat modheolaíochta comparáideach dá dtagraítear in Airteagal 6~~5~~ ~~an uair a bheidh an creat i bhfeidhm~~.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go socraítear íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh agus a bhfuil tionchar mór acu ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh nuair a dhéantar iad a ionadú nó a iarfheistiú, d'fhonn ⇨ ar a laghad ⇦ na leibhéil is fearr ó thaobh costais de a bhaint amach.

Nuair a shocraítear ceanglais, féadfaidh na Ballstáit dealú a dhéanamh idir foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana agus idir catagóirí difriúla foirgneamh.

Leis na ceanglais ~~seo~~ ⌦ sin ⌫, cuirfear san áireamh dálaí ginearálta aeráide laistigh, chun tionchar diúltach féideartha a sheachaint amhail aeráil uireasach, chomh maith le dálaí áitiúla agus feidhm ainmnithe agus aois an fhoirgnimh.

~~Ní chuirtear de cheangal ar Bhallstát íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocrú nach bhfuil costéifeachtach le linn na saolré eacnamaíche réamh-mheasta.~~

⌦ Déanfaidh Ballstáit a n-⌫ í~~Í~~oscheanglais feidhmíochta fuinnimh ~~Déanfar íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a athbhreithniú~~ a athbhreithniú ag tráthanna rialta nach faide ná gach 5 bliana agus ⌦ déanfaidh siad iad ⌫ , más gá, ~~déanfar iad~~ ⌦ a uasghrádú ⌫ chun an dul chun cinn teicniúil in earnáil na foirgníochta ⇨ , torthaí an ríomha is fearr costais a leagtar amach in Airteagal 6, agus beartais agus spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh ⇦ a léiriú.

⇩ nua

2. Féadfaidh Ballstáit an cinneadh a dhéanamh na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 a oiriúnú d'fhoirgnimh atá cosanta go hoifigiúil mar chuid de chomhshaol ainmnithe nó toisc go bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta nó stairiúil ag baint leo, sa mhéid go dtiocfadh athrú nach bhféadfaí glacadh leis ar charachtar nó cuma na bhfoirgneamh dá gcloífí le híoscheanglais áirithe feidhmíochta fuinnimh;

| ⬇ 2010/31/AE (oiriúnaithe) |
|---|
| ⇨ nua |

32. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 a shocrú nó a chur i bhfeidhm maidir leis na catagóirí foirgneamh seo a leanas:

(a) foirgnimh atá cosanta go hoifigiúil mar chuid de chomhshaol ainmnithe nó toisc go bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta nó stairiúil ag baint leo, sa mhéid go dtiocfadh athrú nach bhféadfaí glacadh leis ar charachtar nó cuma na bhfoirgneamh dá gcloífí le híoscheanglais áirithe feidhmíochta fuinnimh;

(ab) foirgnimh a úsáidtear mar ionaid adhartha agus le haghaidh gníomhaíochtaí reiligiúnacha;

(bc) foirgnimh a bhfuil am úsáide dhá bhliain nó níos lú, suíomhanna tionsclaíochta, ceardlanna agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe ísealéilimh fuinnimh agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe atá á n-úsáid ag earnáil atá cumhdaithe faoi chomhaontas earnála náisiúnta maidir le feidhmíocht fuinnimh;

(cd) foirgnimh chónaithe a úsáidtear nó a bhfuil sé i gceist iad a úsáid ar feadh tréimhse níos lú ná ceithre mhí in aghaidh na bliana nó, de rogha air sin, ar feadh am úsáide na bliana atá teoranta agus le hídiú fuinnimh réamh-mheasta atá níos lú ná 25 % den mhéid a bheadh mar thoradh ar a úsáid don bhliain ar fad;

(de) foirgnimh leithleacha a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán níos lú ná 50 $m^2$ iontu.

*Airteagal 65*

**Na na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh**

1. Bunóidh an Coimisiún ⌦ Tugtar de chumhacht don Choimisiún ⌫ trí bhíthin gníomhartha tarmligthe ⌦ a ghlacadh ⌫ i gcomhréir le hAirteagail 2923, Airteagal 24, agus Airteagal 25 faoin 30 Meitheamh 2011 ⌦ a bhaineann le ⌫ creat modheolaíochta comparáideach chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh agus do chodanna d'fhoirgnimh a ríomh. ⇨ Faoin 30 Meitheamh 2026, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcreat comparáideach modheolaíochta chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh i bhfoirgnimh atá ann cheana a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu agus le haghaidh codanna aonair d'fhoirgnimh. ⇦

Bunófar⌦ Leagfar síos ⌫ an creat modheolaíochta comparáideach i gcomhréir le hIarscríbhinn VIIIII agus déanfaidh sé idirdhealú idir foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana agus idir catagóirí difriúla foirgneamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh trí úsáid a bhaint as an gcreat modheolaíochta comparáideach arna bhunú i gcomhréir le mír 1 agus paraiméadair ábhartha, amhail dálaí aeráide agus inrochtaineacht phraiticiúil an bhonneagair fuinnimh, agus cuirfidh siad torthaí an ríomha seo ⌦ sin ⌫i gcomparáid leis na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm.

Tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir leis na sonraí ionchuir go léir agus toimhdí a úsáideadh chun na ríomhanna sin a dhéanamh agus torthaí na ríomhanna sin.

Déanfaidh na Ballstáit na tuarascálacha sin ⇨ a uasdátú agus ⇦ a chur chuig an gCoimisiún go tráthrialta, gach 5 bliana ar a laghad. ~~Cuirfear an chéad tuarascáil isteach faoin 30 Meitheamh 2012.~~ ⇨ Tíolacfar an chéad tuarascáil bunaithe ar an gcreat modheolaíochta athbhreithnithe de bhun mhír 1 faoin 30 Meitheamh 2028.⇦

3. Má léirítear i dtoradh na comparáide a rinneadh i gcomhréir le mír 2 go bhfuil, ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de, na híoscheanglais maidir le feidhmíocht fuinnimh atá i bhfeidhm ⇨ níos mó ná 15 % ⇦ ~~i bhfad~~ faoi bhun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, ⇨ cuirfidh an Ballstát lena mbaineann san áireamh sa tuarascáil ⇦ ~~tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann údar leis an difríocht sin~~ ~~i scríbhinn~~ chuig an gCoimisiún ~~sa tuarascáil~~ dá dtagraítear i mír 2~~,~~ ~~sa mhéid is nach féidir údar na bearna a thabhairt, cuirfear~~ plean leis ina leagfar amach na bearta iomchuí chun ~~an bhearna sin a laghdú go mór faoin gcéad~~ athbhreithniú ~~eile~~ a dhéanamh ar na ceanglais feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 5~~4~~(1).

4. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a fhoilsiú ar dhul chun cinn na mBallstát i ndáil leis na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a bhaint amach.

---

| 🡻 2018/844 Airteagal 1.3 |
|---|

*Airteagal 7~~6~~*

**Foirgnimh nua**

---

| ⇩ nua |
|---|

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur foirgnimh astaíochtaí nialasacha iad foirgnimh nua ó na dátaí seo a leanas amach, i gcomhréir le hIarscríbhinn III:

(a) amhail ón 1 Eanáir 2027, foirgnimh nua atá áitithe nó faoi úinéireacht na n-údarás poiblí; agus

(b) amhail ón 1 Eanáir 2030, gach foirgneamh nua;

---

| 🡻 2018/844 Airteagal 1.3 (oiriúnaithe) ⇨ nua |
|---|

~~1.~~ ⇨ Go dtí go gcuirfear na ceanglais faoin gcéad fhomhír i bhfeidhm, ⇦ déanfaidh na Ballstáit ~~na bearta is gá chun~~ a áirithiú go bhfuil ⌦ gach ⌫ foirgneamh nua ⇨ nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de ar a laghad agus ⇦ go gcomhlíonann siad na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 5~~5~~.

---

| ⇩ nua |
|---|

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an Acmhainneacht Téite Domhanda (GWP) saolré a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn III agus a nochtadh trí teastas feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh:

(a) amhail ón 1 Eanáir 2027, i gcás gach foirgnimh nua a bhfuil achar urláir úsáideach is mó ná 2000 méadar cearnach acu; agus

(b) amhail ón 1 Eanáir 2030, do gach foirgneamh nua;

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun Iarscríbhinn III a oiriúnú don dul chun cinn agus don nuálaíocht teicneolaíoch, chun uastairseacha feidhmíochta fuinnimh oiriúnaithe a leagan síos in Iarscríbhinn III maidir le foirgnimh athchóirithe agus chun na huastairseacha feidhmíochta fuinnimh a oiriúnú d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha.

4. Tabharfaidh na Ballstáit aghaidh, maidir le foirgnimh nua, ar na saincheisteanna maidir le dálaí sláintiúla aeráide laistigh, oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht ó dhóiteán, rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. Díreoidh na Ballstáit freisin ar aistrithe carbóin a bhaineann le stóráil carbóin i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.3

~~2. Áiritheoidh na Ballstáit, sula gcuirfear tús le tógáil foirgneamh nua ar bith, go ndéanfar féidearthacht theicniúil, comhshaoil agus eacnamaíoch córas malartach ardéifeachtúlachta a chur san áireamh, má tá siad ar fáil.~~

---

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)

*Airteagal 8~~7~~*

**Foirgnimh atá ann cheana**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, an uair a dhéantar athchóiriú mór ar fhoirgnimh, go ndéanfar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh, nó na páirte athchóirithe de, a nuashonrú chun na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 5~~4~~ a mhéid atá sé ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch.

Cuirfear na ceanglais sin i bhfeidhm ar an bhfoirgneamh athchóirithe nó ar an aonad foirgnimh ina iomláine. Sa bhreis air sin nó mar mhalairt air sin, féadfar ceanglais a chur i bhfeidhm maidir leis na codanna d'fhoirgnimh athchóirithe.

2. Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar cuid d'fhoirgnimh ar cuid d'imchlúdach foirgnimh é agus a mbeidh tionchar mór aige ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh, i gcás ina ndéanfar sin a iarfheistiú nó a ionadú, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a mhéid atá sé ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch.

~~Déanfaidh na Ballstáit na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4.~~

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.4
(oiriúnaithe)
⇨ nua

3. Maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, spreagfaidh na Ballstáit córais mhalartacha ardéifeachtúlachta, a mhéid is atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch. Tabharfaidh ⌦ na Ballstáit ⌫~~, agus~~ aghaidh ⌦ , maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, ⌫ ar na saincheisteanna maidir le dálaí sláintiúla aeráide laistigh, ⇨ oiriúnú don athrú aeráide, ⇦ sábháilteacht ó dhóiteán, ~~agus~~

rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach ⇨ , substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas ⇦ .

---

⇩ nua

*Airteagal 9*

**Íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh**

1. Áiritheoidh na Ballstáit na nithe seo a leanas:

(a) go mbainfidh foirgnimh agus aonaid foirgnimh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí amach, ar a dhéanaí

(i) tar éis an 1 Eanáir 2027, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; agus

(ii) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh E;

(b) go mbainfidh foirgnimh neamhchónaithe agus aonaid foirgnimh amach, seachas iad siúd atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, ar a dhéanaí

(i) tar éis an 1 Eanáir 2027, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; agus

(ii) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh E;

(c) go mbainfidh foirgnimh chónaithe agus aonaid foirgnimh amach, ar a dhéanaí

(i) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; agus

(ii) tar éis an 1 Eanáir 2033, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh E;

Ina dtreochlár dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b), bunóidh na Ballstáit amlínte sonracha do na foirgnimh dá dtagraítear sa mhír seo chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach faoin mbliain 2040 agus faoin mbliain 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha,

2. I dteannta na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh arna mbunú de bhun mhír 1, féadfaidh gach Ballstát íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a bhunú chun athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh eile go léir atá ann cheana.

I gcás ina mbunófar iad, déanfar na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a dhearadh i bhfianaise an treochláir náisiúnta agus spriocanna 2030, 2040 agus 2050 atá i bplean athchóirithe foirgneamh an Bhallstáit agus d'fhonn an stoc foirgnimh náisiúnta a athrú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050.

3. I gcomhréir le hAirteagal 15, tacóidh na Ballstáit le comhlíonadh na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh trí gach ceann de na bearta seo a leanas:

(a) bearta airgeadais iomchuí a chur ar fáil, go háirithe iad siúd atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu nó atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE).../.... [athmhúnlú EED];

(b) cúnamh teicniúil a chur ar fáil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail;

(c) scéimeanna maoiniúcháin comhtháite a cheapadh;

(d) bacainní neamheacnamaíocha a bhaint, lena n-áirítear dreasachtaí deighilte; agus

(e) faireachán a dhéanamh ar na tionchair shóisialta, go háirithe ar na cinn is leochailí.

4. I gcás ina ndéantar athchóiriú ar fhoirgneamh chun íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh de bhun Airteagal 5 agus, i gcás mór-athchóirithe, na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh atá ann cheana de bhun Airteagal 8.

5. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm maidir leis na catagóirí foirgneamh seo a leanas:

(a) foirgnimh atá cosanta go hoifigiúil mar chuid de chomhshaol ainmnithe nó toisc go bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta nó stairiúil ag baint leo, sa mhéid go dtiocfadh athrú nach bhféadfaí glacadh leis ar charachtar nó cuma na bhfoirgneamh dá gcloífí leis na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh;

(b) foirgnimh a úsáidtear mar ionaid adhartha agus le haghaidh gníomhaíochtaí reiligiúnacha;

(c) foirgnimh shealadacha a bhfuil am úsáide dhá bhliain nó níos lú, suíomhanna tionsclaíochta, ceardlanna agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe ísealéilimh fuinnimh agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe atá in úsáid ag earnáil atá cumhdaithe faoi chomhaontas earnála náisiúnta maidir le feidhmíocht fuinnimh;

(d) foirgnimh chónaithe a úsáidtear nó a bhfuil sé i gceist iad a úsáid ar feadh tréimhse níos lú ná ceithre mhí in aghaidh na bliana nó, de rogha air sin, ar feadh am úsáide na bliana atá teoranta agus le hídiú fuinnimh réamh-mheasta atá níos lú ná 25 % den mhéid a bheadh mar thoradh ar a úsáid don bhliain ar fad;

(e) foirgnimh leithleacha a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán níos lú ná 50 m2 iontu.

6. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a áirithiú, lena n-áirítear sásraí faireacháin iomchuí agus pionóis i gcomhréir le hAirteagal 31.

*Airteagal 10*

**Pas athchóirithe**

1. Faoin 31 Nollaig 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 29 lena bhforlíontar an Treoir seo trí chomhchreat Eorpach le haghaidh pasanna athchóirithe a bhunú, bunaithe ar na critéir a leagtar amach i mír 2.

2. Faoin 31 Nollaig 2024, tabharfaidh Ballstáit scéim de phasanna athchóirithe isteach bunaithe ar an gcreat comhchoiteann arna bhunú i gcomhréir le mír 1.

3. Comhlíonfaidh an pas athchóirithe na ceanglais seo a leanas:

(a) déanfaidh saineolaí cáilithe deimhnithe é a eisiúint, tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair;

(b) is éard a bheidh ann treochlár athchóirithe lena léireofar sraith céimeanna athchóirithe a bheidh ag tógáil ar a chéile, agus a mbeidh sé de chuspóir leis an foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí;

(c) cuirfear in iúl ann na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo i dtéarmaí coigiltis fuinnimh, coigiltis ar bhillí fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla chomh maith le sochair níos leithne a bhaineann le sláinte agus compord agus acmhainn oiriúnaitheach fheabhsaithe an fhoirgnimh i leith an athraithe aeráide; agus

(d) beidh faisnéis ann faoi thacaíocht airgeadais agus theicniúil a d'fhéadfadh a bheith ann.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 11~~8~~*

**Córais theicniúla foirgneamh~~, electromobility and smart readiness indicator~~**

1. Déanfaidh na Ballstáit, chun barrfheabhsú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na gcóras teicniúil foirgneamh, ceanglais chórais a leagan síos maidir le feidhmíocht fuinnimh fhoriomlán, suiteáil cheart agus toisiú, coigeartú agus rialú iomchuí na gcóras teicniúil atá suiteáilte ⇨ i bhfoirgnimh nua nó ⇦ i bhfoirgnimh atá ann cheana. ~~Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais chórais seo a chur i bhfeidhm maidir le foirgnimh nua freisin.~~ ⇨ Agus na ceanglais á mbunú, cuirfidh na Ballstáit san áireamh dálaí deartha agus gnáthdhálaí oibriúcháin nó meánchoinníollacha oibriúcháin. ⇦

Socrófar ceanglais chórais do chórais theicniúla foirgneamh, ar córais nua agus córais athsholáthair iad, agus d'uasghrádú na gcóras teicniúil foirgneamh sin, agus déanfar na ceanglais sin a chur i bhfeidhm a mhéid atá sé sin indéanta go teicniúil, go heacnamaíoch agus go feidhmiúil.

---

⇩ nua

Féadfaidh na Ballstáit ceanglais a leagan síos a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa de chuid gineadóirí teasa nó leis an gcineál breosla a úsáideann gineadóirí teasa ar choinníoll nach mbeidh na ceanglais sin ina mbacainn gan údar ar an margadh.

Áiritheoidh na Ballstáit go sroichfidh na ceanglais a leagann siad síos le haghaidh córais theicniúla foirgneamh na leibhéil is fearr agus is déanaí costais ar a laghad.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5

2. Ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh foirgnimh nua, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, feistithe le feistí féinrialaithe chun teocht na seomraí a rialáil ar leithligh nó i gcás ina bhfuil bonn cirt leis, i limistéar ainmnithe téite den aonad foirgnimh. I bhfoirgnimh atá ann faoi láthair, ceanglófar suiteáil feistí féinrialaithe i gcás ina ndéantar gineadóirí teasa a athsholáthar, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch.

⇩ nua

3. Ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh foirgnimh astaíochtaí nialasacha feistithe le feistí tomhais agus rialaithe chun faireachán agus rialáil a dhéanamh ar cháilíocht an aeir laistigh. I bhfoirgnimh atá ann cheana, beidh gá na feistí sin a shuiteáil, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, i gcás ina ndéantar athchóiriú mór ar fhoirgneamh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a dhéanfar córas teicniúil foirgnimh a shuiteáil, go ndéanfar measúnú ar fheidhmíocht fuinnimh fhoriomlán na coda athraithe agus, i gcás inarb ábhartha, an chórais athraithe ina iomláine. Déanfar na torthaí a dhoiciméadú agus a chur chuig úinéir an fhoirgnimh, ionas go mbeidh siad ar fáil i gcónaí agus gur féidir iad a úsáid le haghaidh fíorú ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas a leagtar síos de bhun mhír 1 agus cheist na dteastas feidhmíochta fuinnimh.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 12*

**⌦ Bonneagar le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe ⌫**

12. Maidir le foirgnimh neamh-chónaithe nua agus foirgnimh neamh-chónaithe a bhfuil athchóirithe móra á ndéanamh ina leith, agus níos mó ná ~~deich~~ ⇨ cúig ⇦ spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil ~~de réir bhrí Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle~~[57];

---

⇩ nua

(b) go ndéanfar réamhcháblú a shuiteáil le haghaidh gach spáis páirceála chun gur féidir pointí athluchtaithe d’fheithiclí leictreacha a shuiteáil ag céim níos déanaí; agus

(c) spás páirceála rothar amháin ar a laghad le haghaidh gach spáis páirceála cairr;

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)

~~agus bonneagar duchtála, is é sin le rá, seolphíobáin le haghaidh cáblaí leictreacha, a shuiteáil i gceann amháin ar a laghad as gach cúig spás páirceála, ionas gur féidir ag céim níos déanaí pointí athluchtaithe d’fheithiclí leictreacha a shuiteáil~~, i gcás ~~(a) the car park is located inside the building, and, for major renovations, renovation measures include the car park or the electrical infrastructure of the building,; or (b)~~ ina bhfuil an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóirithe móra, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an charrchlóis.

---

[57] ~~Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le húsáid a bhaint as bonneagar breoslaí ionadúla (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).~~

⇩ nua

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhcháblú toise sa chaoi go mbeifear in ann líon na bpointí athluchtaithe a bhfuiltear ag súil leo a úsáid san am céanna.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), maidir le foirgnimh oifige nua agus foirgnimh oifige nua a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, a bhfuil níos mó ná cúig spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil i ngach dhá spás páirceála.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 1 Eanáir 2023 maidir leis an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh beartas tógála an Aontais ar mhaithe le leictrea-shoghluaisteacht a chur chun cinn agus déanfaidh sé bearta a mholadh, i dtaca leis sin.~~

2~~3~~. ⌦ Maidir le ⌫ ~~Leagfaidh na Ballstáit síos na ceanglais le haghaidh líon íosta de phointí athluchtaithe a shuiteáil i leith~~ gach foirgneamh neamh-chónaithe a bhfuil níos mó ná fiche spás páirceála aige, ~~faoin 1 Eanáir 2025~~ ⇨ áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil i ngach deich spás páirceála, agus ar a laghad spás páirceála rothair amháinn do gach spás páirceála gluaisteáin, faoin 1 Eanáir 2027. I gcás foirgnimh atá faoi úinéireacht nó áitithe ag údaráis phoiblí, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh réamhchháblú ann le haghaidh gach dara spás páirceála ar a laghad faoin 1 Eanáir 2033. ⇦

---

⇩ nua

3. Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le líon na spásanna páirceála rothair a choigeartú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 do chatagóirí sonracha foirgneamh neamhchónaithe i gcás ina mbíonn níos lú rothar á n-úsáid mar mhodh iompair de ghnáth.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~4. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan na ceanglais dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 a leagan síos ná a chur i bhfeidhm maidir le foirgnimh atá faoi úinéireacht agus áitithe ag fiontair bheaga agus mheánmhéide de réir mar a shainmhínítear i dTeideal I d'Iarscríbhinn Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún[58].~~

4~~5.~~ Maidir le foirgnimh chónaithe nua agus foirgnimh chónaithe a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh ina leith, agus níos mó ná ~~deich~~ ⇨ trí ⇦ spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit:

---

[58] ~~Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).~~

(a) ~~bonneagar duchtála, is é sin le rá, seolphíobáin le haghaidh cáblaí leictreacha,~~ ⇨ réamhcháblú ⇦ a shuiteáil i ngach spás páirceála ionas gur féidir, ag céim níos déanaí, pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil;, ⇨ agus ⇦

---

⇩ nua

(b) dhá spás páirceála rothar ar a laghad do gach teach.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)

~~i gcás: (a) go bhfuil an carrchlós suite laistigh den fhoirgneamh, agus áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an fhoirgnimh,; nó (b)~~ tá an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóiriú mór, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó an bonneagar leictreach sa charrchlós.

---

⇩ nua

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhcháblú toise sa chaoi go mbeifear in ann na pointí athluchtaithe ar gach aon spás páirceála a úsáid san am céanna. Más rud é, i gcás athchóirithe móra, nach bhfuil sé indéanta dhá spás páirceála rothar a áirithiú le haghaidh gach teaghaise, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an oiread spásanna páirceála rothar is féidir ann de réir mar is iomchuí.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5
⇨ nua

5~~6~~. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan míreanna 1~~2~~, 2~~3~~ agus 4~~5~~ a chur i bhfeidhm ar chatagóirí sonracha foirgnimh i gcás~~: (a) maidir le míreanna 2 agus 5, inar cuireadh iarratais ar chead tógála nó iarratais choibhéiseacha isteach roimh 10 Márta 2021;(b)~~ ina mbeadh bheadh an réamhcháblú ~~bonneagar duchtála~~ ag brath ar chórais leithlisithe bheaga nó sna réigiúin is forimeallaí laistigh de bhrí Airteagal 349 CFAE, dá mbeadh fadhbanna nach beag ann i dtaobh oibriú an chórais áitiúil fuinnimh agus go mbeadh baol ann do chobhsaíocht san eangach áitiúil an mar thoradh air sin;

~~(c) go mbeadh costas na suiteálacha athluchtaithe agus duchtála os cionn 7 % de chostas iomlán athchóiriú mór an fhoirgnimh;~~

~~(d) ina gcumhdaítear foirgneamh poiblí faoi cheanglais inchomparáide de réir thrasuí Threoir 2014/94/AE.~~

---

⇩ nua

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na pointí athluchtaithe dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 4 in ann don luchtú cliste agus, i gcás inarb iomchuí, luchtú déthreoch, agus go n-oibrítear iad bunaithe ar phrótacail agus caighdeáin chumarsáide neamhdhílsithe agus neamh-idirdhealaitheacha, ar bhealach idir-inoibritheach, agus i gcomhréir le haon chaighdeán dlí agus prótacal sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 19(6) agus Airteagal 19(7) de Rialachán (AE).../... [AFIR].

7. Maidir le pointí athluchtaithe nach bhfuil inrochtana go poiblí, spreagfaidh na Ballstáit go ndéanfaidh oibreoirí na bpointí sin iad a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE).../... [AFIR], i gcás inarb infheidhme.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

87. Déanfaidh na Ballstáit foráil le haghaidh beart d'fhonn pointí athluchtaithe a chur ar fáil i bhfoirgnimh nua chónaithe agus neamh-chónaithe agus foirgnimh chónaithe agus neamh-chónaithe atá ann faoi láthair agus ~~aghaidh a thabhairt ar bhacainní rialála~~ ⌦ bacainní rialála a bhaint ⌫, lena n-áirítear i ndáil le nósanna imeachta ceada agus formheasa, gan dochar do dhlí na maoine agus dlí na tionóntachta sna Ballstáit. ⇨ Bainfidh na Ballstáit bacainní ar shuiteáil pointí athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe le spásanna páirceála, go háirithe an gá atá ann toiliú a fháil ón tiarna talún nó ó na comhúinéirí le haghaidh pointe athluchtaithe phríobháideach dá n-úsáid féin. ⇦

---

⇩ nua

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cúnamh teicniúil ar fáil d'úinéirí foirgnimh agus do thionóntaí ar mian leo pointí athluchtaithe a shuiteáil.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

98. ~~Cuirfidh na Ballstáit san áireamh an gá le beartais chomhleanúnacha~~ ⇨ Áiritheoidh na Ballstáit comhleanúnachas beartas ⇦ le haghaidh foirgneamh, soghluaisteacht bhog agus ghlas agus pleanáil uirbeach.

~~9. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a dhéanfar córas teicniúil foirgnimh a shuiteáil, a athsholáthar nó a nuashonrú, go ndéanfar measúnú ar fheidhmíocht fuinnimh fhoriomlán na coda athraithe agus, i gcás inarb ábhartha, an chórais athraithe ina iomláine. Déanfar na torthaí a dhoiciméadú agus a chur chuig úinéir an fhoirgnimh, ionas go mbeidh siad ar fáil i gcónaí agus gur féidir iad a úsáid le haghaidh fíorú ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas a leagtar síos de bhun mhír 1 den Airteagal seo agus cheist na dteastas feidhmíochta fuinnimh. Gan dochar d'Airteagal 12, déanfaidh na Ballstáit cinneadh an mbeidh sé riachtanach deimhniú feidhmíochta fuinnimh nua a eisiúint.~~

*Airteagal 13*

**⌦ Ullmhacht chliste foirgneamh ⌫**

110. Déanfaidh an Coimisiún~~, faoin 31 Nollaig 2019, gníomh~~ ⌦ gníomhartha ⌫ tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 2923~~, lena bhforlíontar an Treoir seo trí chomhscéim roghnach an Aontais a bhunú~~ ⌦ a bhaineann le comhscéim roghnach an Aontais ⌫ chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil. Bunófar an rátáil ar mheasúnú ar chumais foirgnimh nó aonaid foirgnimh a oibríocht a oiriúnú do riachtanais an áititheora agus na heangaí agus a éifeachtúlacht fuinnimh agus a fheidhmíocht fhoriomlán a fheabhsú.

I gcomhréir leis an Iarscríbhinn IV~~Ia~~, déanfaidh comhscéim roghnach an Aontais chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil an méid seo a leanas ⌦ a leagan síos ⌫:

(a) sainmhíniú ar tháscaire ullmhachta cliste ~~a bhunú~~; ~~agus~~

(b) modheolaíocht ~~a bhunú~~ chun é a ríomh.

---

⇩ nua

2. Glacfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025, gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 29, lena gceanglaítear scéim choiteann an Aontais a chur i bhfeidhm chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, d'fhoirgnimh neamhchónaithe a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach acu do chórais i gcomhair téamh nó córais i gcomhair téamh spáis agus aerála os cionn 290 kW.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe)

3~~11~~. Déanfaidh an Coimisiún, f~~aoin 31 Nollaig 2019, agus~~ tar éis dó dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina sainítear na módúlachtaí teicniúla le haghaidh chur chun feidhme éifeachtach na scéime dá dtagraítear i mír 1~~10~~ ~~den Airteagal seo~~, lena n-áirítear amlíne le haghaidh céim thástála neamhcheangailteach ar an leibhéal náisiúnta, agus ina soiléirítear gaol comhlántach na scéime le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 16~~11~~.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30~~26~~(3).

---

⇩ nua

4. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina mbeidh mionsonraí na módúlachtaí teicniúla chun cur i bhfeidhm éifeachtach na scéime dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme i gcás foirgneamh neamhchónaithe a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach acu do chórais téimh nó córais téimh agus aerála chomhcheangailte os cionn 290 kW.

Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3).

*Airteagal 14*

**Malartú sonraí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ag úinéirí foirgnimh, ag tionóntaí agus ag bainisteoirí ar shonraí a gcóras foirgnimh. Arna iarraidh sin dóibh, cuirfear an rochtain nó na sonraí ar fáil do thríú páirtí. Éascóidh na Ballstáit idir-inoibritheacht iomlán seirbhísí agus malartú sonraí laistigh den Aontas i gcomhréir le mír 6.

Chun críche na Treorach seo, áireofar i sonraí na gcóras foirgnimh ar a laghad na sonraí go léir a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh codanna d'fhoirgnimh, feidhmíocht fuinnimh na seirbhísí tógála, uathoibriú agus córais rialaithe foirgnimh, méadair agus pointí luchtaithe le haghaidh r-shoghluaisteacht.

2. Agus na rialacha maidir le bainistiú agus malartú sonraí á leagan síos acu, sonróidh na Ballstáit, nó i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag Ballstát, an t-údarás inniúil atá ainmnithe na rialacha a ghabhann le rochtain ag páirtithe incháilithe ar shonraí na gcóras foirgnimh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le creat dlí an Aontais is infheidhme.

3. Ní ghearrfar aon chostas breise ar úinéir an fhoirgnimh, ar an tionónta ná ar an mbainisteoir as rochtain a fháil ar a gcuid sonraí ná as iarraidh a dhéanamh a gcuid sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí. Beidh na Ballstáit freagrach as muirir ábhartha a shocrú le haghaidh rochtain ar shonraí ag páirtithe incháilithe eile amhail institiúidí airgeadais, comhiomlánóir, soláthróirí fuinnimh, soláthraithe seirbhísí fuinnimh agus Oifigí Staidrimh Náisiúnta nó údaráis náisiúnta eile atá freagrach as staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Déanfaidh na Ballstáit nó, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis inniúla ainmnithe, a áirithiú go mbeidh aon mhuirear a ghearrann eintitis rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí sonraí réasúnach agus cuí-réasúnaithe.

4. Na rialacha maidir le rochtain ar shonraí agus stóráil sonraí chun críocha na Treorach seo, comhlíonfaidh siad dlí ábhartha an Aontais. Próiseáil na sonraí pearsanta arna déanamh faoi chuimsiú na Treorach seo, déanfar í i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59].

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrófar ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha maidir le rochtain ar na sonraí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 30(2).

---

🡻 2010/31/AE

*~~Airteagal 9~~*

**~~Foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de~~**

~~1. Áiritheoidh na Ballstáit na nithe seo a leanas:~~

~~(a) faoin 31 Nollaig 2020, beidh gach foirgneamh nua nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de; agus~~

~~(b) tar éis 31 Nollaig 2018, foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de a bheidh i bhfoirgnimh atá áitithe ag údaráis phoiblí agus a bhfuil úinéireacht acu orthu.~~

~~Ceapfaidh na Ballstáit pleananna náisiúnta chun líon na bhfoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de a mhéadú. Féadfaidh sé go mbeidh spriocanna arna ndealú de réir catagóir na bhfoirgneamh.~~

~~2. Thairis sin agus ag leanúint sampla ceannródaíoch na hearnála poiblí, forbróidh na Ballstáit beartais agus déanfaidh siad bearta amhail spriocanna a shocrú chun spreagadh a thabhairt foirgnimh atá neodrach ó thaobh fuinnimh de a dhéanamh d'fhoirgnimh a ndéanfar athchóiriú, agus cuirfidh siad an méid sin in iúl don Choimisiún ina bpleananna náisiúnta dá dtagraítear i mír 1.~~

~~3. Cuirfear na gnéithe seo a leanas leis na pleananna, inter alia:~~

~~(a) cur i bhfeidhm mionsonraithe an tsainmhínithe ar fhoirgnimh neodracha ó thaobh fuinnimh de ag na Ballstáit sa chleachtas, lena léirítear a ndálaí náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, agus lena n-áirítear táscaire uimhriúil príomhúsáid fuinnimh~~

---

59 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

arna shloinneadh in kWh/$m^2$ in aghaidh na bliana. Féadfar príomhthosca fuinnimh a úsáidfear chun príomhúsáid fuinnimh a chinneadh a bheith bunaithe ar mheánluachanna bliantúla náisiúnta nó réigiúnacha agus féadfaidh sé go gcuirfear san áireamh caighdeáin Eorpacha ábhartha;

(b) spriocanna idirmheánacha chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh nua, faoi 2015, d'fhonn cur chun feidhme mhír 1 a ullmhú;

(c) faisnéis faoi bheartais agus bearta airgeadais nó bearta eile arna nglacadh i gcomhthéacs mhír 1 agus mhír 2 chun foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de, lena n-áirítear sonraí faoi cheanglais agus bearta náisiúnta a bhaineann le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite i bhfoirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu i gcomhthéacs Airteagal 13(4) de Threoir 2009/28/CE agus Airteagal 6 agus Airteagal 7 den Treoir seo.

4. Déanfaidh an Coimisiún na pleananna dá dtagraítear i mír 1, go háirithe leordhóthanacht na mbeart atá beartaithe ag an mBallstát maidir le cuspóirí na Treorach seo. Agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, féadfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise a iarraidh maidir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, mír 2 agus mír 3. Sa chás sin, cuirfidh an Ballstát isteach an fhaisnéis a iarradh nó molfaidh sé leasuithe laistigh de naoi mí arna iarraidh sin don Choimisiún. I ndiaidh na meastóireachta, féadfaidh an Coimisiún, moladh a eisiúint.

---

🡻 2018/1999 Airteagal 53.3

5. Mar chuid dá thuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1999, tuairisceoidh an Coimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle gach ceithre bliana faoin dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le méadú a dhéanamh ar líon na bhfoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh. Ar bhonn na fianaise tuairiscithe sin, i gcás inar gá, déanfaidh an Coimisiún plean gníomhaíochta a fhorbairt agus déanfaidh sé moltaí agus molfaidh sé bearta i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1999 chun líon na bhfoirgneamh sin a mhéadú agus dea-chleachtais a spreagadh maidir le claochlú cost-éifeachtach na bhfoirgneamh atá ann cheana ina bhfoirgnimh atá beagnach neodrach ó thaobh fuinnimh.

---

🡻 2010/31/AE

6. Féadfaidh Ballstáit a chinneadh gan na ceanglais a leagtar amach i bpointe (a) agus pointe (b) de mhír 1 a chur i bhfeidhm i gcásanna sonracha inchosanta ina mbeidh toradh diúltach ar an anailís costais is tairbhe le linn saolré an fhoirgnimh atá i gceist. Cuirfidh an Ballstáit prionsabail na gcóras reachtaíochta ábhartha in iúl don Choimisiún .

*Airteagal 1510*

**Dreasachtaí airgeadais agus bacainní ar an margadh**

1. I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le maoiniú iomchuí agus ionstraimí eile chun an fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus an t-aistriú go dtí foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn, glacfaidh na Ballstáit céimeanna iomchuí chun na hionstraimí sin is ábhartha a chur san áireamh i bhfianaise na ndálaí náisiúnta.

⇩ nua

1. Soláthróidh na Ballstáit maoiniú iomchuí, bearta tacaíochta agus ionstraimí eile trína mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an margadh agus na hinfheistíochtaí is gá a spreagadh in athchóiriú fuinnimh i gcomhréir lena bplean athchóirithe foirgneamh náisiúnta agus d'fhonn a stoc foirgnimh a athrú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050.

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta rialála iomchuí chun deireadh a chur le bacainní neamheacnamaíocha ar athchóiriú foirgneamh. Maidir le foirgnimh a bhfuil níos mó ná aonad foirgnimh amháin iontu, féadfar a áireamh ar na bearta sin ceanglais aontoilíochta a bhaint i struchtúir chomhúinéireachta, nó a cheadú do struchtúir chomhúinéireachta a bheith ina bhfaighteoirí díreacha de thacaíocht airgeadais.

3. Déanfaidh na Ballstáit an úsáid is costéifeachtaí as maoiniú náisiúnta agus as maoiniú atá ar fáil agus atá bunaithe ar leibhéal an Aontais, go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hAeráide, cistí beartais comhtháthaithe, InvestEU, ioncaim cheantála ó thrádáil astaíochtaí de bhun Threoir 2003/87/CE [CTA leasaithe] agus foinsí eile cistithe phoiblí.

4. Chun tacú le cur ag gluaiseacht infheistíochtaí, déanfaidh na Ballstáit cur chun feidhme céimneach an mhaoinithe chumasúcháin agus uirlisí airgeadais a chur chun cinn, amhail iasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus morgáistí le haghaidh athchóiriú foirgneamh, conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh, dreasachtaí fioscacha, scéimeanna ar an gcáin, scéimeanna ar an mbille, cistí ráthaíochta, cistí atá dírithe ar athchóiriú domhain, cistí atá dírithe ar athchóirithe a bhfuil tairseach íosta shuntasach de choigiltis fuinnimh spriocdhírithe agus caighdeáin punainne morgáiste ag baint leo. Treoróidh siad infheistíochtaí i stoc foirgnimh poiblí atá fuinneamhéifeachtúil, i gcomhréir le treoir ó Eurostat maidir le Conarthaí um Fheidhmíocht Fuinnimh a thaifeadadh i gcuntais rialtais.

5. Éascóidh na Ballstáit comhiomlánú tionscadal chun rochtain infheisteoirí a chumasú chomh maith le réitigh phacáistithe do chliaint ionchasacha.

Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí airgeadais táirgí iasachtaithe éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh athchóirithe foirgneamh a thairiscint go forleathan agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh siad infheicthe agus go mbeadh rochtain ag tomhaltóirí orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh bainc agus institiúidí airgeadais eile agus infheisteoirí faisnéis maidir le deiseanna a bheith rannpháirteach sa mhaoiniú maidir le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar saoráidí cúnaimh theicniúil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail, lena ndíreofar ar na gníomhaithe uile atá páirteach in athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear úinéirí baile agus gníomhaithe riaracháin, airgeadais agus eacnamaíocha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide.

7. Cuirfidh na Ballstáit bearta agus maoiniú i bhfeidhm chun oideachas agus oiliúint a chur chun cinn chun a áirithiú go bhfuil líon leordhóthanach oibrithe ann a mbeidh an leibhéal iomchuí scileanna acu a chomhfhreagraíonn do na riachtanais in earnáil na foirgníochta.

🡻 2010/31/AE
⇨ nua

84. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún cuidiú do Bhallstáit, arna iarraidh sin dóibh, chun cláir tacaíochta airgeadais a chur ar bun arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar ⇨

fheidhmíocht ⇦ ~~éifeachtúlacht~~ fuinnimh foirgneamh, foirgnimh atá ann cheana go háirithe, trí thacaíocht a thabhairt do mhalartú dea-chleachtais idir na húdaráis nó comhlachtaí náisiúnta nó réigiúnacha freagracha.

~~The Commission shall collect and disseminate best practices on successful public and private financing schemes and incentives for renovation and other policies and measures as well as information on schemes for the aggregation of small-scale energy renovation projects. Déanfaidh an Coimisiún dea-chleachtais maidir le dreasachtaí airgeadais chun athchóiriú a dhéanamh ó thaobh an tomhaltóra de a aithint agus a scaipeadh agus éagsúlachtaí costéifeachtúlachta idir na Ballstáit á gcur san áireamh.~~

~~5. Chun feabhas a chur ar mhaoiniú a thacaíonn le cur chun feidhme na Treorach seo agus aird chuí a tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta, cuirfidh an Coimisiún anailís ar na nithe seo a leanas i láthair, de rogha faoi 2011:~~

~~(a) éifeachtacht cistí struchtúracha agus creatchlár a úsáideadh chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, i dtithe go háirithe agus oiriúnacht leibhéil na geistí sin agus an méid a úsáideadh go sonrach;~~

~~(b) Éifeachtacht úsáid na gcistí ó BEI agus ó institiúidí airgeadais eile;~~

~~(c) comhordú cistiú an Aontais agus cistí náisiúnta chomh maith le foirmeacha eile tacaíochta a fhéadfaidh a bheith mar uirlisí ghiarála chun infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh agus leordhóthanacht na gcistí sin chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach.~~

~~Ar bhonn na hanailíse sin, agus i gcomhréir leis an gCreat Ilbhliantúil Airgeadais, féadfaidh an Coimisiún, má mheasann sé gur iomchuí sin, moltaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina dhiaidh sin maidir le hionstraimí Eorpacha.~~

---

| 🡻 2018/844 Airteagal 1.6<br>⇨ nua |
|---|

9~~6~~. Nascfaidh na Ballstáit a mbearta airgeadais le haghaidh feabhsúcháin ⇨ feidhmíochta ⇦ ~~éifeachtúlachta~~ fuinnimh in athchóiriú foirgneamh leis an gcoigilt fuinnimh a bheidh mar sprioc nó a bhainfear amach de thoradh an athchóirithe sin, arna chinneadh i gcritéar amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

(a) feidhmíocht fuinnimh an trealaimh nó an ábhair a úsáidfear leis an athchóiriú; sa chás sin, déanfaidh suiteálaí a bhfuil an leibhéal ábhartha deimhniúcháin nó cáilíochta aige an trealamh nó an t-ábhar a úsáidfear san athchóiriú a shuiteáil ⇨ agus comhlíonfaidh sé na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh ⇦ ;

(b) luachanna caighdeánacha chun coigilt fuinnimh i bhfoirgnimh a ríomh;

(c) an feabhas a baineadh amach mar gheall ar an athchóiriú trí theastais feidhmíochta fuinnimh a d'eiseofaí roimh agus i ndiaidh an athchóirithe a chur i gcomparáid lena chéile;

(d) torthaí ó iniúchadh fuinnimh;

(e) torthaí ó mhodh eile atá ábhartha, trédhearcach agus comhréireach ina léirítear an feabhas san fheidhmíocht fuinnimh.

⇩ nua

10. Ón 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí, ní sholáthróidh na Ballstáit aon dreasacht airgeadais chun coirí a shuiteáil ar coirí iad a chumhachtaítear le breoslaí iontaise, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh 2027, i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(h)(i) an tríú fleiscín de Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60] maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61] maidir le pleananna straitéiseacha CBT.

11. Dreasóidh na Ballstáit cláir athchóirithe dhomhain agus cláir inmhéide lena dtugtar aghaidh ar líon mór foirgneamh agus arb é an toradh a bheidh orthu laghdú foriomlán de 30 % ar a laghad den éileamh ar fhuinneamh príomhúil lena mbaineann tacaíocht airgeadais, fhioscach, riaracháin agus theicniúil níos airde.

Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh athchóiriú domhain céimnithe a fhaigheann dreasachtaí airgeadais poiblí na céimeanna atá leagtha amach i bpas athchóirithe.

12. Leis na dreasachtaí airgeadais díreofar mar thosaíocht ar theaghlaigh leochaileacha, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu agus ar dhaoine atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE).../.... [athmhúnlú EED].

13. Agus dreasachtaí airgeadais á soláthar d'úinéirí foirgneamh nó d'úinéirí aonad foirgnimh chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh nó ar aonaid foirgneamh ar cíos, áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh dreasachtaí airgeadais chun tairbhe na n-úinéirí agus na dtionóntaí araon, go háirithe trí thacaíocht cíosa a sholáthar nó trí uasteorainneacha a fhorchur ar mhéaduithe cíosa.

---

🡻 2018/844 Airteagal 1.6

~~6a. Leis na bunachair sonraí le haghaidh teastais feidhmíochta fuinnimh beifear in ann sonraí a bhailiú maidir le tomhaltas fuinnimh na bhfoirgneamh atá cumhdaithe, arna thomhas nó arna ríomh, lena n-áirítear ar a laghad foirgnimh phoiblí ar eisíodh teastas feidhmíochta fuinnimh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12.~~

~~6b. Arna iarraidh, cuirfear ar a laghad sonraí anaithnidithe comhiomlánaithe ar fáil a chomhlíonfaidh ceanglais chosanta sonraí an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta, ar a laghad do na húdaráis phoiblí chun críocha staidrimh agus taighde agus d'úinéir an fhoirgnimh.~~

---

🡻 2010/31/AE
⇨ nua

~~7. Ní choiscfidh forálacha na Treorach sin na Ballstáit ó dhreasachtaí a thabhairt i leith foirgneamh nua, athchóirithe nó gnéithe tógála a sháraíonn na leibhéil chostais is fearr.~~

---

60 Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).

61 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

*Airteagal 16~~11~~*

**Teastais feidhmíochta fuinnimh**

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun chóras le haghaidh deimhniúcháin d'fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun.

Chun gur féidir le húinéirí nó tionóntaí an fhoirgnimh nó an aonaid foirgnimh a fheidhmíocht fuinnimh a chur i gcomparáid agus a mheas, sa teastas feidhmíochta fuinnimh áireofar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh ⇨ a chuirfear in iúl trí tháscaire uimhriúil d'úsáid fuinnimh phríomha in kWh/(m2.y), ⇦ agus luachanna tagartha amhail íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh ⇨ , íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh, ceanglais d'fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de agus d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha ⇦. ~~Is féidir go n-áireofar sa teastas feidhmíochta fuinnimh faisnéis breise amhail ídiú bliantúil fuinnimh maidir le foirgnimh neamhchónaithe agus an céatadán fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san ídiú iomlán fuinnimh.~~

---

⇩ nua

2. Faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí, comhlíonfaidh an teastas feidhmíochta fuinnimh an teimpléad in Iarscríbhinn V. Sonrófar ann aicme feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh ar scála dúnta agus úsáid á baint as litreacha ó A go G amháin. Comhfhreagróidh litir A d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) agus comhfhreagróidh an litir G do 15 % de na foirgnimh is measa feidhmíocht sa stoc náisiúnta foirgneamh tráth a thabharfar isteach an scála. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dáileadh cothrom bandaleithid de tháscairí feidhmíochta fuinnimh ag na haicmí atá fágtha (B go F) i measc na n-aicmí feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh na Ballstáit sainaitheantas coiteann físeach le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh ar a gcríoch féin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht, iontaofacht agus inacmhainneacht na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh siad go n-eiseoidh saineolaithe neamhspleácha deimhnithe feidhmíochta fuinnimh tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair.

---

🡻 2010/31/AE (oiriúnaithe)
⇨ nua

4~~2~~. Áireofar sa teastas feidhmíochta fuinnimh moltaí maidir leis an bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú ⇨ agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla a laghdú ⇦ i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh ar an dóigh is costéifeachtaí, ach amháin ⇨ má tá an foirgneamh nó an t-aonad foirgnimh i gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha tógála astaíochtaí nialasacha cheana féin ⇦ ~~mura bhfuil féidearthacht réasúnta ann go bhféadfar an feabhas sin a bhaint amach i gcomhréir leis na ceanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm~~.

Cuimseofar leis na moltaí sa teastas feidhmíochta fuinnimh na nithe seo a leanas:

